



Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

2016

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



CLÁR ÁBHAIR

1. BROLLACH

➤ FÁILTE AN CHATHAOIRLIGH	6
➤ TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH	8
➤ CÚLRA THIOBRAID ÁRANN - RÁITEAS FÍSE	10
➤ COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN	12
➤ AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ	17

2. GEILLEAGAR LÁIDIR

➤ FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHT	20
➤ TURASÓIREACHT	26
➤ BÓITHRE, IOMPAR SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT	28
➤ PLEANÁIL & FORBAIRT	44

3. CÁILÍOCHT BHEATHA

➤ TITHÍOCHT	52
➤ CUIMSIÚ SÓISIALTA & FORBAIRT POBAIL	58
➤ COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN	66
➤ NA HEALÁÍONA	72
➤ MÚSAEM THIOBRAID ÁRANN	76
➤ OIFIG OIHDREACHTA THIOBRAID ÁRANN	78
➤ SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE	82

4. CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOL

➤ COMHSHAOL	88
➤ SEIRBHÍS DÓITEÁIN & TARRTHÁLA	98
➤ SEIRBHÍSÍ UISCE	100
➤ LAWCO	108
➤ COSAINT SHIBHIALTA	110

5. CEANTAIR BHARDASACHA

➤ CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE	114
➤ CEANTAR BARDASACH CHAISIL-THIOBRAID ÁRANN	120
➤ CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA	142
➤ CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH	152
➤ CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS	160

6. CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA

➤ SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	168
➤ ACMHAINNÍ DAONNA	176
➤ TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE (TF)	180
➤ SPÓIRT AGUS CÚRSAÍ SÓISIALTA	184

7. CÚRSAÍ AIRGEADAIS

➤ AIRGEADAS	188
➤ MÓTARCHÁNACHAS	194
➤ RANNÓG NA GCEADÚNAS	196

8. AGUISÍNÍ

➤ SCEIDEAL DE CHEAPACHÁIN CHOISTE 2014-2019	200
➤ COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH	206
➤ AN STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA	208
➤ STRUCHTÚR FOIRNE	210
➤ TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2015	212
➤ COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR	220
➤ OILIÚINT	221

BROLLACH



- FÁILTE AN CHATHAOIRLIGH
- FÁILTE AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
- CÚLRA THIOBRAID ÁRANN - RÁITEAS FÍSE
- COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN
- AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

RÉAMHFHOCAL CATHAOIRLEACH

A Chairde,

Ar an 24 Meitheamh 2016, bhí sé mar phríbhléid dom bheith tofa mar an 1ú Cathaoirleach mná agus an 3ú Cathaoirleach ó rinneadh cumasc idir Tiobraid Árann Thuaidh agus Theas, chun ionadaíocht a dhéanamh ar Thiobraid Árann mar a gcéad shaoránach.

I rith mo thréimhse san oifig ba í an aidhm ba mhó a bhí agam ná cabhrú leis an gComhairle ár gContae a chur chun cinn agus a thaispeáint dá chuid saoránach féin, d'infheisteoirí féideartha agus do thurasóirí a d'fhéadfadh teacht chuig ár gContae. Sheol muid Plean Turasóireacht Thiobraid Árann, an chéad phlean dá leithéid, arb ionann é agus cloch míle sa mhéid is gurb í an chéad uair riamh gur féidir leis an 'Premier County' é féin a chur chun cinn do thurasóirí mar chontae aontaithe.

Mar chuid de chomórachd 1916, reáchtáladh níos mó ná 95 Thionscadal agus Tionscnamh ar fud an chontae a raibh ina measc tionól Chruinniú na Comhairle Contae i mí Márta i gCloch Shiurdáin mar aitheantas do Chuimhneachán 1916 Thomáis Mhic Dhonncha agus dá réir sin aitheantas a thabhairt dá ról mar dhuine de shínteoirí an fhorógra agus ag an am céanna a ról mar fhile, thírghráthóir, múinteoir agus duine a chuir an Ghaeilge chun cinn.

Lean Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag eagrú roinnt imeachtaí móra i rith na bliana agus ag obair le heagraíochtaí poiblí eile sa Chontae chun an méid atá le tairiscint ag an gContae a thaispeáint.

- AGM agus Féile Peile an FAI a tharla ar fud an chontae i rith mhí Iúil agus os cionn 30 cuairt ar chlubanna agus lá spraoi ar siúl i 5 bhaile;
- Féile Bhealtaine Thiobraid Árann i gcomhpháirt le Leabharlanna Thiobraid Árann ag ceiliúradh cruthaitheachta ag Daoine Breacaosta;
- Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas i mí Meithimh;
- Reáchtáladh Féile Clancy ar an Lá Saoire Bainc i mí Meithimh;
- Reáchtáladh céad Classic Cycle Sheáin Uí Cheallaigh i gCarraig na Siúire;
- Féile Ealaíon Chaisil 2016;
- Reáchtáladh Féile "It's a long way to Tipperary" i dTiobraid Árann ar an 15/16 Iúil
- Reáchtáladh Féile Junction Chluain Meala i rith mhí Iúil

- Féile Chluain Meala, rás rothaíochta 3 lae ar Ghleann na Siúire agus Féile Buscála Chluain Meala i mí Lúnasa 2016

- DesignFest i gCluain Meala i mí Dheireadh Fómhair 2016

I rith mo thréimhse bhí sé de phléisiúr agam Fáilte Cathrach a chur roimh roinnt daoine mór le rá; ba iad

- An tUas. Kevin O'Malley, Ambasadóir SAM Mheiriceá d'Éirinn ar an 2 Meán Fómhair, 2016.
- Cumann Peile na hÉireann agus iad ar cuairt ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar an 28 Iúil agus go háirithe an tUas. John Delaney, POF an FAI agus an tUas. Martin O'Neill, Bainisteoir Fhoireann Sacair na hÉireann;
- Marie O'Toole, Uachtarán Náisiúnta IFA agus Áine Devitt, Uachtarán ICA Thiobraid Árann Theas agus cothrom 75 bliana ó bhunú Chónaidhm ICA Thiobraid Árann Theas á cheiliúradh ar an 12 Deireadh Fómhair, 2016.
- Mr. Yue Xiaoyong, Ambasadóir na Síne d'Éirinn ar an 28 Deireadh Fómhair, 2016.

Freisin bhronn an Chomhairle an onóir ab airde dá cuid thar ceann mhuintir Thiobraid Árann ar bheirt a raibh sí tuillte go maith acu mar aitheantas dá gcuid éachtaí den scoth, ba iad sin ná:

- Tugadh fáiltiú Cathrach do Labhrás Ó Murchú i mBrú Ború, Caiseal ar an 25 Eanáir, 2016 mar aitheantas dá ról i gComhaltas Ceoltóirí Éireann agus i gcur chun cinn Cheol agus Chultúr na hÉireann;
- Tugadh Fáiltiú Cathrach do Michael Mouse Morris sa Tholsel, Fíodh Ard ar an 2 Meitheamh 2016 mar aitheantas dá n-éacht uathúil mar Thraenálaí bhuaiteoirí Grand National Steeplechase na hÉireann agus Shasana i 2016; ba iad sin ná "Rogue Angel" agus "Rule the World";

Aithnítear an focal spórt lenár gContae agus tá an t-ádh linn raidhse clubanna agus foirne éagsúla a bheith againn ar fud an Chontae. Dáta a mhairfidh go deo i mo chuimhne ab ea an 4 Meán Fómhair 2016 toisc gurbh ar an lá stairiúil sin a bhain foirne Sinsir agus Mionúir Thiobraid Árann Craobh Iomána na hÉireann le haghaidh 2016 i bPáirc an Chrócaigh. Ba mhór an príbhléid dom ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle mar Chathaoirleach don teacht abhaile i Staid Semple an oíche dar gcionn nuair a bhí níos mó ná 35,000 dá lucht leanta i láthair chun fáilte abhaile a chur roimh na seaimpíní.

I measc buaicphointí eile ar freastalaíodh orthu i rith na bliana bhí:-

- Oirniú an Easpag Fintan Monahan in Ardeaglais na hInse
- Oscailt oifigiúil Ionad Gníomhachtaíthe Questum i mBaile an Gharráin, Cluain Meala
- Oscailt oifigiúil Choláiste an Chomaraigh i gCarraig na Siúire.
- Reáchtáladh an chéad chomhdháil "Energy in Agriculture" i gColáiste an Ghoirtín i nDeireadh Fómhair 2016, agus í eagraithe ag an gComhairle i gcomhpháirt le Teagasc, agus Tipperary Energy Agency
- Ceiliúradh cothrom 25 bliana ag Ionad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh.
- Searmanais Ghradam Spóirt an Chanónaigh Hayes & Annerville a reáchtáladh i mBaile Mhic Oistín, Tiobraid Árann agus san Óstán Park, Cluain Meala.
- Bronnadh onóra ar John Kerry, Iar-Rúnaí Stáit SAM ag Dámhachtainí Síochána Thiobraid Árann a reáchtáladh in Óstán Aherlow House

Ó thaobh cúrsaí deonacha agus pobail, is mian liom aitheantas a thabhairt do sháirreachtaí gach eagraíochta ar fud an chontae, a gcuireann a gcuid oibre le hobair na Comhairle agus é mar aidhm feabhas a chur ar cháilíocht bheatha do shaoránaigh go léir Thiobraid Árann. Is mian liom ach go háirithe, comhghairdeas a dhéanamh le Cnocán an Éin Fhinn agus an éacht "An Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn i 2016" bainte amach aige agus go deimhin le gach grúpa pobail a bhain amach duaiseanna éagsúla i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus leis na saorálaithe aonair a bhíonn ag obair chomh crua ina gcuid ceantar áitiúil faoi seach. Bhí an-áthas orm ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle i ndámhachtainí "Bailte Slachtmhara an Oirdheiscirt" a reáchtáladh san Óstán Lakeside, Béal an Átha ar an 3 Samhain 2016.

Is mian liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach an tUas. Joe McGrath, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus le foireann go léir Chomhairle Contae Thiobraid Árann as an obair den scoth a rinneadh gach lá ar mhaithe le forbairt an Chontae seo. Freisin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Leaschathaoirleach Louise McLoughlin as a tacaíocht le linn mo thréimhse san oifig agus leis an gComhairleoir Seamus Hanafin agus an Comhairleoir John Fahey a bhí ina Chathaoirleach agus ina Leaschathaoirleach roimhe seo. Gabhaim buíochas freisin le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle as a dtacaíocht agus a gcomhar le linn na tréimhse a chaith mé mar Chathaoirleach.

Sa deireadh, i dtaca liom féin, ba mhaith liom an deis seo a thapú ómós a thabhairt do bheirt iar-Chathaoirleach a d'éag i rith na tréimhse seo; ba iad sin ná an tUas. Colm O'Donnell (Cathair Dúin lascaigh) agus an tUas. Jimmy Hogan (Carraig na Siúire) agus freisin lenár gcomhghleacaí a bhí i mbun oifige, an Comhairleoir Willie Kennedy, nach maireann, a d'imigh uainn ar an 7 Márta 2016 tar éis thimpiste bóthair. Cara buan a bhí i Willie agus bhí ardmheas ag a gcuid comh-Chomhairleoirí go léir air agus aireimid uainn go mór é go deo. Ar dheis Dé go raibh a n-Anamacha Dúlse. Amen.

Mar fhocal scoir, táim ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh ag obair libh amach anseo.

Is Mise le Meas,

An Cmhrl Siobhán Ambrose
Cathaoirleach

TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH JOE MACGRATH

Tá áthas orm ár dtríú Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair in éineacht leis an gCathaoirleach agus muid i lár thréimhse na Comhairle. Sa tuarascáil seo, léifidh tú faoi ghníomhaíochtaí agus dhul chun cinn na stiúrtóireachtaí éagsúla i gComhairle Contae Thiobraid Árann i rith 2016, a bhfuil feabhais mhóra ar bhonneagar bainte amach acu, a choimeád agus a d'fheabhsaigh seirbhísí lár-nacha agus atá chun tosaigh ó thaobh seirbhísí poiblí áitiúla a chur ar fáil.

Ag tús na bliana cuireadh Plean Práinnfhreagartha na Comhairle i ngníomh chun déileáil leis na tuitte troma a tharla ag tús mhí Eanáir. Bhí comhar idirghníomhaireachta le feiceáil go soiléir i rith na heachtra agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil as freagairt agus tiomantas iad siúd a leanas i rith na heachtra; Baill Foirne na Comhairle, Grúpaí Deonacha agus Pobail, Cosaint Shibhialta, na Gardaí, an tArm, Seirbhísí Dóiteáin, FSS, DSP, Cumann na Croise Deirge, River Rescue agus na Meáin Áitiúla.

I rith 2016, d'fhéach an Chomhairle chuig cur níos mó lena ráiteas físe

Mianta againn dár gcuid pobal, éilimh againn orainn féin agus ag obair ar son na cuspóra coitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae."

Le 12 mhí anuas ach go háirithe, tá an Chomhairle gníomhach agus bearta á chur ar aghaidh faoina trí théama straitéiseach mar atá:

1. Geilleagar Láidir,
2. Cáilíocht an Chomhshaoil
3. Cáilíocht Bheatha."

Geilleagar Láidir

- Glacadh le Plean Áitiúil Pobail agus Eacnamaíochta Thiobraid Árann 2015-2020 i mí Eanáir 2016, rud a stiúrfaidh forbairt pobail;
- Glacadh le Plean Straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta Thiobraid Árann 2015-2021 i Márta 2016.
- I mBealtaine 2016 d'fhaomh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Tuaithe, Réigiúnacha agus Gaeltachta Straitéis Forbartha Áitiúla Thiobraid Árann.
- Seoladh an Scéim Dreasachta Gnó um Chontae Thiobraid Árann 2016 agus an Scéim Íocaíochta Luaithe um Rátaí Gnó agus é mar aidhm áitiú ionad gnó a bhí folamh agus íocaíocht luath rátaí a spreagadh.
- Comhchuihbhíú rátaí i gcaitheamh ceithre bliana.
- Críochnaíodh athchóiriú agus méadú ar na hOifigí Ceantair Bhardasaigh/Leabharlaine ar Ascaill an Chaisleáin, Durlas.
- Freisin lean an Chomhairle ar aghaidh ag lorg agus ag gearáil deiseanna maoinithe i rith 2016 tríd na Criosanna Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ), CLAR, an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile, scéimeanna Comh-mhaoinithe an AE agus an Scéim Deontas um Oiriúnú Tí.

Cáilíocht Bheatha

- Measadh gurbh iad Seirbhísí do Chustaiméirí i gComhairle Contae Thiobraid Árann na seirbhísí ab fhearr sa Tír ag Dámhachtainí Chamber Ireland um Feabhas sa Rialtas Áitiúil i mí na Samhna 2016.
- Glacadh le Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann 2016-2020.
- Céim 2 de Shlí an Bhuitléaraigh a chuimsigh forbairt aip, eolaithe fuaime, bróisiúirí aonair bhaile agus cur suas comharthaí sna bailte Cathair Dúin Iascaigh, Cluain Meala agus Carraig na Siúire.
- Glacadh le céad Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann, straitéis don chontae uile.
- Tionscadal Futsal i gcomhpháirt le FAI nuair a chaith rannpháirtithe bliain iomlán i mbun oideachais acadúil agus peile.



I rith 2016, bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann amach feabhais mhóra ar bhonneagar, choimeád agus d'fheabhsaigh siad seirbhísí lár-nacha agus bhí siad chun tosaigh maidir le seirbhísí poiblí áitiúla a chur ar fáil.

Cáilíocht an Chomhshaoil

- I gcomhpháirt le Teagasc, Tipperary Energy Agency agus Coláiste an Ghoirtín, d'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann an chéad ócáid "Energy in Agriculture" i mí Lúnasa 2016 ina bhfacthas cás-staidéir, láithreachais agus taispeántais phraiticiúla faoi teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite.
- Bronnadh an Duais Best Energy Smart ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann i dtaobh Tionscadail Fhótavoltaigh Thiobraid Árann ag gradaim LAMA 2016.
- Bunaíodh Oifig Uisce agus Pobal Údarás Áitiúil (LAWCO) i gCluain Meala i bhFeabhra 2016, a oibríonn mar sheirbhís roinnte lenár gcomhghleacaithe i gComhairle Contae Chill Chainnigh thar ceann gach údarás áitiúil chun comhordú a dhéanamh ar obair údarás áitiúil maidir le cáilíocht uisce.
- Seoladh fearas nua um scuabadh bóthair chun bruscar a bhaint dár mbóithre.
- Roghnaíodh Caiseal mar an gcéad bhaile piolótach in Éirinn chun clár um áit gan dramaíl ar bith a chur i bhfeidhm.
- Scaipeadh 600 crann agus paca bláthanna fiáine chuig scoileanna agus grúpaí pobail éagsúla.
- Leanadh ar aghaidh le clár na Comhairle chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh agus chun a sciár d'fhuinneamh inathnuaite a mhéadú i gcomhréir leis an Straitéis um Athrú Aeráide agus oibreacha iarfheistithe fuinnimh déanta in ocht stáisiún dóiteáin, in aon ionad fóillíochta amháin, in aon oifig chathrach amháin agus aon chóras amháin um shoilse poiblí faoi Chlár SEAL um Pobail Fuinnimh Níos Fearr.
- Aithníodh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann ag na Dámhachtainí Náisiúnta Sábháilteachta 2016 agus an dámhachtain as an "tSeirbhís Phoiblí is fearr" bronnta orthu don dara bliain as a chéile.
- Oscailt Oifigiúil Pháirc Baile Dhurlas ar an 27 Aibreán, 2016.



Is mian liom aitheantas a thabhairt don chomhairle agus treoir luachmhar a thug an Grúpa Beartais Chorporáidigh sa Chomhairle, na cúig Choiste Beartais Straitéisigh agus, go háirithe obair ár gcuig Ceantair Bhardasaigh.

Freisin ba mhaith liom an deis seo a thapú cuimhneamh ar an gComhairleoir Willie Kennedy nach maireann, a cailleadh tar éis thimpiste bóthair ar an 7 Márta 2016 agus comhbhrón a dhéanamh, thar ceann na Comhairle, lena mhuintir, a ghaolta agus a chairde.

Am deacair a bhí ann don fhoireann agus do na Comhairleoirí eile mar go raibh caidreamh speisialta ag Willie leis na baille foirne, agus é ag obair le go leor acu ó toghadh den chéad uair i 1985 é. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Freisin chuir an Chomhairle fáilte roimh bheirt Comhairleoirí nua, a comhthoghadh chun na Comhairle i rith na bliana agus Eddie Moran replacing the late Councillor Willie Kennedy in April 2016 and Cllr. Sean Ryan replacing Cllr. Jackie Cahill as a result of his election to Dáil Éireann, following the General Election in February 2016.

Finally, I wish to express my sincere appreciation for the dedication and enthusiasm of our Cathaoirleach Cllr. Siobhan Ambrose, the Municipal District Cathaoirleach, Cllrs. Phyll Bugler, Andy Moloney, Roger Kennedy, Joe Bourke and Imelda Goldsboro and all of the elected members. Freisin gabhaim buíochas le foireann Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus leis na grúpaí, na hearnálacha, na coistí agus na daoine aonair sa réimse pobail agus deonach a oibríonn linn chun forbairt agus leas phobail agus mhuintir Thiobraid Árann a chur chun cinn.

Joe MacGrath
Príomhfheidhmeannach

Of the 32 counties Tipperary County Council is

11th
largest by
population

159,553
(census April 2016)



The region is part of the central plain of Ireland and is traversed by key arterial routes such as M7, M8, N24 as well as train lines from Dublin to Cork and Limerick and Waterford to Limerick.

M7

M8

N24


6th
largest by
area

4,282km²
(census April 2016)

Tipperary County Council has a very clear aspiration not only to maintain the quality of its services but also to improve them. We will be ambitious for our county and support an environment that will enable more investment and more good quality jobs for local people.

RÁITEAS FÍSE

Tiobraid Árann Le Chéile - Mianta againn dár gcuid pobal, éilimh againn orainn féin agus ag obair ar son na cuspóra coitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae.



COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN


CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE

<p>KIERAN BOURKE FIANNA FÁIL</p> <p>Baile Risteird Bóthar na Creige Carraig na Siúire Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8049772 kieran.bourke@tipperarycoco.ie</p>	<p>DAVID DUNNE SINN FÉIN</p> <p>42 Plásóg na Creige Carraig na Siúire Co Thiobraid Árann</p> <p>086 3476317 david.dunne@tipperarycoco.ie</p>	<p>JOHN FAHEY FINE GAEL</p> <p>Baile an Ghraeigh Cill Náille Thiobraid Árann</p> <p>086 3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie</p>
<p>IMELDA GOLDSBORO FIANNA FÁIL</p> <p>An Chlais Dubh Glaise an Ghuail Durlas Thiobraid Árann</p> <p>087 2444819 imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie</p>	<p>LOUISE McLOUGHLIN FINE GAEL</p> <p>An Garrán Baile an Iúir Durlas Co Thiobraid Árann</p> <p>087 7829711 louise.mcloughlin@tipperarycoco.ie</p>	
<p>EDDIE O MEARA NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>Baile Uí Dhónaill Muileann na hUamhan Durlas Co.Thiobraid Árann Thiobraid Árann</p> <p>087 9243823 eddie.omeara@tipperarycoco.ie</p>		



CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

<p>MARTIN BROWNE SINN FÉIN</p> <p>122 Corrán Ghort an Spá Caiseal Co Thiobraid Árann</p> <p>087 4197578 martin.browne@tipperarycoco.ie</p>	<p>JOHN CROSSE FINE GAEL</p> <p>Crois Dhún Eochaille Dún Eochaille Co Thiobraid Árann</p> <p>087 9165851 john.crosse@tipperarycoco.ie</p>	<p>MICHAEL FITZGERALD FINE GAEL</p> <p>Teach Ráth Cloichín, an Gabhailín Thiobraid Árann</p> <p>087 2292126 michael.fitzgerald@ tipperarycoco.ie</p>
<p>MARY H. HOURIGAN FINE GAEL</p> <p>Teach Parkview Bóthar Thiobraid Árann An Cheapach Co Thiobraid Árann</p> <p>085 8150689 Mary.hanna@tipperarycoco.ie</p>	<p>ROGER KENNEDY FIANNA FÁIL</p> <p>Camas Caiseal Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8161058 roger.kennedy@tipperarycoco.ie</p>	<p>DENIS LEAHY NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>4 Sráid an Dáibhísigh Baile Thiobraid Árann Co Thiobraid Árann</p> <p>087 6796704 denis.leahy@tipperarycoco.ie</p>
<p>TOM WOOD NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>27 An Phríomhshráid Caiseal Co. Thiobraid Árann Thiobraid Árann</p> <p>087 9746545 tom.wood@tipperarycoco.ie</p>		



CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA


<p>SIOBHAN AMBROSE FIANNA FÁIL</p> <p>Dún Mhuire Melview Cluain Meala Co. Thiobraid Árann Tiobraid Árann</p> <p>086 3850242 siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie</p>	<p>MICHAEL ANGLIM FIANNA FÁIL</p> <p>Baile an Locháin Ard Fhionáin Cluain Meala Co Thiobraid Árann</p> <p>086 0251277 michael.anglim@tipperarycoco.ie</p>	<p>CATHERINE CAREY SINN FÉIN</p> <p>Bóthar an tSléibhe Cluain Meala Co Thiobraid Árann</p> <p>085 1012059 catherine.carey@tipperarycoco.ie</p>
<p>PAT ENGLISH WUA</p> <p>Radharc na hEaglaise Ráth Rónáin Cluain MealaCo Thiobraid Árann Co Thiobraid Árann</p> <p>087 768 4746 pat.english@tipperarycoco.ie</p>	<p>MARTIN LONERGAN NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>An Currach Droichead na nGabhar Ard Fhionáin, Co. Thiobraid Árann</p> <p>087 6497083 martin.lonerган@tipperarycoco.ie</p>	<p>RICHIE MOLLOY NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>6 Céide Heywood Ardgaoithe Cluain Meala Co Thiobraid Árann</p> <p>086 1967482 richie.molloy@tipperarycoco.ie</p>
<p>ANDY MOLONEY NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>Cnoc an Chleite Poll na Muice Cluain Meala Co Thiobraid Árann</p> <p>086 3609110 andy.moloney@tipperarycoco.ie</p>	<p>MARIE MURPHY FINE GAEL</p> <p>Coill Bhaite Uí Bhuí An Cloichín Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8261387 marie.murphy@tipperarycoco.ie</p>	
<p>MICHAEL MURPHY FINE GAEL</p> <p>Orpen, 30 The Paddocks Bóthar Fhiodh Ard Cluain Meala, Co Thiobraid Árann</p> <p>087 3226699 michael.murphy@tipperarycoco.ie</p>	 <p>CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA</p>	

CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

<p>FIONA BONFIELD PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE</p> <p>87 Radharc Mulcair An Port Nua Co Thiobraid Árann</p> <p>086 1670863 fiona.bonfield@tipperarycoco.ie</p>	<p>AN DR PHYL BUGLER FINE GAEL</p> <p>Inse Dhraighneach Béal an Átha Co Thiobraid Árann</p> <p>087 2807655 phyll.bugler@tipperarycoco.ie</p>	<p>JOHN CARROLL FIANNA FÁIL</p> <p>Teach Chill Cholmáin An tAonach Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8041893 john.carroll@tipperarycoco.ie</p>
<p>GERARD DARCY FINE GAEL</p> <p>Claise an tSiáin Ard Cróine An tAonach Co Thiobraid Árann</p> <p>086 2752838 gerard.darcy@tipperarycoco.ie</p>	<p>JOE HANNIGAN NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>Cill Bharráin An Chúil Bhán An tAonach Co Thiobraid Árann</p> <p>087 2566157 joe.hannigan@tipperarycoco.ie</p>	<p>HUGHIE MCGRATH NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>19 Céide Brooklands An tAonach Co Thiobraid Árann</p> <p>087 2559323 hughie.mcgrath@tipperarycoco.ie</p>
<p>SEAMUS MORRIS SINN FÉIN</p> <p>Ráth na Lín An tAonach Co Thiobraid Árann</p> <p>087 2859125 seamus.morris@tipperarycoco.ie</p>	<p>MICHAEL O'MEARA NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>Lios Earnáin Rathcabbin Ros Cré Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8379300 michael.omeara@tipperarycoco.ie</p>	
<p>MATTIE RYAN (AN CHÚIL) FIANNA FÁIL</p> <p>Coolecarra Cill Chomáin Durlas Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8038652 mattie.ryan@tipperarycoco.ie</p>	 <p>CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH</p>	

CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS

<p>JOE BOURKE FINE GAEL</p> <p>Cluain Mór An Teampall Mór Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8386376 joe.bourke@tipperarycoco.ie</p>	<p>DAVID DORAN SINN FÉIN</p> <p>An Garrán Rua Durlas Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8901599 david.doran@tipperarycoco.ie</p>	<p>SEAMUS HANAFIN FIANNA FÁIL</p> <p>Cluain Gabhra Durlas Co Thiobraid Árann</p> <p>087 2614000 seamus.hanafin@tipperarycoco.ie</p>
<p>JOHN HOGAN FIANNA FÁIL</p> <p>An Mhaighean Durlas Co Thiobraid Árann</p> <p>086 2314067 john.hogan@tipperarycoco.ie</p>	<p>MICHEL LOWRY NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>An Ráithín Mainistir na Croiche Co Thiobraid Árann</p> <p>087 2897585 michael.lowry@tipperarycoco.ie</p>	<p>EDDIE MORAN NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>Knocka Drom An Teampall Mór Co. Thiobraid Árann</p> <p>086 2484363 eddie.moran@tipperarycoco.ie</p>
<p>JIM RYAN NEAMHPHÁIRTÍ</p> <p>Bóthar an Mhuilinn Durlas Co Thiobraid Árann</p> <p>086 2397376 jim.ryan@tipperarycoco.ie</p>	<p>SEAN RYAN FIANNA FÁIL</p> <p>22 Church View An Baile Beag Durlas Co. Thiobraid Árann</p> <p>087 4581455 seano.ryan@tipperarycoco.ie</p>	
<p>MICHAEL SMITH FIANNA FÁIL</p> <p>An Bheitheach Ghlas Ros Cré Co Thiobraid Árann</p> <p>086 8525634 michael.smith@tipperarycoco.ie</p>		



AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

<p>AN TUAS. JOE MACGRATH PRÍOMHFHEIDHMEANNACH</p>	<p>AN TUAS. MATT SHORTT STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Leas-Príomhfheidhmeannach agus LAWCO</p> <p>Ceantar Bardasach Tarmligthe An Teampall Mór/ Durlas</p> <p>Stiúrthóireacht Cluain Meala</p>	
<p>AN TUAS. KARL CASHEN STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Pleanáil, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála & Leabharlanna</p> <p>Stiúrthóireacht An tAonach</p>	<p>MS. CLARE CURLEY STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Tithíocht</p> <p>Ceantar Bardasach Tarmligthe Caiseal/Tiobraid Árann</p> <p>Stiúrthóireacht Cluain Meala</p>	<p>AN TUAS. SEAN KEATING STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Seirbhísí Uisce, Comhshaol agus Bainistíocht Athraithe</p> <p>Stiúrthóireacht Cluain Meala</p>
<p>AN TUAS. LIAM MCCARTHY STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Airgeadas & Córais Fhaisnéise</p> <p>Stiúrthóireacht An tAonach</p>	<p>AN TUAS. MARCUS O'CONNOR STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Bóithre, Sláinte & Sábháilteacht</p> <p>Ceantar Bardasach Tarmligthe An tAonach</p> <p>Stiúrthóireacht An tAonach</p>	<p>MS. SINEAD CARR STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Forbairt Pobail & Eacnamaíochta</p> <p>Ceantar Bardasach Tarmligthe Cluain Meala</p> <p>Stiúrthóireacht Cluain Meala</p>
<p>AN TUAS. PAT SLATTERY STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Acmhainní Corparáideacha & Daonna</p> <p>Ceantar Bardasach Tarmligthe Carraig na Siúire</p> <p>Stiúrthóireacht Cluain Meala</p>	<p>AN TUAS. GER WALSH OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Seirbhísí Corparáideacha & Riarthóir Cruinnithe</p>	<p>MS. ROSEMARY JOYCE OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH & RÚNAÍ NA FOIRNE BAINISTÍOCHTA</p> <p>Feidhmeanna Stiúrthóireachta Ceantar Bardasach an Aonaigh</p>

GEILLEAGAR LÁIDIR

- FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHT
- TURASÓIREACHT
- BÓITHRE, IOMPAR, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT
- PLEANÁIL & FORBAIRT

Tá ról lárnach ag Comhairle Contae Thiobraid maidir le ceannaireacht láidir a dhéanamh ar chontae Thiobraid Árann. Tá geilleagar éagsúil ag an gContae a chuimsíonn mol leighis-chógaisíochta láidir sa tuaisceart, déantúsaíocht agus a thionscal cáiliúil póraithe capall. Tá an talamh mín den chéad scoth ina thimpeallacht fhoirfe um tháirgeadh bia agus le haghaidh clú méadaithe maidir le bia ceardaí. Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht freisin agus comharthaí talún cáiliúla sa chontae mar Loch Deirgeirt, Caisleán Chathair Dhúin lascaigh agus Swiss Cottage.

FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHT

SRAITH MARGAÍOCHTA CHUN TIOBRAID ÁRANN A CHUR CHUN CINN

Fostaíodh comhlacht as Baile Átha Cliath STRATAGEM tar éis phróiseas r-Thaiisceana san Fhómhar chun Fóireann Ábhar & Cainéal Margaíochta a fhorbairt chun Tiobraid Árann a chur chun cinn mar an Ionad is Fearr um infheistíocht dhíreach eachtrach agus dhúchasach. Ba é i a bhí gceist leis an gcúram ná bróisiúr contae a dhéanamh chomh maith le láithreán gréasáin, fiseán agus 5 bhróisiúr um cheantair bardasacha. Rinneadh an tionscadal a bhainistiú ag Coiste Stiúrtha a bhí déanta suas den IDA, de pháirtithe leasmhara gnó agus eile. Seolfar na hábhair ag tús 2017.

AN CISTE UM PLÉ LEIS AN DIASPÓRA ÁITIÚIL 2016

Faoi ghlaio 2016 um Plé leis an Diaspóra Áitiúil thug Comhairle Contae Thiobraid Árann tacaíocht do chúig ghrúpa pobail chun iarratas a dhéanamh faoin scéim. Ar an dea-uair, d'éirigh leis an gcúig iarratas – Fionnú, Cill Bharráin, Reaching Out Thír Dhá Ghlas, Forbairt Tuaithe Chomhtháite ag Comhlachas Tráchtála Ros Cré (TIRD, Connect Tipperary) ina ndírítear ar Bhaile Thiobraid Árann/ Tiobraid Árann Thiar, Comhlachas Tráchtála Dhurlas agus Carraig na Siúire. I mí Aibreáin thacaigh an Chomhairle le seoladh Thionscadal Connect Ireland Ottawa 2015 Fionnú, Cill Bharráin agus Tír Dhá Ghlas agus Ambasadóir Cheanada an tUas. Kevin Vickers i bhfeighil ar an ócáid. Eagraíodh roinnt cruinnithe líonraithe le haghaidh na nGrúpaí Diaspóra i rith 2016 chun comhar níos fearr agus roinnt dea-chleachtais a chur chun cinn.

REDZ

Cuireadh i bhfeidhm na 4 phlean um Chrios Forbartha Geilleagraí Tuaithe ar fud an chontae i 2016, agus 15 thionscadal aonair i gceist chun an leas ab fhearr a bhaint as an deontas REDZ ar luach €375k a bronnadh ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus chun caiteachas de níos mó ná €500k a ghiniúint. I measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh bhí an Tholsel i bhFíodh Ard, Cumann Fáilte Ghleann Eatharlaí, Seomraí Tae agus Siopa Chomhfhiontar Áth na Cairte, forbairt réimse poiblí ag Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann, Mol Spóirt an Phobail ar Abhainn na Siúire, Clár Work it Out ag CCRC, an Design Fest i gCluain Meala, Ionad Ealaíon an Aonaigh, Clár Spreagtha Bhúiríos Uí Chatháin, agus méid nach beag i dtreo Slí Urumhan an Aonaigh.

Tacaí Miondíola:

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag tacú go gníomhach leis an tionscal miondíola ar bhealach ina ndéantar freastal ar riachtanais aitheanta na hearnála seo. Chuimsigh sé sin ach go háirithe fóraim mhiondíola um láir bhaile i 6 cinn de na 9 bpríomhbhaile anuas go dtí seo agus cabhrú leo na gníomhartha a chur i bhfeidhm a aithníodh do gach baile sa Phlean Lár Baile a forbraíodh i 2015. Tá teacht ar chistí um margaíocht agus fógraíocht chuí ar fáil do gach ceann de na grúpaí fóraim sin um lár baile. Cuireadh fáilte mhór roimh thionscnamh scéime péintéireachta i ngach ceann de na 9 mbaile agus tá ag éirí go maith, ach go háirithe, le Clár um Thacaíocht Mhiondíola don Nollaig trínar féidir le pobail a bhfuil baint acu le láir bhaile/sráidbhaile ar fud an Chontae leas a bhaint as cistí chun tacú le féilte Nollag a dhéanfadh gnó a tharraingt chun a gcuid ceantar agus a choimeád iontu. Chuimsigh tacaí ón gComhairle freisin tacaíocht ó thaobh foirne agus airgeadais d'fhéilte a bhfuil sé mar chuspóir acu líon na gcúairteoirí ar láir bhaile a mhéadú.

Ó thaobh beartais tá an Scéim Dreasachta Gnó don chontae uile ar glacadh leis le déanaí i bhfeidhm anois ar fud an chontae go léir agus cúnaimh deontais á chur ar fáil aige do ghnóthais mhiondíola nua atá á mbunú i lár an bhaile. Tá pacáiste de thacaí boga maidir le margaíocht; pleanáil ghnó; meantóireacht; na meáin sóisialta etc. ar fáil anois do cheann ar bith de na gnóthais mhiondíola i dteannta le teacht ar "dhearbháin um thrádáil ar líne" a chuirtear ar fáil tríd an oifig OFÁ.

Freisin leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le lár baile dinimiciúil a chur chun cinn go leanúnach trí thionscnaimh um feabhsú cathrach ar nós na n-oibreacha a rinneadh ar Chlós Súgartha Pháirc Bhaile Dhurlas; críochnú oibreacha ar Shráid Parnell i gCluain Meala agus an tSlí Ghorm; agus feabhsúcháin chathrach sa Teampall Mór, an tAonach. Baile Thiobraid Árann agus Ros Cré. Leantar ar aghaidh ag cur chun cinn beart um forbairt bonneagair le haghaidh gach baile agus de réir mar a bheidh maoiniú ar fáil, cuirfear i bhfeidhm iad.

FORBAIRT GNÓ / MARGAIDH

Mianach an Lisín:

Agus iad ag obair i dteannta leis an tascfhórsa, d'fhorbair lucht an rannóg forbartha gnó i bPobal & Fiontar plean comhordaithe chun forbairt a dhéanamh ar choincheap Champas Náisiúnta Bithgeilleagair ó ionad Lisín áit ar tháinig deireadh le táirgeadh i mí na Samhna 2015. Leanfar ar aghaidh leis an bplean dúnta don láithreán go dtí deireadh 2017. Bunaíodh Cumann Bithgeilleagair na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2016 agus i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann, rinneadh iarratas rathúil ar REDZ um staidéar indéantachta ar fhorbairt áiseanna ar scála píolótach chun freastal ar fhréamhshamhaltú agus réamhthráchtáil táirgí ó na sruthanna seo a leanas: talmhaíocht, bia, mara, foraoiseacht agus dramhaíl orgánach.

PÁIRCEANNA GNÓ

Baile an Gharráin:

I dteannta leis an earnáil phleanála, ullmhaíodh dréacht-mháistirphlean don ionad i rith 2016, agus an gabháltas á roinnt i limistéir sainithe a bheadh oiriúnach d'earnálacha tionscail éagsúla. Freisin rinneadh freastal ar roinnt turas ag an ionad seo i rith na bliana

Questum:

Trí hoibriú as lámh a chéile le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus leis na gnóthais atá lonnaithe i Questum (Eirechrom, Oneboxvision, Comitass and Anu Pictures), baineadh amach méadú ar áitíocht i rith 2016 agus cuireadh comhlachtaí ar a n-eolas faoi roghanna éagsúla um eagraíochtaí ceathrú leibhéal agus chlár.

Tá obair ar siúl le páirceanna gnó eile sa chontae a bhfuil leas ag an gComhairle iontu a bhfuil ina measc Páirc Forbartha Gnó Chluain Meala; Ionad Fiontair an Dronáin; Ionad Fiontair Bhaile an Gharráin; Ionad Bia Chrois na Rae agus Páirc Teicneolaíochta Thiobraid Árann i mBaile Thiobraid Árann.

Leanadh ar aghaidh le tacaí Caidrimh Ghnó do roinnt cuideachtaí i rith 2016 agus tionscnamh suntasach ab ea Premier Green Energy i nDurlas agus cabhair le roinnt toiscaireachtaí ón tSín i rith na bliana, lena áiríodh cuairt ag an Ambasadóir an Dr Yue Xiayong i nDeireadh Fómhair.

GNÍOMHAÍOCHT FIONTAIR

Gníomhaíonn na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFAnna) mar “Ionad Ilfhreastail’ do dhuine ar bith atá ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le gnó a thosú nó a mhéadú. Tacaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil le gnóthais nua agus oibríonn lucht na hOifige le méadú a dhéanamh ar acmhainn micreaghnothas agus gnóthas beag nua agus atá ann cheana féin ó thaobh poist a chruthú trí mheán eolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus deontais a chur ar fáil.

Tháinig OFÁ Thiobraid Árann sa chéad áit sa tír i 2016 le haghaidh roinnt Tionscnamh um Forbairt Fiontair agus Cumas a cuireadh ar fáil i 2016 agus 158 tionscnamh ar siúl acu agus tháinig an Oifig sa dara háit sa tír ó thaobh deontas a íocadh. Le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2016, d’fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil 45 bheart gnó agus d’fhaomh siad cúnamh deontais den tsuim €701,921 dhéanfaidh gearáil ar infheistíocht chaipitiúil de níos mó ná €2.659m. I measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh bhí 15 ghnó nuathionscanta, 16 mhéadú gnó agus 7 staidéar indéantachta agus cruthófar 95 post nua sa chontae mar gheall orthu i gcaitheamh na 2-3 bliana amach romhainn. Nuair a dhearnadh suirbhé ar chomhlachtaí punainne an OFÁ ag deireadh na bliana seo caite tarraingíodh aird ar ghlanmhéadú ar an leibhéal fostaíochta a bhí ann an bhliain roimhe; ba ionann an méadú sin agus 119 post.

I measc na dtacaí eile a chuireann an OFÁ ar fáil tá oiliúint, cúrsaí forbartha bainistíochta, meantóireacht etc. Freisin bhain comhlachtaí leas as deontais um measúnú margaidh, thaispeántais, oiliúint agus eile. Dearadh cláir thiomanta agus cuireadh ar fáil iad do spriocghrúpaí tacaithe ar nós bia, déanamh cruaiche, mná sa ghnó, TFC, fiontrithe óga etc.

Cur Chun Cinn na Fiontraíochta:

I mí Mhárta réachtáladh dara “Seachtain Fiontraíochta” an Chontae a chuimsigh sraith imeachtaí a ceapadh chun forbairt ghnó a chur chun cinn agus fiontraíocht a spreagadh agus d’fhreastail beagnach 300 duine ar na himeachtaí éagsúla. Le linn Sheachtain na Fiontraíochta réachtáladh imeacht “Cé Leo ar Cheart Dom Labhairt” i nDurlas, Ceardlann ar Fhiontraíocht Shóisialta i mBaile Thiobraid Árann, Ceardlann ar Sholáthar i nDurlas, seimineár Kick Start Your Digital Animation Studio a réachtáladh i gCluain Meala chomh maith le cur i láthair ar EEN (Enterprise Europe Network) a réachtáladh ag an Horse & Jockey.



Ag an bhFóram Ceardaíochta i gCathair Dúin-Iascaigh; Celine Cummins, Comhairleoir Dearaidh, Emer Ferran, Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann, Kathleen Prendergast, Oifigeach Forbartha Eacnamaíochta CCTÁ, Deirdre Enright, Fruition agus Jane Ryan Design



Tháinig OFA Thiobraid Árann sa chéad áit sa tír i 2016 le haghaidh roinnt Tionscnamh um Forbairt Fiontair agus Cumas a cuireadh ar fáil i 2016 agus 158 tionscnamh ar siúl acu agus tháinig an Oifig sa dara háit sa tír ó thaobh deontas a íocadh.



Andy agus Anne Marie Spillane, Savvy Kitchens a bhuaigh an Babhta Ceannais Contae de Dhámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta 2016

Ag Dámhachtainí Fiontraíochta an Chontae a réachtáladh i mBrú Ború, ba iad an comhlacht as Caiseal agus Buiríos Ó Luigheach a bhí ina mbuaiteoir foriomlán agus chuaigh siad ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gcontae ag an mbabhta ceannais Náisiúnta a réachtáladh i Staid Aviva i mí Meithimh.

Ba iad Coláiste Pobail Ros Cré agus Scoil Mhuire an Teampall Mór a bhain na duaiseanna ba mhó i nDámhachtainí Fiontraíochta Daltaí Thiobraid Árann a bhí ar siúl i LIT Dhurlas i Márta. Ina dhiaidh sin, chuaigh an dá scoil a bhí ina mbuaiteoirí ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gContae i dtrí chatagóir ag na Babhtaí Ceannais Náisiúnta a réachtáladh i bPáirc an Chrócaigh ar an 20 Aibreán. Sa chomórtas náisiúnta, bhain Coláiste Pobail Ros Cré dámhachtain molta speisialta sa chatagóir shinsearach agus bhain Scoil Mhuire an Teampall Mór Dámhachtain Nuálaíochta sa chatagóir Shóisearach.

Ó linn de 47 n-iontrálaí agus 16 iontrálaí a ghlac páirt sa dianchampa, fógraíodh cérbh iad na fiontrithe óga ab fhearr i dThiobraid Árann i mí na Nollag. Tá ciste infheistíochta €2 milliún ag gabháil leis an gcomórtas An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn (AFÓFÉ) agus ritear é ag 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) agus tacaíocht aige ón Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta agus Fiontraíocht Éireann. Ba í an “fiontraí óg ab fhearr” ar an iomlán don chontae i 2016 ná Jennifer Nickerson ó Tipperary Boutique Distillery Ltd i gCathair Dúin Iascaigh. Bhí an bua ag Jennifer freisin sa chatagóir don Ghnóthas Nua is Fearr agus ciste infheistíochta ar luach €15,000 ó OFÁ Thiobraid Árann ag gabháil léi.

Dearbháin Trádála ar Líne & Tacaí Airgeadais:

Bronnadh 34 Dhearbhán um Thrádáil ar Líne ar luach €70,369 san iomlán i 2016 ar mheascán de ghnóthais a raibh ina measc gnóthais mhiondíola, seirbhíse, turasóireachta agus déantúsaíochta. Réachtáladh naoi seisiún meantóireachta ar ghlac 45 rannpháirtí páirt iontu i rith na bliana agus leanann an OFÁ ar aghaidh á gcur chun cinn don earnáil mhiondíola sa chontae.

Oibríonn an OFÁ i ndlúthpháirt le Microfinance Ireland chun iasachtaí ar luach idir €2-25k a fháil do thionscnóirí gnó nach gcomhlíonann critéir iasachta na mbanc. I 2016, chuir an Oifig Fiontair Áitiúil 32 iarrthóir ar aghaidh le haghaidh iasachtaí Microfinance agus d'éirigh le 16 hiarratas maoiniú iasachta ar luach €223,900 san iomlán a fháil agus cuirfear 35 phost nua sa gheilleagar áitiúil leis na tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh.

Iarratais ar Ghlaio Lomaíoch:

Bhí Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann i gceannas ar 6 hiarratas faoi na glaonna lomaíochta de chuid na gCistí Fiontair Réigiúnacha i 2015 agus i Meitheamh 2016 fuair siad dearbhú gur fhaomh Fiontraíocht Éireann maoiniú de €192,740 le go bhféadfaí trí cinn de na tionscnaimh a chur i bhfeidhm sa Deisceart & san Oirthear a raibh ina measc Braisle Onnmhairí Bia, trína mbainfeadh leas as acmhainn na hAgraiteicneolaíochta agus Siompóisiam i gceist leis agus Conair Cluichíochta Digití a bhunú chun Cluain Meala agus Durlas a nascadh lena chéile. Freisin glacfaidh Thiobraid Árann páirt in dá thionscnamh réigiúnach eile ar nós Conaire Cruthaithí faoi stiúir Chill Mhantáin agus Clár na Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin / Take Off agus Loch Garman á stiúradh.



Tacaí Bia:

Glacadh le Straitéis Bia Thiobraid Árann 2015 - 2021 sa bhliain 2015 ann agus cuirtear treochlár ar fáil ann chun an earnáil bia i dThiobraid Árann a fhás agus a fhorbairt.

Tá an ráiteas fise sin tacaithe ag trí shraith lárnach:

- Tacú le Táirgeoirí Bia i dThiobraid Árann
- Branda Bia Thiobraid Árann a Fhorbairt
- An t-Éiceachóras Bia i dThiobraid Árann a fhorbairt

**Príomhghníomhartha a baineadh amach i 2016 maidir leis na trí shnáithe sin:**

- Reáchtáladh an phríomhimeacht in Aibreán 2016 "Great Taste Comes to Tipperary" – thaisteal 77 léirmheastóir bia as Éirinn & an RA go Thiobraid Árann don bhabhta Éireannach de na Dámhachtainí Great Taste - chlúdaigh Nationwide RTÉ é.
- Bricfeasta Thiobraid Árann i Londain – D'óstaigh Ambasáid na hÉireann bricfeasta Thiobraid Árann i Meán Fómhair ar ar fhreastail ceannaitheoirí bia as an RA agus Táirgeoirí Bia as Thiobraid Árann. Ba iad na príomhchainteoirí ná Ewan Venters, POF Fortnum & Mason agus Ambasadóir na hÉireann – An tUas. Daniel Mulhall
- Forbraíodh comhthaispeántas bia mar chuid de Tholsel chun an chaoi ar forbraíodh bia an Chontae a fhorbairt.
- Thug LIT staidéar píolótach chun críche chun Marc Cothaithe Thiobraid Árann a fhorbairt.
- Ghlac Fiontraíocht Éireann le hiarratas ar 50% de mhaoiniú chun staidéar indéantachta a dhéanamh ar an Ionad Feabhais Bia
- Fuarthas maoiniú chun cabhrú le Tionscnamh Onnmhairithe Bia Oirthuaiscirt chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí micreabha seanbhunaithe. Bronnadh an maoiniú ar Thiobraid Árann faoi Chiste Iomaíoch an PFÁ 2015-2017.
- Cuireadh raon clár oiliúna ar fáil ar fud an chontae chun tacú leis an earnáil a raibh ina measc: Clár chun Do Ghnóthas Bia Féin a Bhunú, Clínic Lipéadaithe, Príomhshláinteachas, HACCP agus Clár Acadamh Bia.

**Tionscadail Turasóireachta Agraibhia agus Mara:**

Bronnadh maoiniú ar luach iomlán €35,629 (gan CBL san áireamh) ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh Tionscadal um Thurasóireacht Agraibhia i Samhain 2016 agus é dírithe ar thionscnamh nua dar teideal Experience A Taste of Tipperary...from Castle to Castle a chlúdóidh 4 cheantar ar fud 3 Cheantair Bhardasaigh a raibh ina measc Ros Cré, Cathair Dúin lascaigh, an tAonach agus Loch Deirgeirt. D'fhaomhadh an deontas ag ráta 65% gan CBL san áireamh agus táthar ag brath ar phobail áitiúla chun gnéithe éagsúla an tionscadail a chur i gcrích.



Is í an fhís ná "Thiobraid Árann a bhunú mar chliabhán cothaithe an bhia ar fud an domhain trí heitic, ionracas agus feabhas ár gcuid táirgeoirí".

TURASÓIREACHT


 **300,000**
CUAIRTEOIR

Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht i ngeilleagar Thiobraid Árann agus níos mó ná 300,000 cuairteoir as Éirinn agus gach cearn den domhan ag caitheamh beagnach €90 milliún sa chontae gach bliain.

Déanann an oifig turasóireachta comhordú ar ról na Comhairle, i margaíocht na turasóireachta, fógraíocht agus forbairt táirgí ar fud an Chontae. Cuimsíonn sé sin tacaíocht a thabhairt do Chuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann, don Ghrúpa Straitéise Margaíochta um Loch Deirgeirt agus do Ghleannta Mumhan. Oibríonn an oifig turasóireachta leis na rannpháirtithe lárnacha a bhfuil ról acu sa turasóireacht agus é mar aidhm na tairbhí go léir is féidir a bhaint amach don chontae, cuimsíonn sé sin oibriú le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann ar an mbranda nua um Shean-Oirthear na hÉireann agus an branda Locha.

Plean Straitéiseach Thiobraid Árann um Margaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scríbe 2016–2021

Le déanaí d'fhorbair Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann Plean Straitéiseach um Margaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scríbe do Chontae Thiobraid Árann 2016 – 2021. Sa phlean sin don chontae uile leagtar amach moladh úrnua do Thiobraid Árann. Is í aidhm an Phlean, atá dírithe ar ghníomhartha ná fás a spreagadh agus a chumasú do Thiobraid Árann. I dteannta a chéile is féidir linn Thiobraid Árann a chur chun cinn mar an áit saoire intíre is fearr laistigh de na 3 háit saoire is fearr i Sean-Oirthear na hÉireann. Tá an fhís um Destination Tipperary leagtha amach thíos:

 **Lár na hÉireann nach bhfuil eolas faoi go fóill - ina bhfuil raidhse eispéireas florúil atá le nochtadh fós agus atá fréamhaithe in áit atá níos sine fiú ná na fairgnimh stairiúla atá ann fós, ach atá ag teacht go hiomlán le domhan an lae inniu.**

GLEANNTA MUMHAN



Is áit turasóireachta é Gleannta Mumhan a bhfuil tábhacht ag baint léi in Éirinn agus thar lear araon agus í ag cuimsiú na sliabhraonta Sléibhte an Chomaraigh, Sléibhte Chnoc Mhao-ldomhnaigh, na Gaibhlte, Bealach Eabhra agus Sliabh an Nóglaigh. Tar éis gur tugadh chun críche Plean Margaíochta le déanaí tá coincheap Ghleannta Mumhan réidh anois um thuilleadh forbartha a chuireadh; margaíocht, tionscnaimh, gníomhaíocht meán sóisialta, forbairt táirgí agus oiliúint ar bhealach a d'fhéadfadh go mbeifadh muintir na háite tairbhí socheacnamaíocha móra as agus eispéireas feabhsaithe fíorúil a chur ar fáil do chuairoteoirí, agus tuiscint agus meas á léiriú ar an timpeallacht nádúrtha agus thógtha ag an am céanna. Is í aidhm Ghleannta Mumhan ná go measfaí í mar an tairiscint ab fhearr ó thaobh gníomhaíochtaí amuigh faoin aer i Sean-Oirthear na hÉireann.

SLÍ AN BHUITLÉARAIGH



Tugadh chun críche Céim 2 de Shlí an Bhuitléaraigh i 2016, a chuimsigh forbairt Aip, Eolaithe Fuaimne, bróisiúir aonair bhaile agus cur suas comharthaí sna bailte Cathair Dúin Lascaigh,

Cluain Meala agus Carraig na Siúire. Ba é Fáilte Éireann a mhaoinigh an tionscadal sin mar chuid dá chéad bhabhta maoinithe Shean-Oirthear na hÉireann agus tacaíocht aige ó Thurasóireacht Thiobraid Árann.

THOLSEL

Chuathas ar aghaidh le hobair, i gcomhar leis an bpobal áitiúil agus le tabhartóir áitiúil mór chun tionscadal Tholsel a thabhairt chun críche i 2016 in am agus i gcomhréir leis an mbuiséad. Cabhraíodh leis sin trí Dheontas ó Fháilte Éireann chun dara hurlár an fhoirgnimh a fhorbairt. Ina theannta sin, baineadh úsáid as cistí REDZ chun cabhrú leis na seirbhísí gairmiúla agus le maoriseacht ar an obair a rinneadh ar an tionscadal. Fostaíodh Lucht Bainistíochta Imeachtaí ag Coolmore chun téama foriomlán an fhoirgnimh a thabhairt le chéile agus chun gnéithe léirmhíneacha / ilmheán an ionad cuairteora a shonrú agus a chur isteach. Meastar go mbeidh an tseirbhís seo ar fáil don phobal ag tús 2017.

GRÚPA MARGAÍOCHTA LOCH DEIRGEIRT



Is é atá i nGrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt ná grúpa seanbhunaithe a chuimsíonn raon leathan d'ionadaithe páirtí leasmhair ó na trí húdaráis áitiúil, Comhairlí

Contae an Chláir, na Gaillimhe agus Thiobraid Árann, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Iascaigh Intíre Éireann, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus gnó na turasóireachta. Leanann an grúpa ar aghaidh ag cur i bhfeidhm spriocanna an Treochláir um Loch Deirgeirt agus Ciste Spreagtha Loch Deirgeirt a bhainistiú.

I measc Príomhghníomhaíochtaí Breise faoin Turasóireacht le haghaidh 2016 bhí:



- Bainistiú agus nuashonrú of www.tipperary.com agus www.discoverloughderg.ie le cabhair ón Rannán TF.
- Tugadh tacaíocht d'fhorbairt na Slí Glaise / Slí Goirme ó Charraig na Siúire go Cluain Meala agus le forbairt Ionad Cuairteoirí Tholsel, Fíodh Ard.
- Riaradh an ciste don Diaspóra Turasóireachta Pobail do 31 fhéile agus imeacht ar fud an Chontae.
- Rinneadh socrú go ndéanfadh soláthraithe turasóireachta freastal ar sheónna tomhaltóra chun Thiobraid Árann a chur chun cinn mar áit saoire.
- Fuarthas maoiniú chun bealaí siúil a fhorbairt agus a chur chun cinn sa Chontae.
- Cuireadh tús le Tairiscintí Taithí a fhorbairt a dhéanfar a fhógairt ar ardáin éagsúla sa bhaile agus thar lear.

BÓITHRE, IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT



Is é Beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil de réir mar a cheadaítear ag pleanáil agus acmhainní.



BALLRAÍOCHT CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH

COMHAIRLEOIRÍ

- An Cmhrlr Roger Kennedy (Cathaoirleach),
- An Cmhrlr Mattie Ryan,
- An Cmhrlr Fiona Bonfield,
- An Cmhrlr Michael Fitzgerald,
- An Cmhrlr Hughie McGrath,
- An Cmhrlr David Doran,
- An Cmhrlr Eddie Moran
- An Cmhrlr Eddie O'Meara

EARNÁLACH/COLÚIN:

Ionadaithe ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

- An tUas. P.J English
- Ms. Angela Hickey

Ionadaí Gnó/Pobail/Turasóireachta:

- An tUas. Seamus Campbell

Talmhaíocht & Feirmeoireacht:

- An tUas. Billy Collins

Tógáil Forbartha:

- An tUas. Martin Healy

BEARTAIS AGUS ÁBHAIR A MEASADH I 2016



Plé faoi cheapadh beartais i leith leacht cuimhneacháin Taobh bóthair

Láithreachais & plé maidir le:


- Tionscadal Píolótach ar Bhearradh fáil
- Speicis ionracha, Knotwood na Seapáine san áireamh
- An Bealach Glas ó Charraig na Siúire go Cluain Meala
- Cuairt ar Oibríochtaí Chlós Innealra na Comhairle i gCluain Meala
- Athbhreithniú ar theorainneacha luais speisialta
- Clár Oibreacha Bóthair

AICMIÚ BÓITHRE CHONTAE THIOBRAID ÁRANN


Fad i gCeantair Bhardasacha	km
Mótarbhealach	119
Príomhbhóthar Náisiúnta	65
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	145
Réigiúnach	903
Príomhbhóithre Áitiúla	1912
Bóithre Áitiúla den Dara Grád	1688
Bóithre Áitiúla den Tríú Grád	990

An tAonach

Náisiúnta




Bóithre Réigiúnacha, Áitiúla agus Bóithre Náisiúnta den Tríú Grád




IOMLÁN
1590km Mótarbhealaí san áireamh
1551km Mótarbhealaí as an áireamh

Caiseal / Tiobraid Árann

Náisiúnta




Bóithre Réigiúnacha, Áitiúla agus Bóithre Náisiúnta den Tríú Grád




IOMLÁN
1012km Mótarbhealaí san áireamh
997km Mótarbhealaí as an áireamh

Cluain Meala

Náisiúnta




Bóithre Réigiúnacha, Áitiúla agus Bóithre Náisiúnta den Tríú Grád




IOMLÁN
1017km Mótarbhealaí san áireamh
992km Mótarbhealaí as an áireamh

Teampall Mór / Durlas

Náisiúnta




Bóithre Réigiúnacha, Áitiúla agus Bóithre Náisiúnta den Tríú Grád




IOMLÁN
1316km Mótarbhealaí san áireamh
1282km Mótarbhealaí as an áireamh

Carraig na Siúire

Náisiúnta



Bóithre Réigiúnacha, Áitiúla agus Bóithre Náisiúnta den Tríú Grád



IOMLÁN
887km Mótarbhealaí san áireamh
881km Mótarbhealaí as an áireamh

IOMLÁN FORIOMLÁN

5822km Mótarbhealaí san áireamh

5703km Mótarbhealaí as an áireamh

PRÍOMHBHEALAÍ NÁISIÚNTA & BEALAÍ NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

Rinneadh oibreacha ar Phríombhealaí Náisiúnta agus ar Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád i rith 2016 mar seo a leanas:

Feabhsúcháin ar Phríombhóithre Náisiúnta

- **N24 Sráid an Dáibhéidigh, Tiobraid Árann Treisiú Cosán:** Tar éis plé chuimsithigh i 2016, d'aontaigh Uisce Éireann tabhairt faoi Chonradh Réamhoibreacha chun píobáin nua a chur in ionad príomhphíobán uisce & píobán luaidhe seirbhíse. Cuirfear conradh um atógáil bóthair & cosán i bhfeidhm agus beidh sé maoinithe ag BIÉ ina dhiaidh sin.
- **N24 Bóthar Cró Neartú Cosán:** Dearadh & fáil Conraitheora i 2015. Tógáilcríochnaithe i 2016.

Feabhsú Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

- **N74 Baile Hoiste Athailiniú:** Réamhdhearadh & Comhchomhairle Phoiblí Chuid 8 críochnaithe - Tuarascáil Chuid 8 ar siúl agus ba cheart go mbeadh sé críochnaithe ag tús 2017. TCC ag feitheamh le faomhadh ó BIÉ chun dul ar aghaidh chuig an gcéim OCÉ.
- **Oibreacha Forleagain Cosáin N62 i gCill Choill Eachra:** Rinneadh Kelly's as Fantán oibreacha i mí na Samhna 2016.



Grianghraf tar éis tógála ar an N62 Oibreacha Forleagain Cosáin i gCill Choill Eachra

- **N65 Carraig an Chomhraic:** Freisin rinneadh staidéar ar thuilte trína socrófar leibhéal riachtanacha an bhóthair agus é críochnaithe le dúnadh bóithre de thoradh tuilte a laghdú sa todhchaí. Beidh gá le measúnú cuí agus seans go mbeidh MTT iomlán mar gheall ar é a bheith gar do Loch Deirgeirt agus Limistéar Caomhantais Speisialta. Táthar ag déanamh dul chun cinn leis an dearadh don scéim seo



N65 Carraig an Chomhraic: Cuid de bhóthar faoi uisce. Tá scéim á dearadh faoi láthair chun é sin a mhaolú.

Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair um Phríombhóithre Náisiúnta

- **N24 Bóthair an Phoill, Carraig na Siúire Oibreacha um Feabhsú Áiseanna Coisithe:** Tá an Réamhdhearadh déanta & reáchtáladh comhchomhairle neamhfhoirmiúil le Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta Scoile. Déanfaidh TII athbhreithniú ar chistiú nuair a bheidh scéim chomhaontaithe i bhfeidhm.
- **N24 Sráid an Dáibhéidigh, Baile Thiobraid Árann, Oibreacha Ceansaithe Tráchtá:** Dearadh/ Cuid 8 tugtha chun críche i 2015. Tar éis plé chuimsithigh i 2016, d'aontaigh Uisce Éireann tabhairt faoi Chonradh Réamhoibreacha chun píobáin nua a chur in ionad príomhphíobán uisce & píobán luaidhe seirbhíse. Cuirfear an conradh um Cheansú Tráchtá i bhfeidhm ina dhiaidh sin agus é le bheith maoinithe ag BIÉ
- **N24 Bóthar an Phoill, Droichead Iarnróid Charraig na Siúire.** I rith 2016, d'aontaigh BIÉ & Iarnród Éireann droichead nua a chur in ionad an chinn a bhí ann cheana féin agus a raibh glanspás srianta de 4.54m ag gabháil leis, agus glanspás caighdeánach de 5.03m ag an droichead nua. Tabharfar na hoibreacha chun críche i bhFeabhra 2017 i rith shos lár téarma na scoileanna.

Scéimeanna Sábháilteachta Bóthair ar Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád

- **N76 -R706 Feabhsú ar Fhad Radhairc an Acomhail ag Stóir Urumhan:** Oibreacha Tógála Críochnaithe i 2016.
- **Acomhal N52-N65 Buiríos Uí Chatháin:** Scéim eatramhach chun infheictheacht a fheabhsú ag an acomhal. Scéim curtha ar sos ar feitheamh deisiúcháin lintéar agus scéim draenála.
- **N52 Baile Bhuiríos Uí Chatháin móide bealach isteach (1.7km):** Cuireadh tús le dearadh i 2016. Tugadh faoi Chuid 8 i 2016 agus tar éis athruithe móra cinneadh athbhreithniú a dhéanamh agus tabhairt faoi Chuid 8 nua i 2017.

Feabhsú Uigeachta ar Phríombhóithre Náisiúnta & Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud na tíre chun friotaíocht dhromchla an bhóthair in aghaidh sleamhnán a fheabhsú agus 3 hionad ar an N76 i Seisceann, Cill Síoláin ina measc.

ACHOIMRE AR LEITHDHÁILTÍ BÓTHAIR A ÍOCADH I 2016

Bóithre Náisiúnta

Feabhsú	€1,632,062
Cothabháil	€1,137,647
Iomlán	€2,769,709

Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Cothabháil Roghnach	€3,906,528
Cothabháil Athchóirithe	€2,421,880
Feabhsú Athchóirithe	€8,604,136
Scéim um Feabhsúcháin Sonracha - Lios Moling	€26,380
Uasghrádú Leatracha	€99,893
Athchóiriú Droichid	€355,745
Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€216,322
Bearradh Fáil Tionscadal Píolótach	€29,151
Aimsir Chrua	€5,334,385
R & Á Fardal Soilse Bealaigh	17,910
Deontas Oilíúna	97,500
Iomlán na Leithdháiltí R&Á 2015	€21,109,830
Leithdháileadh ó Acmhainní Féin	€8,451,256

Rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud na tíre chun friotaíocht dhromchla an bhóthair in aghaidh sleamhnán a fheabhsú.

BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA

Cuimsíonn an chatagóir sin Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Maoiníodh cothabháil agus feabhsú na mbóithre sin i 2016 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt, i dteannta le hacmhainní na Comhairle féin.

Fuair an Chomhairle deontais ar luach €21,109,830 le haghaidh bóithre neamhnáisiúnta.

Baineadh úsáid as an deontas roghnach de €3,906,528 chun cur le hacmhainní dílse na Comhairle um ghnáthchothabháil ar Bóithre Réigiúnacha agus Tuaithe. Ba í leithdháileadh acmhainní dílse na Comhairle ná €8,451,256.

MÓRSCÉIMEANNA CAIPITIÚLA

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus i Transport 21 (2007-2016) leagadh amach an clár infheistíochta don Bhoneagar Náisiúnta Bóithre. Mar gheall ar na teorannacha reatha le cistiú, déanfar infheistíocht i gcaitheamh tréimhse níos fada ná mar a bhí beartaithe sna Pleananna sin. Tá achoimre tugtha thíos ar an seasamh reatha maidir le mórthionscadail.

MÓRSCÉIMEANNA UM FEABHSÚ BÓITHRE

N24 An Chonair Thiar – Port Láirge go Luimneach Tá an obair go léir ar an scéim sin ar fud Chontae Thiobraid Árann curtha ar fionraí ag Transport Infrastructure Ireland faoi láthair (TII). Aontaíodh ar leibhéal na Comhairle go n-iarrfaí ar Údarás Áitiúla in aice i dteannta a chéile chun níos mó fuinnimh a chur inti.



Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus i Transport 21 (2007-2016) leagadh amach an clár infheistíochta don Bhoneagar Náisiúnta Bóithre.

TIONSCADAIL UM BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA STRAITÉISEACHA

Bóthar Faoisimh Istigh Dhurlas
Réamhdhearadh críochnaithe. Ag feitheamh le cistiú le dul ar aghaidh

R498 An tAonach go Durlas Uasghrádú Cnoc Alltáin-Cill Chonáin
Cuid 8 críochnaithe. Fáil Talún ar siúl agus cuirfear tús le tógáil i rith 2017.

R498 Athailíniú Bóthair ag cora Leatrach
Ceapadh comhairleoirí chun an bealach is fearr a roghnú i 2015-2016. Beidh cuid mhór cistithe ag teastáil don scéim i 2017-2018 má táthar chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh uirthi. Táthar ag siúl go bhfoilseofar Cuid 8 i mí Aibreáin 2017

Seachbhóthar Bhéal an Átha/Chill Dá Lua – Crosaire Dhroichead na Sionna & Scéim Feabhsúcháin R494
Gach dúshlán dlí curtha i gceart. Tá an OCÉ dearbhaithe agus seirbheáladh Fógraí Gnóthaíochta ar na húinéirí talún.

SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN SÁBHÁILTEACHTA AR CHOSTAS ÍSEAL

Caitheadh €216,322 do na scéimeanna feabhsaithe timpiste ar chostas íseal agus rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud an Chontae i rith 2016.

SCÉIMEANNA RANPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Tagraíonn na scéimeanna sin d'uasghrádú agus d'fheabhsú bóithre den tríú grád agus mionbhóithre áit a n-íocann cónaitheoirí 15% i dtreo chostas na n-oibreacha. Tugadh cuid mhór scéimeanna chun críche i ngach Ceantar Bardasach i rith 2016 agus leithdháil an Chomhairle €400,000 ón leithdháileadh um Feabhsú Athchóirithe dóibh.

OIBREACHA ATHCHÓIRITHE DROICHID

Caitheadh €355,745 i 2016 i dtaobh oibreacha athchóirithe droichid. Rinneadh oibreacha sna háiteanna seo a leanas:

- Droichead Áth Cal,
- Droichead an Dolaidh,
- Droichead Ard Fhionáin
- Droichead Chúil Mhaighin,
- Droichead Gourdeen
- Droichead Mhuileann na hUamhan.

SOILSIÚ POIBLÍ

Tá an Chomhairle Contae freagrach as soilse poiblí (sráide) a sholáthar agus a chothabháil ar fud an Chontae. Is é méid iomlán na soilse poiblí sa líonra ná thart ar 14,800.

Tá sé mar oibleagáid ar an gComhairle na Spriocanna Náisiúnta um Éifeachtúlacht na Seirbhíse Poiblí a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin nach mór Ídiú Fuinnimh a laghdú faoi 33% faoi 2020. Tá Cúnant na Méaraí sínithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun feidhm a thabhairt don ghealltanas sin.

I 2016, chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús le 458 seansolas Sox agus Son a uasghrádú go soilse LED atá níos tíosaí ar fhuinneamh.

Déantar cothabháil ar Shoilse Poiblí de réir conartha le Airtricity Utility Solutions. Is iad Energia a sholáthraíonn an chumhacht leictreach don líonra soilse.



EASTÁIT A THÓGÁIL I GCÚRAM

Ceantar Bardasach Charraig na Siúire	
Eastát	Dáta a Tógadh
Cois na hAbhann, Muileann na hUamhan	27/10/2016
Gleann an Locha, Bóthar Chill Chainnigh, Carraig na Siúire	27/10/2016
Oaklands, Baile Risteird, Carraig na Siúire	27/10/2016
Páirc Rosemount, Faiche Ró	27/10/2016
Cluain Cregg, Bóthar na Creige, Carraig na Siúire	27/10/2016

Ceantar Bardasach Chluain Meala	
Eastát	Dáta a Tógadh
Moylebrook, Lios Ruanach, Cluain Meala	26/10/2016

Ceantar Bardasach an Aonaigh	
Eastát	Dáta a Tógadh
Fairgreen, Bóthar Fhionnú, Buiríos Uí Chatháin	18/02/2016
Rath Doire, Doire, Rathcabbin	25/10/2016
Springfort Meadows, an tAonach	25/10/2016
Ivy Grove, Béal an Átha	25/10/2016
Na Féanna, Béal an Átha	25/10/2016
Radharc na Sionainne, Béal an Átha	25/10/2016
Gleann Ara, An Baile Nua, An tAonach	21/04/2016
Sráidbhaile na Mara (Tógáil i gcúram i bpáirt i gcomhréir leis an léarscáil), Béal an Átha	17/11/2016

Ceantar Bardasach Dhurlas-an Teampaill Mhóir	
Eastát	Dáta a Tógadh
Ard Carraig, Durlas	23/03/2016
Coill an Leamháin, Durlas	23/03/2016
An Chollchoill, Durlas	23/03/2016
Na Saileoga, Clongur, Durlas	25/05/2016
Mainéar na Páirce Móire, Durlas	23/03/2016
Dun Lia, Na Leachta Geala, Durlas	01/11/2016
Ard Liath, Two-Mile Borris	01/11/2016
Dún na Rí, Two-Mile-Borris	01/11/2016
Gleann na Carraige, Two-Mile-Borris	01/11/2016
The Haven, Ros Cré	23/11/2016

Ceantar Bardasach Thiobraid Árann-Chaisil	
Eastát	Dáta a Tógadh
Garrán na Feá, Dún Droma	24/10/2016

Tógadh 25 eastát san iomlán i gcúram i rith 2016.

AN CLÓS INNEALRA

Cuireann an Clós Innealra, ag a bhfuil dhá bhunáit i gCluain Meala agus san Aonach, seirbhís tacaíochta ar fáil do ghníomhaíochtaí innealtóireachta de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann ina hiomlán.

Is é an bunchuspóir seirbhíse ná innealra (i.e. feithiclí, fearas agus trealamh) a chur ar fáil ar chostas réasúnta chun cabhrú le baili foirne bunaithe i gCeantair a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá tuairim is 160 feithicil faoi úinéireacht na Comhairle faoi smacht an chlós innealra, agus luach athsholáthair de thart ar 3.5 milliún euro orthu. Ina theannta sin déanann lucht an chlós innealra cothabháil ar fheithiclí de chuid Chomhairle Buirge Chluain Meala mar a bhí ann roimhe, UDC Thiobraid Árann, Chaisil agus Charraig na Siúire, thart ar 40 feithicil a mbeadh luach athsholáthair breise de thart ar 1.2 milliún ag baint leo.



Ceann amháin de 12 Thruiclín ISUZU Cruthchabán 7.5 Tona Léasaithe do na Ceantair Bhóthair i 2016



Ceann de 2 Aonad Paisteála Nua ISUZU 7.5 Tona a Ceannaíodh i 2016

Seo a leanas gníomhaíochtaí an Chlós Innealra:

- Bainistíocht flít i gcomhlíonadh Acht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012
- Scrúdú, oibriú agus cothabháil fhlít na Comhairle, lena n-áirítear a chuid ceanglas faoi Ionstraim Reachtuil 348 de 2013 (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) (Rialacháin um Chotheabháil agus Deisiú Feithiclí 2013).
- Soláthar fearais agus innealra de réir mar a theastaíonn do na Ceantair agus do na rannáin den Chomhairle Contae
- Fáil agus díúscairt fearais agus innealra
- Soláthar ionaid sláin, sábháilte um stóráil innealra
- An líon foirne agus na scileanna a bheith ar fáil atá riachtanach chun flít fearais agus innealra na comhairle a chothabháil agus a oibriú go héifeachtúil.
- Socrú a dhéanamh innealra gnó a thógáil ar cíos le haghaidh na gCeantar

“ Tá tuairim is 160 feithicil faoi úinéireacht na Comhairle faoi smacht an chlós innealra.

Tógtar innealra ar cíos ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Riachtanais innealra na Comhairle a chomhlíonadh le linn thréimhsí buaice
- Úsáid a bhaint as saininnill ag a bhfuil tiománaithe oilte
- Úsáid a bhaint as saininnill um obair shéasúrach
- Úsáid a bhaint as fearas agus innealra le tógáil ar cíos go gearrthéarmach

Tá 12 thiománaí lánaimseartha agus 6 thiománaí séasúrach bunaithe i gClós an Aonaigh agus tá 15 thiománaí lánaimseartha agus 6 thiománaí séasúrach bunaithe i gCluain Meala. Freisin oibríonn an Clós Innealra seirbhís cothabhála geimhridh agus flít de 11 leatóir salainn aige.

Oibríonn an Chomhairle a chuid garáistí innealra féin i gCluain Meala agus san Aonach chun na riachtanais chothabhála um míreanna éagsúla innealra a chomhlíonadh. Faoi láthair tá saoise feisteoirí agus 5 shaoiste bunaithe i gCeardlann Chluain Meala agus tá saoise agus beirt fheisteoirí bunaithe i gCeardlann an Aonaigh.

Beidh an cheardlann innealra freagrach as cigireacht rialta ar gach feithicil tráchtála san fhlít, as seirbhísiú trucaílí, truiclíní, veaineanna agus tarracóirí de réir mar a theastaíonn i gcomhréir le sonraíocht na ndéantóirí, agus as deisiú feithiclí de réir mar is gá.



Nearú Bóthair i rith 2016



COTHABHÁIL GHEIMHRIDH

Tá ceithre chéim ar leithligh ag baint leis an tSeirbhís Cothabhála Geimhrídh is iad sin ná:-

1. Salann a chur roimh ré ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád agus ar Mhórbhóithre Réigiúnacha agus bealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.
2. Salann agus gaineamh a chur ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Réigiúnacha a bhfuil oighear le teacht orthu.
3. Sneachta a ghlanadh ó Bhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha le céachtaí sneachta.
4. Sneachta a ghlanadh ó Bhóithre Contae le Céachtaí Sneachta nó Lódairí Meicniúla.

Tugtar cóireáil réamhchúramach ar Chéim 1 agus gnách go socraítear an tráth ionas go mbeadh sé críochnaithe thart ar 2 huair an chloig sula dtosódh sioc.



Tugtar tosaíocht do Chothabháil Gheimhrídh ar bhóithre i dTiobraid Árann mar seo a leanas:-

- **Tosaíocht 1:** Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo
- **Tosaíocht 2:** Bóithre Réigiúnacha ar a dtaistealaíonn go leor feithiclí
- **Tosaíocht 3:** Bóithre Uirbeacha agus Bóithre Áitiúla ar bhonn tosaíochta, ionaid uirbeacha.

(I gcás aimsire crua tabharfar tosaíocht do Bhealaí Thosaíocht 1 in áit Bealaí Thosaíocht 2 ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil a leithdháileadh)

Bíonn an tréimhse Cothabhála Geimhrídh ar siúl ó 1 Deireadh Fómhair go 30 Aibreán gach bliain. Is í an aidhm atá i gceist ná bealaí tosaíochta a choimeád sábháilte agus chomh saor agus is féidir ó ghuaiseacha an gheimhrídh. Chuir an NRA deontas de €280,000 ar fáil um chothabháil gheimhrídh ar Bhóithre Náisiúnta.

Le linn an séasúir Seirbhíse Geimhreach 2015-2016, fuarthas 55 ghlaio amach ar an meán agus baineadh úsáid as 4,229 Tona Salainn.

Tá uainchlár ag an gComhairle de 4 Innealtóirí Dualgais Icecast atá freagrach as seirbhís an bhiúro aimsire a úsáid chun an réamhaisnéis a scrúdú, agus súil a choimeád ar an aimsir iarbhír atá i ndán don cheantar agus as treoracha a eisiúint a bheidh ag teastáil do chothabháil gheimhrídh riachtanach ar bhonn sainréamhaisnéis agus eolas áitiúil.

Is é an Clós Innealra a bhainistíonn agus a oibríonn an tSeirbhís Chothabhála Gheimhrídh. Oibríonn aon chriú déag de réir chóras uainchláir ar bhonn seachtainiúil agus úsáid á baint as 6 Leatóir Salainn Uimh.6 agus 5 Leatóir Salainn Uimh.9 agus iad curtha suas ar thrucaíl de chuid na Comhairle chun salann a leagan roimh ré ar Bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 na Comhairle (thart ar 1,000 Km) i gcás go dtuairt sioc/oighear thar oíche. Tá comhaontú i bhfeidhm ag an gComhairle le Comhairlí comharsanachta ar bhonn quid pro quo um chóireálacha trasteorann ar bhealaí chun an obair a dhéanamh níos éifeachtúla.

Foilsítear sceideal iomlán agus léarscáil de na bealaí um leagan salainn roimh ré, agus comhaontuithe trasteorann, ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Is féidir céachtaí sneachta a fheistiú ar na feithiclí um leathadh salann nuair a thuarfar sneachta agus cuirfear tús le glanadh sneachta le céachtadh chomh luath agus a sháraíonn doimhneacht an tsneachta 30mm ar an Líonra Thosaíocht 1 go léir nó ar chuid de.

Chomh maith leis sin tá 21 mhionleatóir ag an gComhairle sna hiostaí Ceantair ar féidir a chur suas ar na truicíní i gcás go dtagann oighear ar bhóthar nó le haghaidh aimsire crua chun déileáil le ceantair áitiúla ina bhfuil fadhbanna ar nós acomhail, cnoic dhoimhne, pócaí seaca srl.

Bainistíonn an NRA soláthar náisiúnta shalann bóthair do na Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta agus chuir sé thart tar 4,600 tona de shalann ar fáil don Chomhairle i 2016. Freisin coimeádann sé stoc náisiúnta salainn le dáileadh ar údarás áitiúla i gcás go dtuairt aimsir chrua, i.e. tréimhse fhada d'aimsir fhuar, nó síobadh sneachta.

Sáraíonn an acmhainn stórála clúdaithe um shalann de chuid na Comhairle 2,700 tona anois agus tá sciobóil stórála salainn suite i gCathair Dúin Iascaigh (600 Tona), Cluain Meala (600 Tona) agus san Aonach (1,500 Tona).



Lódáil Salainn in Íosta Salainn na Comhairle i dTulach Éide, an tAonach i rith 2016



Oibríonn aon chriú déag de réir chóras uainchláir ar bhonn seachtainiúil agus úsáid á baint as 6 Leatóir Salainn Uimh.6 agus 5 Leatóir Salainn Uimh.9 agus iad curtha suas ar thrucaíl de chuid na Comhairle chun salann a leagan roimh ré ar Bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 na Comhairle (thart ar 1,000 Km) i gcás go dtuairt sioc/oighear thar oíche.

AIMSIR CHRUA/ DOCHAR TAR ÉIS STOIRME

Tar éis na n-imeachtaí aimsire cruu i mí na Nollag 2015 & i mí Eanáir 2016, rinneadh athbhreithniú ar fhreagairt na Comhairle agus ceapadh plean gníomhaíochta agus gníomhartha sannta do na rannáin chú. Cinneadh go mbeadh na rannáin Bóithre i gceannas ar bhunú Foirne um Measúnú Aimsire Crua. Is é an cuspóir a bheadh ag an bhFoireann um Measúnú Aimsire Crua (FMAC) nuair a bheadh sé bunaithe ná measúnú a dhéanamh ar fholáirimh stoirmé cruu agus comhairle a thabhairt faoi na gníomhartha cuí ar cheart don Chomhairle a ghlacadh.

Tá an FMAC bunaithe anois agus tá sé déanta suas den Innealtóir Sinsearach (IS)- Bóithre, den Innealtóir Sinsearach (IS) - Seirbhísí Uisce, agus d'Innealtóirí Ceantair (x5) faoi chathaoirleacht an IS (Bóithre). Cinneadh gur cheart do Chathaoirleach FMAC cruinniú teileachomhdhála a thionól den Fhoireann um Measúnú Aimsire Crua nuair a bhfaighfí Foláireamh Oráiste nó Dearg um Stoirm chrua ó Mhet Éireann. Ba cheart an cruinniú sin a reáchtáil laistigh d'aon uair an chloig ón bhfoláireamh chun cur ar chumas na foirne an foláireamh agus a impleachtaí do sheirbhís na Comhairle a mheas. Ba cheart don Fhoireann FMAC ansin an leibhéal cuí freagartha a shocrú. Ba cheart gach rabhadh a mheas i gcomhthéacs faisnéise ábhartha eile atá ar fáil don FMAC (faisnéis ón gCóras Réamhaisnéise Oighir, eolas áitiúil ar bhóithre, bhonneagar, pobail leochaileacha etc.) Ag brath ar nádúr an mheasúnaithe ar thionchar na haimsire, ba cheart rabhadh agus/nó treoir um phlean gníomhachtaí d'Aimsir Chrua a eisiúint chuig gach rannán cuí sa Chomhairle agus chuig na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha ábhartha go léir.



Sampla de na tuitte de thoradh stoirméacha troma a tharla ag tús 2016.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE - GNÍOMHARTHA I 2016

- I mí na Nollag 2016 leithdháileadh cistí ar luach €371,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoin gclár CLAR. Cuireadh an cistiú ar fáil chun 42 Bheart um Shábháilteacht ar bhóithre a sholáthar i 31 phobal ar fud na gcúig Ceantair Bhardasaigh a bhfuil ina measc:

- › Comharthaí Sábháilteachta maidir le Scoileanna/Luas
- › Táscairí Luais
- › Soilse Gealánacha Ómracha Nua
- › Trasrian Coisithe
- › Fálta a Bhaint & uasghrádú ar mharcanna bóthair
- › Nascacht cosán le carrchlóis

- Eagraíodh feachtas poiblíochta ar Tipp FM chun bearradh fáil taobh bóthair a chur chun cinn i Meán Fómhair agus mí na Nollag 2016

- Tugadh cabhair do bhunscoileanna chun oiliúint faoi rothaíocht shábháilte a chur ar dhaltaí i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

- Tugadh tacaíocht d'Fheachtas Sábháilteachta ar Bhóithre Tipp FM arbh í an aidhm a bhí i gceist leis ná feasacht a ardú faoi na contúirtí ar ár mbóithre agus moladh do dhaoine tiomáint níos maille agus aire a thabhairt.

- Cuireadh feasacháin Eolais faoi Shábháilteacht ar Bhóithre in iúl i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

- Glacadh páirt san oibríocht "Slow Down" arna heagrú ag an nGarda Síochána a bhí ar siúl i gcaitheamh na deirí seachtaine Shaoire Baine i rith na míonna Márta, Bealtaine agus Deireadh Fómhair agus i gcaitheamh shaoire na Nollag/na hAthbhliana i 2016. An Oibríocht 'Slow Down' inar ardaíodh feasacht tiománaithe faoin gcontúirt a bhaineann le luas míchuí agus iomarcach. Chuir an Chomhairle comharthaí teachtaireachta athraithe ar fáil i roinnt ionad ar an N24 Carraig na Siúire, Cluain Meala, Cathair Dúin Iascaigh, Caiseal & Tiobraid Árann, N52 An tAonach, N62 Durlas & Ros Cré, N74 Caiseal, N76 Teach Naoi Míle, R491 Ros Cré agus R498 Durlas.

SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

Ceantair Bhardasacha Caiseal-Tiobraid Árann & Teampall Mór-Durlas

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag tabhairt tacaíochta do chláir faoin Scéim Fostaíochta Pobail ó tugadh isteach i 1985 í.

I gcomhpháirt leis an Roinn Coimirce Shóisialaigh leanann an Chomhairle ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag moladh fhorbairt na Fostaíochta Pobail. Dá réir sin, tugann Comhairle Contae Thiobraid Árann urraíocht do dhá Scéim Fostaíochta Pobail. Tugadh faomhadh chun ceathrar maoirseoir agus seascahaon rannpháirtí a fhostú i dtaobh Scéimeanna 2016/2017. Oibrítear na scéimeanna i dtrí hionad déag agus ina measc Baile agus Purláin Chathair Dúin Iascaigh, Carraig na Siúire, Cluain Meala, an Teampall Mór, Durlas agus Baile Thiobraid Árann agus na pobail an Bóthar Leathan, Cluain Abhla / an Clochar, Mainistir na Croiche, Teach Naoi Míle agus Faiche Ró.

Tá raon gníomhaíochtaí i gceist leis na Tionscnaimh Fostaíochta Pobail a chuimsíonn:

- Tionscadail gairneoireachta, tírdhrechtaithe agus feabhsaithe timpeallachta
- Oibreacha cothabhála i bpáirceanna, bailte agus reiligi
- Oibrí Ginearálta / Tiománaí / Dualgais Bainistíochta Tráchta / Maoir um Thrasnú Bóthair

Leagtar béim ar thaithe fostaíochta agus oiliúint luachmhar a chur ar fáil do rannpháirtithe. Baineann gach rannpháirtí leas as Oiliúint Éigeantach ar Shláinte & Shábháilteacht ar scil inaistrithe é a bhíonn ag teastáil in ionaid oibre cosúla.

Tar éis oiliúint éigeantach a dhéanamh, leanann rannpháirtithe ar aghaidh le cúrsaí a bhaineann le poist nó scileanna sonracha mar:

- Forcardaitheoir
- Oibríochtaí Dhumpaíre Láithreáin Cairéalú
- "Ceadúnas "C" Tiománaí
- Ticéad Thochaltóir 360°
- Uirlisí agus Trealamh Gairneoireachta

Baineann an pobal leas as bailte glana, feabhsú conláistí agus tírdhreachadadh ceantar. Sealbhaíonn rannpháirtithe muinín agus féinmheas a chuireann ar a gcumas oibriú mar bhall d'fhoireann ina bpobal féin. I gcás 50% de na rannpháirtithe ar na scéimeanna éiríonn leo fostaíocht a fháil le linn a dtréimhse i mbun na scéimeanna nó díreach ina diaidh.



Is é an cuspóir a bheadh ag an bhFoireann um Measúnú Aimsire Crua (FMAC) nuair a bheadh sé bunaithe ná measúnú a dhéanamh ar fholáirimh stoirmé cruu agus comhairle a thabhairt faoi na gníomhartha cuí ar cheart don Chomhairle a ghlacadh.



MAOLÚ TUILTE MIONCHÚISEACHA OIBREACHA & STAIDÉIR

I rith 2016, rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann aighneachtaí d'Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW) i dtaobh beart faoi na hOibreacha agus Staidéir ar Mhaolú Tuilte Mionchúiseacha. Fuarthas faomhadh do mhaoiniú i dtaobh 7 mbearta.

I 2016 tugadh oibreacha chun críche ar an R691-4 Scoil Bhaile an Iúir & R690-4 Lios Moling i gCeantar Bardasach Charraig na Siúire agus i gCluain Singil, an Port Nua i gCeantar Bardasach an Aonaigh, agus caiteachas iomlán de thart ar €36,730 i gceist; thug an OPW tacaíocht den mhéid €31,225 do na scéimeanna.

Tá oibreacha idir lámha agus críochnófar i 2017 iad ar 4 scéim ag an L25031-1 Eastát Cloughcarrigeen, Cill Síoláin; R665 Baile an Challaigh, an Cloichín agus L3502-2 An Caisleán Nua, Cluain Meala i gCeantar Buirge Chluain Meala agus i gCluain Singil, an Port Nua i gCeantar Bardasach an Aonaigh, dá chuir an OPW leithdháileadh iomlán de €177,300 ar fáil.

Tá an Chomhairle fós i mbun plé le hOifig na n-Oibreacha Poiblí maidir le roinnt beart eile agus d'fhéadfadh go dtiocfadh faomhadh arís.

Tá an Chomhairle buíoch as tacaíocht an OPW agus leanfaidh sí ar aghaidh ag fiosrú ionad a bhfaightear tuairiscí faoi thuilte maidir leo agus ag cur Scéimeanna eile um Maolú Tuilte Mionchúiseacha i 2017 áit a n-aithnítear bearta indéanta um maolú tuilte agus réitigh innealtóireachta tairbhiúla chun aonaid réadmhaoinne atá i mbaol a chosaint.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur i bhfeidhm córas cuimsitheach um bainistíocht Sláinte & Sábháilteachta de réir ár Máthair-ráitis Sábháilteachta & ár gcuid oibleagáidí dlí. Coimeádtar an bhéim ar shláinte & shábháilteacht trí chruinnithe rialta agus choistí áit a bpléitear saincheisteanna mar bheartas/nósanna imeachta. Leanadh ar aghaidh ag comhchuibhiú Ráiteas Sábháilteachta ar Bhóithre Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas i rith 2016 agus beidh an obair sin críochnaithe i 2017. Tugadh faoi Chigireachtaí Rialta Láithreáin um Iniúchadh Sábháilteachta ag an HSA i rith 2016 freisin chomh maith le taifeadadh Timpistí & Eachtraí & fiosrú na mbunchúiseanna.



Leanadh ar aghaidh ag comhchuibhiú Ráiteas Sábháilteachta ar Bhóithre Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas i rith 2016 agus beidh an obair sin críochnaithe i 2017.


CÓRAS UM BAINISTÍOCHT DROMCHLA

Tá Córas um Bainistíocht Dromchla i bhfeidhm i dThiobraid Árann mar chuid de bhunachar sonraí leictreonach Náisiúnta de gach Bóthar Áitiúil agus Réigiúnach. Sna léarscáileanna a thaispeántar ar an gcóras sin cuirtear eolas dathchódaithe ar fáil faoi riocht dhromchla an bhóthair ar scála ó 1 go 10 do gach catagóir bhóthair.

Ceadaíonn an t-eolas sin do Chomhairle Contae Thiobraid Árann na cóireálacha éagsúla a theastaíonn do na catagóirí éagsúla bóthair a chainníochtú ar bhealach eolaíoch.

Léiríonn an méid seo a leanas an pointe chomh maith leis an méid cistithe a theastaíonn go mbeadh caighdeán maith ar an líonra go léir:

Catagóirí Bóthair ina bhfuil gá le hatógáil



ATHBHREITHNIÚ AR THEORANNACHA LUAIS SPEISIALTA DO CHONTAE THIOBRAID ÁRANN

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Speisialta ar Theorainneacha Luais do Chontae Thiobraid Árann i rith 2015 agus é mar chuid d'Athbhreithniú Reachtúil Náisiúnta. Reachtáladh an chéim Comhchomhairle Poiblí den Athbhreithniú ar Luasteorainneacha i nDeireadh Fómhair/Samhain 2016 nuair a taispeánadh na Dréacht-Fhodhlíthe don phobal ar feadh aon mhí amháin. Fógraíodh an próiseas sa Phreas Náisiúnta & Áitiúil agus tá na Dréacht-Fhodhlíthe ar fáil le gur féidir leis an bpobal féachaint orthu i ngach ceann de na Cúig Cheantar Bardasach agus ar láithreán gréasáin na Comhairle. I rith an ama sin fuarthas 65 aighneacht agus astu siúd fuarthas 18 (28%) ar líne agus fuarthas 29 (45%) tríd na hOifigí Ceantair agus an chuid eile curtha faoi bhráid an Oifig Bóithre.

Rinne Foireann Theicniúil an Rannán Bóithre sa Chomhairle athbhreithniú ar na haighneachtaí maidir le Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla agus rinne BIÉ athbhreithniú ar na haighneachtaí maidir le bóithre náisiúnta. Cuireadh tuarascáil le chéile ar na haighneachtaí agus na hagóidí a fuarthas agus tá ceardlanna leis na Comhaltaí Tofa sna cúig Cheantar Bardasach beartaithe d'Fheabhra 2017. Nuair a bheidh an chéim sin críochnaithe déanfaidh foireann na Comhairle & BIÉ athbhreithniú ar na tráchta ó na Comhaltaí Tofa. Tar éis sin ullmhófar athbhreithniú B ar na Dréacht-fhodhlíthe agus cuirfear faoi bhráid na Comhairle Contae é.



BEARRADH FÁIL

Faoi Acht na mBóithre 1993, Alt 70 ceanglaítear ar úinéir nó áititheoir talún gach céim atá réasúnta a ghlacadh chun déanamh cinnte nach mbíonn crann, tor, fál ná fásach eile ar an talamh ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí agus nach gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthar poiblí ná cothabháil bóthar poiblí.

Áit a bhfuil crann, cor, fál nó fasach eile ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí nó áit a gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthar poiblí nó ar chothabháil bóthar poiblí, is féidir le húdaráis bóithre fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar úinéir nó áititheoir na talún.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cion é faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, fasach a scriosadh a fhásann i bhfál nó clais idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa gach bliain.

Sheirbheáil Comhairle Contae Thiobraid Árann 201 fógra ar úinéirí talún i rith 2016.



TEASTAIS UM BÓITHRE TEORANTA

Fuarthas 523 iarratas san iomlán ar Theastais um Bóithre Teoranta i rith 2016 agus eisíodh 509 Teastas.



CEADANNA UM UALACH NEAMHGHNÁCH

Eisíodh 269 Cead um Ualach Neamhghnách i rith 2016.



CEADÚNAIS OSCAILTE BÓTHAR

Is é an Ceadúnú Maproad Roadworks (MRL) arna riar ag an Oifig Bainistíochta Bóithre (OBB) an córas náisiúnta um bainistiú agus próiseáil iarratas ar cheadúnais oibreacha bóthair. Ar an 1 Iúil 2016, críochnaíodh aistriú iomlán na n-iarratas ar Cheadúnas Oscailte Bóthair arna bpróiseáil ag an Rannán Bóithre chuig an gCóras nua ar líne um Cheadúnas Oscailte Bóthair MRL agus tús curtha leis ar bhonn céimnitheach ar dtús i Samhain 2014.

Ba é a bhí i gceist leis seo ná an córas nua ar líne a chur in ionad an chórais bunaithe ar pháipéar um iarratais ar oibreacha bóthair. In áit clárú le gach Údaráis Áitiúil aonair, nuair a chláraítear conraitheoir fónais nó sibhialta ar an gcóras MRL, ligtear dóibh iarratas a dhéanamh ar cheann ar bith de na fiche-seacht n-Údaráis Áitiúil sa Tír atá aistrithe chuig an gcóras MRL.

Tá an nós imeachta a úsáidtear sa chóras MRL bunaithe ar an tsamhail "T". Cuimsíonn ceadúnais shamhail T teorainneacha ar nós achar iomlán tochailte, tréimhsí réamhfhógartha, tréimhsí bailíochta ceadúnas, líon na laethanta atá ceadaithe le hoibreacha a dhéanamh agus faid idir tochailtí. Beidh teorainneacha difriúla ag gabháil le gach cineál ceadúnais.

D'eisigh Comhairle Contae Thiobraid Árann 251 ceadúnas i 2016..



TAISTEAL CLISTE

An Líonra Náisiúnta Rothar 2014-2015 (sínte go 2017)

Tar éis iarratais rathúil ar chistiú faoi Phacáiste Spreagtha an Rialtais um Forbairt Bonneagair, dheonaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €1.9m do shlí Glasbhealaigh um Shiúl nó Rothaíocht ar an gosán 19km ó Chluain Meala go Carraig na Siúire. Ina dhiaidh sin cuireadh teideal nua "Slí Ghorm" ar an tionscadal seo chun nascadh le tionscadail & gníomhaíochtaí eile a bhíonn ar siúl ar Abhainn na Siúire. Críochnaíodh dearadh sonrach agus Próiseas Pleanála Cuid 8 i 2014. Tugadh faoi thairiscint agus ceapadh Conraitheoir faoi Bhealtaine 2015. Tháinig fadhbanna éagsúla chun cinn a chuir moill le dul chun cinn le dhá bhliain anuas a raibh ina measc tuilte móra sa gheimhreadh i 2015/16. Tá na príomhoibreacha cosáin beagnach thart ar 90% déanta anois seachas míreanna ar an liosta fabhtanna & comharthaí. Tá sé beartaithe go mbeidh an scéim críochnaithe faoi shamhradh 2017 ach amháin cuid chéim de 500m suas ó Chill Síoláin a dtabharfar faoi ar ball.



(Cosán/raon rothar Slí Goirme críochnaithe agus radharc anuas air ar Shliabh na mBan i bPoll an Choire, Cill Síoláin)




Ina dhiaidh sin cuireadh teideal nua "Slí Ghorm" ar an tionscadal seo chun nascadh le tionscadail & gníomhaíochtaí eile a bhíonn ar siúl ar Abhainn na Siúire.

Bailte Taistil Ghníomhaigh 2014-2016

Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cistiú faoi Scéim na mBailte Taistil Ghníomhaigh 2014-2016 le haghaidh Chluain Meala (€1 milliún) & Dhurlas (€432,000) chun bearta a chur i bhfeidhm atá aitheanta i Straitéis Siúil agus Rothaíochta Chomhairle Contae Thiobraid Árann.

I nDurlas, críochnaíodh tógáil lánaí rothaíochta i 2016 in (a) N62 Bóthar Brittas & (b) R659 Sráid an Bhóthair & Cluain Gabhra. I gCluain Meala críochnaíodh lánaí rothaíochta ar na Bóithre Réigiúnacha seo a leanas (a) An Bóthar Thiar – Baile an Gharráin R/b (b) Tobar Thaoine R/b – An Baile Gaelach & Bóthar an Chlochair (c) Bóthar Chaisil (Sráid na Banríona – Ionad Gnó Ardgoithe Freisin tógadh Cosán Siúil/Rothaíochta ar Abhainn na Siúire (Droichead an Chlochair chuig an Seandroichead & Droichead Gashouse i dtreo Pháirc Mulcahy).



PLEANÁIL & FORBAIRT



Riarann an Rannóg Pleanála sa Chomhairle an reachtaíocht i leith Pleanála mar atá cuimsithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar atá leasaithe ag na Rialacháin éagsúla arna ndéanamh faoi.



COMHALTAÍ AN CBS PLEANÁLA & ÉIGEANDÁLA

COMHAIRLEOIRÍ

- Denis Leahy (Cathaoirleach)
- Micheál Anglim
- John Carroll
- Joe Bourke
- Gerard Darcy
- Michael O'Meara
- David Dunne
- Martin Browne

EARNÁLACH/COLÚIN:

Talmhaíocht & Feirmeoireacht

- Matthew Mounsey

1 Tógáil Forbartha

- Tom Gallahue

2 LRP

- Seamus Coffey
- Lyn Mather

CRUINNITHE & LÁITHREACHAIS AN CBS 2016

Reáchtáladh cruinnithe ar:

MÁRTA

01

AIBREÁN

19

MEITHEAMH

21

DEIREADH FÓMHAIR

04

Láithreachais tugtha:

An Dréachtbheartas um Thógáil i gCúram le haghaidh Forbairtí Cónaitheacha agus na hÉagsúlachtaí Beartaithe (Uimh.3 – Straitéis um Fuinneamh Inathnuaite) agus (Uimh.4 – Pleananna Lonnaíochta) ar Phleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh & Theas, Clár Caipitil Líonra Ballaí Baile na hÉireann agus na Scéimeanna um Oidhreacht Thógtha agus Struchtúir i mBaol. Freisin pléadh athnuachan Lár Baile.



BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Is é atá i gceist le Bainistíocht Forbartha ná próiseáil a dhéanamh ar iarratais phleanála agus phleanála agus ar iarratais éagsúla eile, laistigh den amfhráma reachtúil agus déanamh cinnte go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis go léir a chuirfidh ar a gcumas forbairt bheartaithe a mheas. Is féidir féachaint ar an gclár pleanála ar www.tipperarycoco.ie



Tá na figiúir d'iarratais phleanála i 2016 leagtha amach thíos.

Deonaithe Diúltaithe Dearbhaithe Freaschurtha


Teach Aonair





NIA/EIA



Forbairt Tithíochta




Iarratais Eile



R-PHLEANÁIL

Mar gheall ar fhorbairt leanúnach an chóras I-Plan, an Chórais Fhorfheidhmithe, agus digitiú Léarscáil an Chláir Phleanála bhí cúrsaí níos éifeachtúlaí don Rannóg agus don phobal araon. Rinneadh scanadh ar na hiarratais phleanála go léir a fuarthas i 2016 agus cuireadh ar fáil iad tríd an gcóras um fiosrú plean ar www.tipperarycoco.ie. Áit arbh chuí baineadh úsáid as Láithreán Gréasáin na Comhairle e.g. sonraí faoi fhoirmeacha iarratais, liostaí seachtainiúla, athruithe ar phleananna etc. Ina theannta sin, tá úsáid an chórais fhiosruithe ar líne don phobal i gcoitinne ag dul i méid.



ÉAGSÚLÚ PLEANANNA FORBARTHA/PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL (UIMH. 3) AR PHEANANNA FORBARTHA CONTAE THIOBRAID ÁRANN THUaidH & THEAS:

An Straitéis um Fuinneamh Inathnuaithe

Is é atá sa Straitéis um Fuinneamh Inathnuaithe ná Straitéis um Chontae Thiobraid Árann chun leas a bhaint as acmhainn fuinnimh inathnuaithe an chontae agus timpeallacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha an chontae á caomhnú ag an am céanna.

Reáchtáladh ceardlanna ar an Straitéis ar Fhuinneamh Inathnuaithe leis an Comhaltaí ar an 7 Márta 2016 & an 4 Aibreán 2016 agus ina dhiaidh sin, cuireadh an Dréachtstraitéis ar Fhuinneamh Inathnuaithe, Straitéis Fuinnimh Gaoithe agus Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha i láthair na gComhaltaí le tabhairt faoi deara ag Cruinniú na Comhairle ar an 11 Aibreán 2016. Ansin cuireadh tús le próiseas comchomhairle poiblí agus iarradh aighneachtaí ón 22 Aibreán go dtí an 23 Bealtaine, 2016.


Tar éis gur tugadh chun críche an clár comchomhairle poiblí, ullmhaíodh Tuarascáil Príomhfheidhmeannaigh faoi na haighneachtaí a fuarthas agus cuireadh timpeall chuig na Comhaltaí é i Meitheamh 2016 le go bhféadfadh siad í a mheas. Reáchtáladh Ceardlann Comhaltaí ar an 20 Meitheamh 2016 chun an t-ábhar a mheas.

Rinneadh láithreachais faoin Straitéis um Fuinneamh Inathnuaithe don CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála ar an 1 Márta 2016 agus an 19 Aibreán 2016. Ag an gcruinniú CBS a reáchtáladh ar an 21 Meitheamh 2016, rinneadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú agus d'aontaigh d'aon ghuth an Tuarascáil a mholadh le glacadh ag an gComhairle.

Cuireadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh & Éagsúlú beartaithe Uimh.3 ar Phleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas faoi bhráid na gcomhaltaí le go bhféadfadh siad iad a mheas ag cruinniú na Comhairle i mí Iúil. Cuireadh Athruithe Ábhartha ar na hÉagsúlachtaí Beartaithe ar taispeáint don phobal ón 22 Iúil go dtí an 23 Lúnasa, 2016.

Cuireadh na hÉagsúlachtaí deireanacha agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh faoi aighneachtaí a fuarthas i leith na n-athruithe ábhartha faoi bhráid na gcomhaltaí ag Lánchruinniú na Comhairle ar an 12 Meán Fómhair, 2016. Ag an gcruinniú sin, bheartaigh na comhaltaí Éagsúlú Uimh.3 a dhéanamh ar Phleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas.

Éagsúlú Beartaithe (Uimh. 4) ar Phlean Forbartha Contae Thiobraid Árann Theas: Plean Lonnaíochta Fhíodh Ard



I bPleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas (mar atá éagsúlaithe) leagtar amach na beartais agus na cuspóirí pleanála chun pleanáil agus forbairt bhailte agus shráidbhailte Thiobraid Árann a threorú. Cuirfear breis leis an mbeartas uileghabhálach le hullmhú Pleananna Lonnaíochta nua do gach baile agus sráidbhaile atá ainmnithe mar 'Ionad Seirbhíse'. 'Ionad Seirbhísí Áitiúla' agus 'Nóid Lonnaíochta'. Tá dréachtphleananna agus iad tacaíthe ag taighde cúlra á n-ullmhú faoi láthair le haghaidh gach ceann de na lonnaíochtaí seo agus cuirfear faoi bhráid na gComhaltaí iad ag tús 2017.

Ullmhaíodh Dréachtphlean Lonnaíocht do Bhaile Fhíodh Ard, a rachaidh in ionad Phlean Ceantair Áitiúil Fhíodh Ard, 2011. Cuireadh an dréachtphlean ar taispeáint don phobal ón 25 Samhain 2016 go dtí an 23 Nollaig 2016. Scaipfear Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas agus faoin éagsúlú beartaithe chuig na Comhaltaí i mí Eanáir 2017.

SÍNEADH AR SHAOLRÉ NA BPLEANANNA FORBARTHA BAILE

I gcomhréir le forálacha an Achta um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013, cinneadh saolré na bpleananna seo a leanas a shineadh:

- Plean Forbartha an Aonaigh agus na gCeantar Mórthimpeall 2013-2019
- Plean Forbartha an Teampaill Mhóir agus na gCeantar Mórthimpeall 2012-2018



I gcomhréir leis an Acht Pleanála agus Forbartha, cuirfear Pleananna Ceantair Áitiúil in ionad na bPleananna Forbartha, tar éis go n-ullmhófar agus go nglacfar le Plean Forbartha Contae do Thiobraid Árann.



AN SCÉIM OIDHREACHTA TÓGTHA

Sheol an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha 2016, agus é mar chuspóir gearáil caipitil phríobháidigh a spreagadh chun infheistiú i roinnt tionscadal beag agus dlúthshaothair chun struchtúir atá cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 a dheisiú agus a chaomhnú.

Leithdháileadh €50,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoin Scéim agus d'fhaomhadh 14 tionscadal ar fud an chontae um chúnamh deontais ón Roinn. Tá na tionscadail tugtha chun críche agus na deontais eisithe ag an Roinn.

STRUCHTÚIR I MBAOL



I Márta, 2016 sheol an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim um Struchtúir i mBaol. Is é cuspóir na scéime ná cabhrú le hoibreacha chun struchtúir a chosaint atá cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe). Tá deontas ar luach €7,000 leithdháilte ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta um "Alla-Aileen", Bóthar Bhaile Átha Cliath, Caiseal agus deontas €16,000 don Túr Uisce, Arravale Rovers, Baile Thiobraid Árann. Tá na hoibreacha tionscadail tugtha chun críche agus na héilimh aisíochta ag an Roinn.





IMEACHTAÍ FORFHEIDHMITHE | 2016

Rinneadh 195 gearán ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016. I rith na tréimhse sin eisíodh 147 Litir Rabhaidh agus 81 Fógra Forfheidhmithe.

195
GEARÁN



FORFHEIDHMIÚ

Baineann an chuid fhorfheidhmithe den Rannóg le comhlíonadh coinníollacha maidir le ceadanna deonaithe, bailiú ranníocaíochtaí forbartha agus fiosrú tuairiscí a fhaightear ón bpobal agus/nó ó oifigh chomhairle faoi fhorbairt neamhúdaraithe fhéideartha.

De réir Alt 154 (14) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, seo a leanas na staitisticí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016:

Gearáin faighte	195
Gearáin fiosraithe	166
Gearáin díbhite	118
Litreacha rabhaidh eisithe	147
Fógraí Forfheidhmithe eisithe	81
Ionchúisimh tionscanta	10
Cásanna dúnta:	230



Fuarthas 1231 iarratas pleanála san iomlán ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016.

CLÁR NA MBALLAÍ BAILE

D'fhaomh an Chomhairle Oidhreachta maoiniú um oibreacha caomhantais ar na Ballaí Baile i gCarraig na Siúire (€30,000) agus Caiseal (€15,000). Tá na hoibreacha caomhantais déanta anois.

LÍON NA N-IARRATAS PLEANÁLA A FUARTHAS I 2016

Fuarthas 1231 iarratas pleanála san iomlán ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016. Measadh 221 iarratas mar iarratais neamhbhailí agus tarraingíodh siar 34 hiarratas. I rith na bliana rinneadh cinneadh i leith 910 iarratas; deonaíodh cead pleanála i gcás 876 díobh agus diúltaíodh do 34 hiarratas. Iarradh eolas breise i gcás 320 iarratas.

1231
IARRATAS

COMHDHÁIL AR FHUINNEAMH SA TALMHAÍOCHT



I gcomhpháirt le Teagasc d'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Coláiste an Ghoirtín an chéad imeacht faoi Fhuinneamh sa Talmhaíocht ar an 23 Lúnasa, 2016. Ag an imeacht chonacthas cás-staidéir, láithreachais agus taispeántais phraiticiúla maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite. Rath mór a bhí san imeacht agus níos mó ná 1200 duine agus 45 thaispeántóir i láthair aige agus tá sé beartaithe é a réachtáil arís i 2017.



CÁILIOCHT BHHEATHHA

- IASACHTAÍ TITHÍOCHTA
- CUIMSIÚ SÓISIALTA & FORBAIRT POBAIL
- COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN
- NA HEALAÍONA
- MÚSAEM THIOBRAID ÁRANN
- OIFIG OIÐHREACHTA THIOBRAID ÁRANN
- SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

TITHÍOCHT



Is é ról an Choiste Beartais Straitéisigh sin ná cabhrú leis an gComhairle Beartais Tithíochta agus Sóisialta a cheapadh. Tá sé déanta suas de bhaill den Chomhairle Contae agus d'ionadaithe ón bhFóram Pobail agus Deonach, ón gCeardchumann agus ó earnálacha gnó. Bunaíodh an Coiste Beartais Straitéisigh nua um Thithíocht agus Beartas Sóisialta tar éis chumasc na Comhairle.



BALLRAÍOCHT CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH

COMHAIRLEOIRÍ

- An Cmlr Seamus Morris, Cathaoirleach,
- An Cmlr Pat English
- An Cmlr Imelda Goldsboro,
- An Cmlr Mary Hanna Hourigan,
- An Cmlr Roger Kennedy,
- An Cmlr Martin Lonergan,
- An Cmlr Michéal Lowry,
- An Cmlr Louise McLoughlin,
- An Cmlr Marie Murphy,
- An Cmlr Mattie Ryan.

NASC SEACHTRACH

Ionadaithe ar an Lionra Rannpháirtíochta Poiblí

- An tUas. Liam Hayes
- An tUas. Terry O'Connor
- Ms Trisha Purcell

Tógáil Forbartha:

- An tUas. John O Shaughnessy

MÍREANNA A BREITHNÍODH & A PLÉADH I 2016

- Beartas ar iompraíocht fhrithshóisialta
- An Scéim um Dheontais um Oiriúnú Tithe
- An Clár um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta
- Easpa Dídine
- Cóiríocht don Lucht-Taistil
- Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí
- An Scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta


RIACHTANAS TITHÍOCHTA

Is é an riachtanas tithíochta sóisialta do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag deireadh 2016 ná 2976.



LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA 2016

Leithdháileadh tithe ar 412 iarratasóir i 2016, sa chairt seo a leanas taispeántar an miondealú ar thionóntachtaí de réir chineál soláthair:



AN TIONSCNAMH UM LÉASÚ TITHÍOCHTA SÓISIALTA (TLS) / AN SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (SCC)

Faoi na Scéimeanna thuas, leithdháil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cistiú d'údaráis áitiúla chun aonaid réadmhaoine príobháideacha a léasú ó thiarnaí talún príobháideacha.

Leis na scéimeanna ligtear don Chomhairle cóiríocht deachaighdeáin a léasú san earnáil cíosa phríobháidigh ar chonarthaí meántéarmacha go fadtéarmacha. Úsáidtear na haonaid réadmhaoine sin chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta, nach bhfuil in ann faoi láthair cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil óna gcuid acmhainní féin.

Ó cuireadh tús leis na scéimeanna, aimsíodh os cionn 1630 aonaid réadmhaoine ar bhonn an chontae uile.



Conarthaí Faighte i 2016



EASPA DÍDINE 2016

I gcomhréir leis an gcur chuige réigiúnach a theastaíonn ón Rialtas chun dul i ngleic le heaspa dídine, ghlac an Chomhairle le Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Easpa Dídine 2013-2016 i mí Aibreáin 2013.

Sa phlean leagtar amach na struchtúir, na prionsabail agus na gníomhartha a theastaíonn chun easpa dídine fhadtéarmach sa réigiún a chosc agus a dhíbirt. Sa phlean sin déantar foráil do tháscairí seirbhíse feidhmíochta den chéad uair i réimse an easpa dídine. Freisin déantar foráil ann do chur chuige níos comhordaithe i dtreo shocrúithe cistithe do sheirbhísí easpa dídine sa réigiún, agus Comhairle Cathrach Phort Láirge ainmnithe mar an údarás ceannasach maidir le cistiú d'easpa dídine.




Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD) ag croílár sholáthar sheirbhísí do dhaoine gan dídean. Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean bunaithe i ngach ceantar údarás áitiúil sa réigiún agus chabhraigh siad le cur chuige caighdeánaithe a bhaint amach i dtreo cúraim agus bhainistíocht cáis i dtaobh na gcliant sin a thagann os comhair an údarás agus iad gan dídean. Is cur chuige ildhisciplíneach é an FGDGD a thagann le chéile le hionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse éagsúla do dhaoine gan dídean, mar an Údarás Áitiúil, FSS, Seirbhísí Meabhairshláinte, Brú na mBan Cuan Saor, Brú Novas, An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Clann Shíomóin an Oirdheiscirt.

Tacaí do Dhaoine gan Dídean i dTiobraid Árann

- An Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD)
- Seirbhís um Choimeád Tionóntachta (SE SIMON)
- Foireann Athlonnaithe

Déileálann na tacaí tithíochta sin le fadhb an easpa dídine agus le cosc na faidhbe. Is féidir B&B sealadach a chur ar fáil i gcás éigeandála, ar feitheamh aimsiú lóistín phríobháidigh ar cíos/tithíochta sóisialta. Bunaíodh prótacail idir-chontae maidir le rochtain ar bhrúnna réigiúnacha do dhaoine a thagann i láthair agus iad gan dídean i dTiobraid Árann. Tá ról lárnach ag Seirbhísí um Choimeád Tionóntachta fós agus aghaidh á tabhairt ar fhadhb an easpa dídine.

Tháinig 379 os comhair an Údarás agus Easpa Dídine acu i 2016



Chabhraigh an Chomhairle leis na daoine seo mar seo a leanas:

- Táirgeadh Tithíocht Údarás Áitiúil/Deonach
- Daoine faofa um Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos(ÍCT)
- Soláthar chóiríocht Brú/Leaba is Bricfeasta

CÍOSA TITHÍOCHTA

6,242
Cuntas Cíosa ar an 31/12/2016

€42.90
Meánchíos le haghaidh 2015

Bailiú
97%

Líon iomlán na dtithe foilmhe ar an 31/12/2016



AN CLÁR UM INFHEISTÍOCHT I DTITHÍOCHT SHÓISIALTA - (SHIP)

€8,484,200 le haghaidh 2016.
Fuair Tiobraid Árann leithdháileadh

Le haghaidh phríomhchlár an údarás áitiúil um thithíocht shóisialta, an clár um oibreacha feabh-saithe tithíochta (éifeachtúlacht fuinnimh, DPGanna, méaduithe, úsáid tháirgiúil a bhaint as aonaid fhoilmhe arís), cóiríocht don lucht taistil agus réamh-mheastacháin chaiteachais ar bhonn gealltanais aitheanta do thithíocht dheonach agus chomhoibrítheach arna gcistiú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil [CAS] agus faomhadh €3.2m don chlár um thógáil tithíochta.

€10,571,480 ar fáil d'fháil tithe.
I dteannta leis sin, cuireadh

AN SCÉIM UM DHEONTAIS UM OIRIÚNÚ TITHE

Clúdaíonn na Scéimeanna um Dheontais um Oiriúnú Tithe trí scéim deontais arna n-oibriú ag an gComhairle. Leis an Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas déantar soláthar do sholáthar/oiriúnú cóiríochta chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas; cuimsíonn na hoibreacha rampaí rochtana, ardaitheoirí staighre, folcadáin ar leibhéal cothrom, méaduithe, etc. Is é atá i Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ná scéim mhear chun déileáil le fadhbanna soghluaisteachta; cuimsíonn na hoibreacha folcadáin ar leibhéal cothrom, rampaí, greimráillí agus ardaitheoirí staighre. Cabhraíonn an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta le daoine scothaosta deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ina dteach.

Ba é an leithdháileadh caipitil iomlán, ar tugadh fógra don Chomhairle seo faoi i 2016, um íocaíocht na nDeontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, le haghaidh tithe cónaithe príobháideacha, **€3,392,683** a raibh **€678,536** cur ar fáil ó acmhainní féin na Comhairle. Tá a leithdháileadh iomlán tarraingthe aníos ag an gComhairle i 2016.


364 TIONSCADAL
Críochnaíodh **364** tionscadal san iomlán.



CÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL

An Comhchlár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014-2018

Ghlac Comhaltaí na Comhairle leis an gComhchlár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014-2018 i dtaobh Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí Eanáir 2014. Is é an sprioc i gcaitheamh an tréimhse cúig bliana ná 71 aonad.




Ginearálta

Mar gheall ar an laghdú ar chistiú um Chóiríocht Shonrach don Lucht Taistil tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag baint úsáide as na Roghanna éagsúla Tithíochta Sóisialta atá ar fáil chun cóiríocht a chur ar fáil, lena n-áirítear Tithíocht faoi úinéireacht na Comhairle, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú Sóisialta.

Tuarascáil Dul Chun Cinn 2016

Cuireadh an chóiríocht seo a leanas ar fáil go dtí seo:



● Tithíocht Chaighdeánach ● Tithíocht Grúpa
● Láithreáin Stad Cónaitheacha ● Teach Tuaithe Aonair

An Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht

Thug an Chomhairle faoina gComhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht, mar a éilítear faoin Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Taistil) 1998, ar an 30 Samhain 2016. Ba é líon iomlán na dteaghlach ná 426.

An Coiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil

Bíonn cruinnithe ag an gCoiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil gach ráithe nó de réir mar a mheasann a chuid ball a bheith riachtanach. Cuimsíonn na baill ionadaithe ó phobal an Lucht Taistil, comhaltaí tofa, oifigigh Chomhairle agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla

TITHÍOCHT DHEONACH

An Scéim Cúnaimh Chaipitil

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag obair i ndlúthpháirt le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun cabhrú le ceannach agus athchóiriú agus tógáil aonad réadmhaoine in ionaid éagsúla ar fud an Chontae. Fuarthas leithdháileadh de €700,000 i 2016 chun 6 haonad a fháil i nDurlas.

Tá na héadálacha arna gcistiú faoi chlár 2015 tugtha chun críche, agus tá tionscadail tógála ar siúl.

Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

D'fhógair an Roinn Comshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil Scéim Ceannaigh Incrimintigh ina ndéantar soláthar do dhíol tithe ar tithe údaráis áitiúil iad faoi láthair le tionóntaí i 2015. Tugadh fógra do gach tionónta faoin Scéim i Márta 2016 agus tá iarratas déanta ag 144 tionónta san iomlán chun teach a cheannach faoin Scéim.

Ag deireadh 2016, cuireadh ar eolas 53 tionónta go gcáilíonn siad agus gur féidir leo a dteach a cheannach anois.

Cigireacht ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Leanann an tÚdarás Tithíochta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag cur i gcrích fhorfheidhmiú caighdeán ar thithíocht ar cíos san earnáil príobháideach.

Rinneadh 314 cigireacht i rith na bliana.

Áit ba ghá, eisíodh litreacha chuig úinéirí réadmhaoine inar aithníodh míreanna le déileáil leo agus tá tuilleadh gnímh leantaigh á ghlacadh chun déanamh cinnte go gcloítear leis na caighdeáin.

Rinne 144 tionónta san iomlán iarratas chun a dteach a cheannach faoin Scéim.

Bainistíocht Eastát


Tá rannpháirtíocht tionóntaí i mBainistíocht Eastát curtha chun cinn ag Comhairle Contae Thiobraid Árann le roinnt blianta anuas agus beidh sí mar thosaíocht don bhliain atá romhainn. Is léir go bhfuil grúpaí cónaitheora rannpháirteach sa phróiseas seo i gcónaí nuair a fhéachtar ar chuma fhisiceach na n-eastát sin. Bhain roinnt grúpaí leas as deontais faoi Bhuiséad 2016 na Comhairle um Bainistíocht Eastát chun cabhrú le tionscadail chomhshaoil. Molann an Chomhairle rannpháirtíocht grúpaí eile le linn na bliana amach romhainn agus cuirfear oiliúint orthu de réir mar a theastaíonn. Baineann go leor grúpaí cónaitheora leas as tacaí arna dtairiscint ag go leor comhlachtaí eile atá mar chuid de líonra idirghníomhaireachta eagraithe. Ina measc tá an FSS, Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann (CLTÁ), Seirbhísí Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann, (SORTÁ), Barnardos agus eagraíochtaí eile. Tá na gníomhaireachtaí sin go léir ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Thiobraid Árann chun feabhas a chur ar cháilíocht bheatha gach cónaitheora agus tionónta inár gcuid eastát.



"Cumann Cónaitheoirí Ard Ros, Ros Cré – Beannacht agus Lá Spraoi Teaghlaigh 2016"



CUIMSIÚ SÓISIALTA & FORBAIRT POBAIL



COISTE THIOBRAID ÁRANN UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIUIL (CFPÁ)

Ginearálta

Ba é 2016 an dara bliain iomlán in raibh Coiste Thiobraid Árann um Forbairt Pobail Áitiuil i bhfeidhm. Bliain dhian, spreagúil agus shásúil a bhí ann don Choiste, agus ag a deireadh fógraíodh go gcuirfí tús leis an gClár Forbartha Tuaithe 2014-20 a chur i bhfeidhm. Aontaíodh ar thosaíochtaí oibríochta an CFPÁ i 2016 agus díriodh obair na Comhairle ar chur chuige comhtháite, trasearnála a chur i bhfeidhm i dtreo clár um forbairt áitiuil agus pobail sa chontae.

Leanann an CFPÁ ar aghaidh ag tarraingt ar shaineolas agus thaithí páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha i gceantar an údaráis áitiuil chun seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chur ar fáil do shaoránaigh agus do phobail, agus go háirithe dóibh siúd i mó a theastaíonn na seirbhísí sin uathu.

Reáchtáil CFPÁ Thiobraid Árann dhá chruinniú déag i rith 2016 a chuimsigh cruinniú speisialta i mí Iúil. Níor reáchtáladh aon chruinniú i mí Lúnasa

I rith 2016 chuaigh roinnt ball nua CFPÁ Thiobraid Árann a raibh ina measc John O'Shaughnessy (Colún Gnó LRP), Carmel McCormack (Colún Comhshaoil LRP), Matt Shortt (Comhairle Contae Thiobraid Árann) agus Derval Howley (FSS).

Ba iad na Baill Ailtéarnacha a toghadh le haghaidh na n-ionadaithe LRP ná Imelda Walsh (Colún Talmhaíochta) and David Shanahan (Colún Gnó).

The following is the membership of the Tipperary LCOG all of which have been ratified by Tipperary County Council 22nd January.

Name	Nominating Body
Mr Charles Stanley Smith (Chair)	Public Participation Networks
Mr John Carroll	Tipperary County Council
Mr Joe Hannigan	Tipperary County Council
Mr Mary McCormack	Tipperary County Council
Mr Derval Howley	FSS
Ms Eileen Condon	Tipperary Education and Training Board
Mr Richard O'Connell	Tipperary Local Enterprise Office
Mr Adrian Lynam	Department of Social Inclusion
Mr Michael Murphy	South Tipperary Seaside Fisheries
Ms Imelda Walsh	South Tipperary Development Company
Ms Carmel McCormack	Public Participation Networks
Ms Cora Horgan	Public Participation Networks
Ms Clare Cashman	Public Participation Networks
Ms Catherine Guest	Public Participation Networks
Ms Sara Bourke	Public Participation Networks
Mr John O'Shaughnessy	County Chamber
Mr Tim Cullinane	Irish Farmers Association
Ms Derval Howley	RIE South East Social Inclusion Office
Mr Matt Shortt	Tipperary County Council

Daingníodh comhaltaí go léir CFPÁ Thiobraid Árann ag Comhairle Contae Thiobraid Árann



Lean an tUas. Charles Stanley Smith ar aghaidh ina ról mar chathaoirleach ar CFPÁ Thiobraid Árann i rith na bliana agus John Carroll continued as vice Chair.

Lean Ms. Sinead Carr ar aghaidh ina ról mar Phríomhoifigeach i 2016.

Tá trí fhóghrúpa ag an CFPÁ a chuimsíonn an Foghrúpa ar Chuimsiú Sóisialta agus an Foghrúpa ar Phobail Inbhuanaithe. Bunaíodh foghrúpa nua, an foghrúpa ar Airgeadas agus Iníúchadh ag deireadh 2016. Tá an foghrúpa ar Chuimsiú Sóisialta déanta suas de Adrian Cuneen, Sara Bourke, Derval Howley, Eileen Condon agus Clare Cashman. The Sustainable Communities subgroup formed in 2015 and is made up of Tim Cullinane, Cllr. Joe Hannigan, Catherine Guest and Cora Horgan. Tá an foghrúpa Airgeadais agus Iníúchta déanta suas de Rita Guinan, de Carmel McCormack, de John O'Shaughnessy agus den Cmhlr Mary Hanna Hourigan.

Déanann Bord Comhairleach an CFPÁ maoirseacht agus comhordú ar obair an CFPÁ agus an CBS Eacnamaíoch agus tá ról monatóireachta aige maidir leis an bPlean Áitiuil Eacnamaíoch agus Pobail.




Aontaíodh ar thosaíochtaí oibríochta an CFPÁ i 2016 agus díriodh obair na Comhairle ar chur chuige comhtháite, trasearnála a chur i bhfeidhm i dtreo clár um forbairt áitiuil agus pobail sa chontae.

PÁEP 2015-2020

Ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann leis an PÁEP 2015-2020 i mí Eanáir 2016. Ina dhiaidh sin ceapadh Pleananna Gníomhaíochta Eacnamaíochta agus Pobail 2016 agus rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn i Meitheamh agus mí na Nollag ag an nGrúpa Comhairleach ar an PÁEP thar ceann an Choiste Beartais Straitéisigh ar Fhiontar agus an Coiste um Forbairt Pobail Áitiúil.

I Meán Fómhair 2016, sheol an tAire Simon Coveney, T.D., an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil go hoifigiúil Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail Thiobraid Árann agus áiteanna eile ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, sa Screagán, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.



Ag seoladh PÁEP Thiobraid Árann thar ceann PÁEP Thiobraid Árann bhí an tUas. Charles Stanley Smith (Cathaoirleach) agus Attracta Lyons ón Rannóg Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Comhairle Contae Thiobraid Árann.

Ba iad na príomhthosaíochtaí le haghaidh 2016 faoin bPlean Gníomhaíochta Eacnamaíoch ná foireann uirlisí margaíochta ar líne a fhorbairt chun infheistíocht isteach a tharraingt; pleananna ionad turasóireachta agus margaíochta a fhorbairt le haghaidh thairiscintí Co. Thiobraid Árann agus Ghleannta Mumhan; Rian Canú a fhorbairt ar Loch Deirgeirt; an Tionscnamh Lár Baile a chur i bhfeidhm agus an Scéim Dreasachta Gnó; agus an earnáil bia ceardaí a fhorbairt trí himeachtaí fógraíochta ar nós 'Great Taste Comes to Tipperary' agus tionscnaimh um Ionaid Feabhais Bia.

Chuimsigh na príomhthosaíochtaí le haghaidh 2016 faoin bPlean Gníomhaíochta Pobail:

- Suirbhé a dhéanamh ar áiseanna pobail fisiceacha sa Chontae a bheidh mar bhonn eolais do thosaíochta an scéim caipitil pobail.
- Bonneagar súgartha agus caitimh aimsire a fhorbairt agus a bhainistiú go héifeachtach trí bheartas súgartha
- An tSeirbhís Saorálaithe a mhéadú chun freastal ar Thuaisceart an Chontae.
- Cur chuige comhtháite tosaíochta le haghaidh Ros Cré agus an Bhaile Bhig (Pleananna Ceantair CAP curtha i bhfeidhm i 2016)
- Sainchúram an Choiste Leanaí agus Daoine Óga a leathnú chuig an gcontae go léir
- Plean uile-chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht sa spóirt agus sa ghníomhaíocht fhisiceach agus béim faoi leith curtha ar spriocghrúpaí a bhfuil sé deacair teagmháil a dhéanamh leo



I Meán Fómhair 2016, sheol an tAire Simon Coveney, T.D., an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil go hoifigiúil Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail Thiobraid Árann agus áiteanna eile ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

AN STRAITÉIS FORBARTHA ÁITIÚLA/CLÁR LEADER

I mBealtaine 2016 d'fhaomh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Tuaithe, Réigiúnacha & Gaeltachta (DAHRRGA) Straitéis Forbartha Áitiúla Chontae Thiobraid Árann.

Síníodh an Comhaontú Maoinithe idir Coiste Thiobraid Árann um Forbairt Pobail Áitiúil agus a chuid Comhpháirtithe Cur i bhFeidhm, Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann Thuaidh agus Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas, agus a Chomhpháirtí Airgeadais, Comhairle Contae Thiobraid Árann; agus DAHRRGA ar an 8 Iúil 2016. Ina dhiaidh sin cuireadh tús leis an gClár LEADER i gCo. Thiobraid Árann i Lúnasa 2016. Osclaíodh an clár chun glacadh le Léirithe Spéise (LSanna) ó thionscnóirí féideartha faoin nGairm Rollach i nDeireadh Fómhair 2016 agus reáchtáladh cruinnithe in ionaid éagsúla ar fud an chontae. Ceapadh Pleananna um Ghairmeacha Spriocdhírthe faoi dheireadh na bliana agus rinneadh pleananna um fhógraíocht le haghaidh Lsanna fúthu ag tús Eanáir 2017.

Síniú na Conartha don Chlár Forbartha Tuaithe 2014-20



Sna Suíocháin Chúil C-D Jim Finn (Cathaoirleach Chomhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh), Isabel Cambie (POF Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas), Attracta Lyons (CFPÁ Thiobraid Árann), Michael Murray (POF Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh). Sna Suíocháin Tosaigh C-D Charles Stanley Smith Cathaoirleach CFPÁ Co. Thiobraid Árann agus an tAire Heather Humphries - an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

AN CLÁR GNÍOMHACHTAITHE POBAIL UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA (CGPCS)

Ba é 2016 an dara bliain den chlár CGPCS. Cuirtear an clár i bhfeidhm i gCo Thiobraid Árann ag Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann Thuaidh agus Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas, a dtugtar Feidhmithe Cláir (FCanna) orthu.

Socraíodh spriocanna don bheirt FC maidir le líon na ndaoine aonair faoi mhíbhuntáiste le bheith fostaithe trí CCSGP ar bhonn aonair agus líon na ngrúpaí pobail le plé leo.

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an gclár trí fhoghrúpa an CFPÁ ar Chuimsiú Sóisialta agus rinneadh moltaí maidir le cur i bhfeidhm agus soláthar an chláir don CFPÁ iomlán ar bhonn rialta. Rinne an foghrúpa an t-athbhreithniú Deireadh Bliana agus an próiseas Bliantúil Pleanála le haghaidh 2016 i mí Feabhra agus rinneadh athbhreithniú lár bliana agus tríú ráithe i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair faoi seach. Reáchtáladh cruinníú chun Plean Bliantúil 2017 a mheas i Samhain 2017.

Rinneadh moltaí maidir le híocaíochtaí don CFPÁ go débhlíantúil i 2016 agus iad bunaithe ar bhaint amach na spriocanna a bhí socraithe.



MÓRTAS ÁITE

Ag an Searmanas Dámhachtainí bliantúil um Mórtas Áite ar an Satharn (26 Samhain), bronnadh ceann de na dámhachtainí ba mhó sa Chomórtas ar Ionad Acmhainní Teaghlaigh Three Drives. Tháinig sé sa chéad áit i gcatagóir a naoi, catagóir na n-Eastát Tithíochta.

Agus iad ag labhairt faoi Ionad Acmhainní Teaghlaigh Three Drives, dúirt na moltóirí gur cuireadh fáilte speisialta agus croíúil rompu ag lucht cónaithe an eastáit a raibh an bua aige sa chatagóir. Is scéal mór é seo faoi dhianseasmhacht, faoi nuáil agus faoi chomhar mór i gcaitheamh na mblianta. Tugadh láithreachais ghairide, ghonta agus teachtaireacht chumhachtach á cur in iúl acu. Tá raon leathan seirbhísí luachmhara a bhfuil géarghá leo á chur ar fáil.

Chuaigh an tionscadal seo, na daoine ar casadh orthu iad, agus tionchar an tionscadail is na hoibre atá á déanamh i bhfeidhm go mór ar na moltóirí.

Fógraíodh buaiteoirí na ndámhachtainí Mórtas Áite, a dtugann go leor daoine 'Oscars an Phobail' orthu go geanúil, ag ócáid cheiliúrtha speisialta sa Halla Waterfront i mBéal Feirste os comhair thart ar 1000 aoi agus daoine mór le rá agus d'fhéach go leor daoine ar chraoladh beo an tsearmanais ar líne.



Bronnadh dámhachtainí ar na buaiteoirí ag Ard-Mhéara Bhéal Feirste an Seanóir Brian Kingston, an Comhairleoir Matt Garrett, Cathaoirleach Choiste Daoine agus Pobal Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, an Dr Christopher Moran, Co-operation Ireland, Tom Dowling, Cathaoirleach an Choiste Mórtas Áite agus George Jones, Cathaoirleach IPB, A d'urraigh an ócáid.

DEONTAIS DON LÁ SÚGARHA NÁISIÚNTA AGUS DON TSEACHTAIN CAITHIMH AIMSIRE 2016



Leithdháil an rannóg Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta Deontais don Lá Súgartha agus don tSeachtain Náisiúnta Caithimh Aimsire ar ghrúpaí ar fud an chontae. Ba é téama an lá súgartha agus an tseachtain náisiúnta caithimh aimsire i mbliana ná 1916. I measc cuid de na grúpaí a maoiníodh bhí, Tionscadal Óige Dhurlas, Grúpa Ceoil Traidisiúnta Chathair Dúin Iascaigh, Pobal Camphill, Fóram Míchumais Thiobraid Árann, Theas agus Foróige (Carraig na Siúire).



COMHAIRLE NA NÓG



Is comhairle óige í Comhairle na nÓg a thugann deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i bhforbairt seirbhísí áitiúla agus beartas áitiúil.

I 2016, bhain na príomh-shaincheisteanna ar phléigh Comhairle na nÓg leo le meabhairshláinte dhearfach don óige, naisc fhiúntacha le cinnteoirí, tacaíocht don óige LGBT agus comhchomhairle náisiúnta. Labhair Joe MacGrath, POF Chomhairle Contae Thiobraid Árann le Comhairle na nÓg i Seomra na Comhairle i gCluain Meala i bhFeabhra. Reáchtáladh cruinniú cinn bliana an-rathúil i nDún Droma i nDeireadh Fómhair 2016, agus an Cathaoirleach Siobhan Ambrose i láthair aige. D'ainmnigh Comhairle na nÓg ionadaithe don CYPSC, coiste óige TETB agus do choiste Spleodar an Aonaigh.

LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ THIOBRAID ÁRANN (LRPTÁ)



Tá líonra de 1170 balleagraíocht anois ag LRP Thiobraid Árann agus iad tagtha ó na hEarnálacha Pobail agus Deonach, Cuimsithe Shóisialta agus Comhshaoil i dThiobraid Árann.

Tá lánchoiste an LRP, arb é comhlacht ceannasach an líonra, déanta suas de na balleagraíochtaí go léir. Riartar an LRP ag struchtúr coiste ar a dtugtar rúnaíocht agus fostaítear comhordaitheoir chun an rúnaíocht a éascú, an líonra a fhorbairt i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach agus na Treoirlínte Náisiúnta. Is í Corena Ward comhordaitheoir an LRP agus í bunaithe in Ionad Fiontraíochta Chomhlachas Tráchtála Dhurlas.

Tá 3 príomhréimse oibre ag an LRP: Ionadaíocht agus Rannpháirtíocht; Forbairt Acmhainne agus Roinnt Eolais. Reáchtáil an LRP 2 Lánshóisiún i 2016. Cuireadh timpeall 19 nuachtlitir agus sonraí iontu faoi imeachtaí a bheidh ar siúl, gníomhaíocht pobail, tiomsú airgid, deontais agus oiliúint.

Trína bhallaíocht tá an LRP mar bhonn eolais freisin do na hEarnálacha Pobail agus Deonach, Cuimsithe Shóisialta agus Comhshaoil i bpróisis comhchomhairle pobail sna gníomhaireachtaí páirtí agus ghlac sé páirt i 16 sheisiún comhchomhairle pobail i 2016.

Tá 45 ionadaí LRP ar 17 mBord nó Coiste a dhéanann cinnte go gcloistear tuairimí na n-earnálacha agus go dtugtar ról dóibh i struchtúir chinnteoireachta ar fud Chontae Thiobraid Árann.



Tá líonra de 1170 balleagraíocht anois ag LRP Thiobraid Árann agus iad tagtha ó na hEarnálacha Pobail agus Deonach, Cuimsithe Shóisialta agus Comhshaoil i dThiobraid Árann.

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHONTAE THIOBRAID ÁRANN (CCP)

Is í feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta ná seirbheáil mar fhóram um sheisiúin chomhchomhairle, plé agus moltaí maidir le hábhair a mbíonn éifeacht acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin na n-Údarás Áitiúil.

Tá 32 chomhalta ar an CCP a chuimsíonn Ionadaithe Tofa Údaráis Áitiúil, ionadaithe Oireachtais agus pobail.

Ag cruinniú ar an 4 Márta 2016 glacadh go foirmiúil le Plean Straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta Thiobraid Árann 2015-2021

Reáchtáladh 4 Chruinniú Contae i 2016 ó háit go háit ar fud an chontae; rinneadh láithreachais don CCP agus rinneadh machnamh ar ábhair phóilíneachta ábhartha eile mar: Staitisticí Coireachta an Chontae, Straitéis Thiobraid Árann in aghaidh lompair Fhrithshóisialta, Tascfhórsa Réigiúnach an Oirdheisicirt ar Dhrugaí agus Alcól.

Trí mheán an CCP dréachtaíodh agus ullmhaíodh Páipéar Beartais ar Sholáthar CCTV in Áiteanna Poiblí i gContae Thiobraid Árann. Sa pháipéar seo leagadh amach cúiseanna le beartas, ceanglais Acht an Gharda Síochána 2005 maidir le CCTV agus bailiú sonraí agus pléadh an Cistiú Náisiúnta atá beartaithe le bheith ar fáil i 2017.

Cuireadh Straitéis Chumarsáide i láthair CCP Thiobraid Árann i Meán Fómhair 2016 agus glacadh léi.

Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm "Know your Patch" agus anois tá sé ar siúl ar fud an chontae agus Gardaí tiomanta aitheanta do cheantair ar leith ar fud chontae Thiobraid Árann. Oibríonn na Gardaí sin i ndlúthpháirt le pobail agus iad ag tabhairt cúnamh le tionscnaimh ar nós Faire Comharsanachta, Foláireamh Pobail, Foláireamh Téacs IFA - 'Theft Stop', Scéimeanna Marcála Réadmhaoinne agus comhairle leanúnach faoi chosc na coireachta agus an t-aon aidhm amháin ná coireacht a chosc.



Is í feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta ná seirbheáil mar fhóram um sheisiúin chomhchomhairle, plé agus moltaí maidir le hábhair a mbíonn éifeacht acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin na n-Údarás Áitiúil.



COISTÍ SEIRBHÍSÍ LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA (CSLDÓ) THIOBRAID ÁRANN



Tá comhaltaí an Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) déanta suas d'ionadaithe ar sholáthraithe mórsheirbhísí reachtúla, idir na hearnálacha seirbhísí cúram leanaí, tacaíocht teaghlaigh, seirbhísí scoile & óige, chomh maith le hionadaithe ó Chuideachtaí Forbartha Áitiúla.

Tar éis comhchomhairle a dhéanamh le leanaí & daoine óga, tá an CSLDÓ ag tabhairt faoi sheisiúin chomhchomhairle den chineál céanna le daoine óga, leanaí réamhscoile agus tuismitheoirí sa tréimhse atá á hathbheithniú. Cabhróidh na fionnachtana ó na seisiúin chomhchomhairle sin le tosaíochtaí a cheapadh don Phlean Oibre CSLDÓ, ar obair idir lámha é. Sa Phlean CSLDÓ déanfar machnamh ar an gcaoi a bhfuil soláthar comhtháite seirbhísí sa chontae i gcomhréir le torthaí Náisiúnta: gníomhach agus folláin, leas fisiceach agus meabhach; acmhainn iomlán a chomhlíonadh san fhoghlaim agus san fhorbairt; sábháilte agus cosanta ó dhíobháil; slándáil agus deiseanna eacnamaíocha; agus iad ceangailte, meas á thabhairt orthu agus iad ag glacadh páirte ina ndomhan. Tá próiseas soláthair tugtha chun críche ag CSLDÓ Thiobraid Árann um láithreán gréasáin CSLDÓ a bheidh mar threochlár um sheirbhísí i gContae Thiobraid Árann agus a sheolfar i 2017.



FOIRNE RAPID/PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA POBAIL

Chuir Foirne Plean Gníomhaíochta Pobail an Bhaile Bhig agus Ros Cré tús le cruinnithe i 2016.

Bhí sé chruinniú ag grúpa PGP an Bhaile Bhig i rith na bliana. Ba iad na príomhthosaíochtaí do na grúpaí ná déileáil le fostaíocht don óige agus pobal níos comhtháite a chruthú. Eagraíodh imeacht teaghlaigh tríd an ngrúpa PGP i Samhain 2016. Maoiníodh 'tionscadal buaiteoirí oibre' ag Obair d'Ógra Éireann sa Bhaile Beag chun cabhrú le daoine óga idir 18 agus 25 bliana d'aois chun dul ar ais i mbun fostaíochta/oiliúna.



Foireann PGP an Bhaile Bhig

Bhí 4 chruinniú ag grúpa PGP Ros Cré i 2016 agus dhírigh na foghrúpaí PGP ar Fhiontraíocht/Oiliúint, Leas/Óige agus Timpeallacht/Slándáil agus bhí a gcuid pleananna oibre aonair acu. Maoiníodh i bpáirt staidéar ar indéantacht CCTV tríd an bpróiseas PGP agus tugadh tacaíocht don chlár um obair aoisbháúil le haghaidh Ros Cré.

Thug RAPID Chluain Meala faoi athbheithniú i 2016 agus lean struchtúir RAPID i mBaile Thiobraid Árann agus Carraig na Siúire ag réachtáil cruinnithe agus ag baint amach spriocanna a gcuid pleananna oibre i rith na bliana.



AONAD NA DTIONSCADAL STRAITÉISEACH

Bunaíodh Aonad na dTionscadal Straitéiseach (ATS) laistigh de Phobal & Forbairt Eacnamaíochta ag deireadh 2014.

Ba iad príomhról agus príomhfheidhmeanna an ATS i 2016 ná:

- Bainistíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm thionscadail chómhaoinithe an AE ina bhfuil CCTÁ ina comhpháirtí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí conartha agus tuairiscithe airgeadais.
- Gairmeacha Tograí atá ábhartha do CCTÁ a aithint;
- Oibriú thar ceann CCTÁ chun iarratais tionscadail a fhorbairt agus tabhairt fúthu i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha

Ba iad tionscadail páirt-mhaoinithe an AE ar leanadh ar aghaidh á gcur i bhfeidhm i rith 2016 ná:

Ainm an Tionscadail	Clár Cistithe	Cuspóir an Tionscadail
An Clár Oibre Digiteach a bhaint amach trí chomhar trasnáisiúnta idir réigiúin (eDIGIREGION)	7ú Creat um T&F	Plean Gníomhaíochta Réigiúnach a fhorbairt chun iomaíochas inbhuanaithe réigiún a fheabhsú trí leas a bhaint as buanna agus réimsí saineolais cliste de chuid réigiún chun na gnéithe RTD agus Nuála de Chlár Oibre Digiteach an AE a bhaint amach; tabharfar an tionscadal chun críche in Aibreán 2017.
Tástáil ar Bheartas Sóisialta do Dhaoine Óga (Experimentation on Social Policy for Youth/ESPY)	DUL CHUN CINN	Triailacha beartais sóisialta a scrúdú atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an leibhéal dífhostaíochta i measc daoine óga a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe agus atá i mbaol eisiaimh agus/nó a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu; tugadh an tionscadal chun críche i nDeireadh Fómhair 2016.

Ina theannta sin in Aibreán 2016, chuir CCTÁ tús le rannpháirtíocht in dá thionscadal nua atá maoinithe i bpáirt ag an AE.

Ainm an Tionscadail	Clár Cistithe	Cuspóir an Tionscadail
Bainistíocht oidhreacht inbhuanaithe ar Réigiún Uiscebhealaigh (SWARE)	INTERREG EUROPE	Tá sé mar aidhm cothrom níos fearr a bhaint amach idir cosaint agus saothrú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus cultúrtha uiscebhealaigh trí chlár/bheartais réigiún comhpháirtí a fheabhsú.
Tacú le gnéithe nuála éiceolaíochta i dtreo margaí idirnáisiúnta (SUPER)	INTERREG EUROPE	Tá sé mar aidhm go mbainfeadh níos mó FBManna úsáid as gnéithe nuálacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil ina ngnó trí fheabhas a chur ar chláir agus bheartais réigiún comhpháirtí.



Michael Moroney agus Roisin O'Grady le comhpháirtithe tionscadail SWARE ag Cruinniú Kick-off sa Háig, an Ísiltír

Ó thaobh iarratais tionscadail i 2016, ghlac CCTÁ páirt in ocht (8) dtogra tionscadail a cuireadh isteach go Gairmeacha Tograí faoi chlár mhaoinithe éagsúla de chuid an AE. I measc na n-ábhar bhí nuáil i FBManna sna hearnálacha Bia & Deoch agus Eolaíochtaí Beatha; laghdú ar an lorg carbóin i gcríocha ísealdlúis/fíorscaipthe; ríomhfhoghlaim nuálach faoi shábháilteacht ar bhóithre; fiontraíocht agus cruthú agus idirnáisiúntú FBManna i gceantair tuaithe; dul i léig eacnamaíoch i mbailte tánaisteacha, beaga agus meánmhéide.

Bhíothas fós ag feitheamh le cinntí faoi chuid de na hiarratais sin ag deireadh 2016.



COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN (CSTÁ/TSP)

Is é sainchúram Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann ná an spóirt a fhorbairt agus gníomhaíocht fhisiceach a mhéadú sa chontae. I 2016, chuir an Chomhpháirtíocht Spóirt níos mó ná 50 clár nó tionscnamh ar fáil ar ghlac os cionn 6,300 duine páirt iontu. Ina theannta sin d'éirigh leis an gComhpháirtíocht Spóirt cistiú sa bhreis ar €365,000 a fháil chun tacú le soláthar a cuid clár agus tionscnamh i dThiobraid Árann.

Mar achoimire, Seo a leanas roinnt éachtaí lárnacha de chuid na Comhpháirtíochta i 2016:

- Bunaíodh Bord Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann go foirmiúil i mí Eanáir agus struchtúir uile-chontae ann don Chomhpháirtíocht Spóirt mar choiste faoi Chomhairle Contae Thiobraid Árann.
- D'fhorbair Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann Plean Straitéiseach nua 2016 - 2020.
- Reáchtáladh seachtú Mionmharatón Ban Thiobraid Árann i nDurlas ar an 25 Meán Fómhair agus 695 bean ag glacadh páirte ann.
- Tugadh tacaíocht do chláir gníomhaíochta éagsúla inar díriodh ar mhná, a raibh ina measc an clár Buggy Brigade Fitness agus 2 chlár do chailíní sna déaga; ghlac 200 cailín páirt i gclár Cispheile Hoops for Girls agus mar chríoch leis ghlac 16 Scoil páirt i Blitz i Scoil na Toirbhearta, Durlas. Freisin ritheadh clár Teen 4 Fit i bPobal Scoil Bhuiríos Uí Chatháin le haghaidh 16 dhalta.

Tugadh an-tacaíocht don rothaíocht agus an Sean Kelly Classic mar bhuaiopointe i 2016. Freisin reáchtáladh Babhtáí Rothaíochta do Theaghligh i gCluain Meala & san Aonach agus ritheadh freisin léig rothaíochta do pháistí i gCluain Meala. I gcomhpháirt le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus mar chuid de Sheachtain na Rothar reáchtáladh 20 imeacht rothaíochta ar fud an Chontae.



Mionmharatón Thiobraid Árann, Durlas, Meán Fómhair 2016.



Sean Kelly Classic, Carraig na Siúire, Meitheamh 2016.

- Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar fhorbairt Mhol Spóirt Lasmuigh don Phobal i gCluain Meala agus béim curtha ar Chanúail & Chadhcháil, atá mar chuid den Bhealach Gorm. Is mór an tarraingt do Chluain Meala é an cúrsa agus clubanna ag teacht ar cuairt a bhfuil ina measc an Fhoireann Náisiúnta Slalóim atá ag baint úsáide as an gcúrsa mar ionad oiliúna. Ar an Satharn an 12 Samhain reáchtáladh rás slalóim ar ghlac daoine áitiúla agus baill den fhoireann náisiúnta páirt ann.

Tugann an Chomhpháirtíocht Spóirt tacaíocht fós don Fhéile do Dhaoine Scothaosta agus do chláir Games for Life agus á gcur i bhfeidhm.

I mí na Nollag, reáchtáladh an seachú babhta de na Dámhachtainí bliantúla um Shaorálaithe sa Spóirt mar chuid d'Oíche Dámhachtainí an Chanónaigh Hayes. Ba í Peggy Kennedy ó Pheil na mBan Ard Fhionáin a raibh an bua aici, tugadh onóir do 5 shaorálai eile ar an oíche freisin.

Seoladh céad Rith Páirce Thiobraid Árann i mí na Nollag i bPáirc Baile an Teampaill Mhóir agus cuirfear tús leis i mí Eanáir 2017. Is comhiarracht í seo idir Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann, Rith Páirce Éireann, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus pobal an Teampaill Mhóir.



Mol Spóirt Lasmuigh don Phobal Cluain Meala, Samhain 2016.

- Mar chuid den mhol spóirt lasmuigh / clár céasla na Siúire tá CSTÁ ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na pobail áitiúla agus leis na clubanna canú ar an tSiúir íochtair i dteannta le CCTÁ agus Canoeing Ireland chun gníomhaíochtaí canúála & cadhcála a fhorbairt. Fuair 162 rannpháirtí cáilíocht go dtí seo agus ghlac 70 páiste páirt sna campaí Samhraidh.



Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar fhorbairt Mhol Spóirt Lasmuigh don Phobal i gCluain Meala agus béim curtha ar Chanúail & Chadhcháil, atá mar chuid den Bhealach Gorm.

I measc na ngníomhartha a glacadh i 2016 faoin gClár Cuimsithe Shóisialta 'Pobail Chuimsitheacha tríd an Spórt' tá:

- Dhá chlár faoi déag inar díriodh ar Dhaoine faoi Mhíchumas, agus os cionn 200 ag glacadh páirte iontu. I measc na gClár bhí Léig Boccia Thiobraid Árann, an Clár um Shnámh Cuimsitheach, an Clár Enjoy Tennis, an Clár Judo Assist, Try Sailing, Cláir Spóirt Oiriúnaithe bunaithe i scoileanna, Peil do Chách, Fighting Fit (clár dornálaíochta), Club Sportsability agus cispheil i gcathaoir rothaí.
- Forbraíodh an clár 'Enjoy Tennis' i gcomhpháirt le Tennis Ireland agus anois tá mol againn agus sé Club Leadóige i dTiobraid Árann rannpháirteach ann.
- Cuireadh i bhfeidhm clár faoi Spórt agus Ghníomhaíocht Fhisiceach in éineacht le Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh agus Tionscadal Óige Cheantar Ros Cré. I measc na ngníomhaíochtaí bhí Seoltóireacht, Teiripe Eachaí, ióga agus clár oideachais snámha.
- Oibríodh i gcomhpháirt le hOibair d'Ógra Éireann i dTiobraid Árann chun an Clár Foghlama Malartaí, Clár um Chríochnú Scoile, a sholáthar i mbaile Thiobraid Árann. I measc na ngníomhaíochtaí bhí eachaíocht, galf, fánaíocht agus treodóireacht.
- Leanadh ar aghaidh ag tacú leis an gclár gníomhaíochta fisicí Activ 8 in éineacht le hOibair d'Ógra Éireann i mbaile Thiobraid Árann, Caiseal, Durlas, sa Bhaile Beag agus sa Teampall Mór.
- Cláir Sláinte Meabhrach - cuireadh clár SafeTalk ar fáil i Márta 2016 i gcomhpháirt le FSS an Iarthair do chúrsa iomlán de 25 rannpháirtí.
- Oibríodh le Clár Lucht Taistil Tuaithe Thiobraid Árann chun clár 'Sláinte d'Fhir ón Lucht Taistil' a sholáthar i mbaile Thiobraid Árann. I measc na ngníomhaíochtaí bhí Liathróid Láimhe, Sacar agus Ealaín Chomhraic.
- Cuireadh clár Spóirt Óige ar fáil do dhaoine óga ón Lucht Taistil sa Bhaile Beag, i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh. I measc na ngníomhaíochtaí bhí Sacar, snámh agus cúrsa tosaigh faoin gym.
- Cuireadh clár corpacmhainne ar fáil do 15 iarrthóir tearmainn san Ionad Soláthar Díreach i gCarraig na Siúire.



An Clár 'Enjoy Tennis' i gClub Spóirt Hillview Cluain Meala, Márta 2016.

- Ritheadh ceardlann ar Fheasacht faoi Mhíchumas sa Spórt do chúrsa iomlán de 25 rannpháirtí i LIT Dhurlas i mí an Mheithimh.



Tharla AGM agus Féile Peile FAI ar fud an chontae i rith mhí Iúil a chuimsigh 30 cuairt ar chlubanna.

OIFIGEACH FORBARTHA FAI

Leanann CCTÁ ar aghaidh ag tacú leis an FAI agus tionscnaimh sacair á gcur i bhfeidhm ar fud an chontae agus béim faoi leith curtha ar chur chuige atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta.

I measc na dtionscnamh tá

- Tionscadal Futsal - tionscadal a ritear i gcomhpháirt leis an FAI agus BOO Thiobraid Árann ina gcaitheann na rannpháirtithe bliain iomlán i mbun oideachais acadúil agus peile. Leis an BOO, gnóthaíonn rannpháirtithe dámhachtain iomlán FETAC leibhéal 5 i staidéar Spóirt agus Caithimh Aimsire. Trí mheán an FAI déanann rannpháirtithe modúil traenála éagsúla chun cur lena gcuid oideachais mar thraenálaíthe. Freisin bíonn ar rannpháirtithe níos mó ná 70 uair an chloig de thairbhí oibre a dhéanamh le linn na bliana, rud a chuireann cabhair bhreise ar fáil don phobal peile sa cheantar.
- Leanadh ar aghaidh le Cuimsiú Sóisialta a chuimsigh cláir iarscoile, blitzeanna agus sacar meánoíche; ar an mbealach sin cuireadh gníomhaíocht pheile rialta ar fáil do dhaoine óga i gCluain Meala, i gCarraig na Siúire, i mBaile Thiobraid Árann, sa Bhaile Beag agus i Ros Cré.
- Forbairt Imreoirí (Buachaillí agus Cailíní) Leanann an clár um Imreoirí Cumasacha Nua ar aghaidh ag cothú fhorbairt imreoirí fear agus ban faoi aois den chéad scoth sa chontae agus ionaid feabhais i nDeisceart agus i dTuaisceart an chontae ag soláthar ama breise um chóitseáil agus theagmháil le 500 imreoir faoi aoise den chéad scoth idir na haoise u10-u16.
- Tá clubanna Peil do Chách seanbhunaithe anois san Aonach, i Ros Cré, i gCathair Dúin lascaigh agus i gCluain Meala agus reáchtáiltear seisiúin rialta freisin le Rehab Care, Scoileanna speisialta (i.e. St. Anne's Ros Cré) Lónraí Náisiúnta Foghlama agus seirbhísí Bhráithre na Carthanachta ar fud an chontae.
- Intercultural Show Racism. The red card was delivered to 6 schools in South and North Tip during UEFA FARE Week which highlights the issues and also provides information to those that may have been affected in some way during their time in the game. Ina theannta sin cuireadh clár iarscoile ar feadh 6 seachtaine ar fáil do dhaltaí i 3 scoil sa chontae agus arís leagadh béim ar fhadhb an chiníochais sa spórt agus ar conas déileáil leis.



- Ghlac líon buaice náisiúnta de 103 scoil agus 252 foireann páirt i gcomórtas rang a 5/6 i mBunscoileanna Thiobraid Árann i gcaitheamh níos mó ná 14 lá i mí Aibreáin/Bealtaine. Freisin ritheadh blitzeanna Futsal i nDurlas do rang a 3/4 agus do dhaltaí na chéad bliana. Ghlac 30 scoil páirt ansin.
- Tharla AGM agus Féile Peile FAI ar fud an chontae i rith mhí Iúil a chuimsigh 30 cuairt ar chlubanna, Laethanta spraoi i 5 bhaile, imeachtaí Girls Live Your Goals agus Féile Oideachais do Thraenálaíthe



- Leanann Peil na gCailíní ar aghaidh ag dul i méid agus í ar fáil i mbeagnach 20 club ar fud an chontae.
- Bhain os cionn 2,300 linbh ar fud Thiobraid Árann taitneamh as na campaí samhraidh i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus campaí á n-óstáil ag 18 gclub ar fud an chontae.



OBAIR CHULTÚRTHA

TUARASCÁIL EALAÍON



Tá sé mar phríomhchuspóir ag an tSeirbhís Ealaíon feabhas a chur ar shaol ealaíonta pobal i gContae Thiobraid Árann. Oibríonn muid i dtreo fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara a bhfuil ina measc ár gcomhpháirtithe maoinithe an Chomhairle Ealaíon. Forbraíodh an chéad Straitéis Ealaíon do Thiobraid Árann uile i rith 2016. Ghlac an Chomhairle Contae le Contae Cruthaitheach - Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann 2017-2021 ar an 12 Meán Fómhair 2016.

Beidh an plean straitéiseach sin mar threoir d'fhorbairt na n-ealaíon sa Chontae i gcaitheamh na gcéad cúig bliana eile agus i leith sé tosaíochta straitéisí:

- Pobail Chruthaitheacha - Rannpháirtíocht Phoiblí
- Cleachtóirí Cruthaitheacha - An t-Ealaíontóir
- Réitigh Chruthaitheacha - Comhpháirtíochtaí & Comhar sna hEalaíona
- Tacaí Cruthaitheacha - Eolas agus Comhairle faoi na hEalaíona
- Bonneagar Cruthaitheach - Ionaid & Féilte Ealaíon
- Cruthaitheacht & an Réimse Poiblí - Ealaín Phoiblí

SCÉIM NA N-EALAÍONTÓIRÍ SA BHUNSCOIL

Trí Scéim na n-Ealaíontóirí sa Bhunscoil cuireadh 12 ealaíontóir i scoileanna agus iad ag obair le daltaí agus baill foirne i rith 2016. Taispeánadh an obair a rinneadh faoi scéim 2015 in 2 hionad (An tAonach & Cluain Meala) i mí Eanáir agus mí Feabhra roimh na dátaí deiridh le haghaidh 2016 chun an leibhéal ard de chleachtas ealaíon a léiriú atá á thacú agus á fhorbairt trí mheán an tionscnaimh seo. Tacaíonn an scéim le rochtain dhíreach do leanaí ar fhoirmeacha ealaíne éagsúla agus cuirtear fostaíocht ar fáil d'ealaíontóirí.



FÉILE BHEALTAINÉ THIOBRAID ÁRANN

I rith Fhéile Bhealtaine, a eagraíodh i gcomhpháirt le Leabharlanna Thiobraid Árann, cuireadh clár i láthair de os cionn 90 imeachta i mí Bhealtaine. I bhFéile 2016 inar Ceiliúradh Cruthaitheacht i measc Daoine Breacaosta, tugadh deiseanna do dhaoine breacaosta plé leis na healaíona ar fud réimsí foirmeacha ealaíne a bhfuil ina measc litríocht, ceol, na hamharcealaíona, scannán agus téatar. Tugadh coimisiún don ealaíontóir Enda Griffin atá bunaithe i mBéal an Átha chun portráidí a phéinteáil de bheirt Scríbhneoirí ó Thiobraid Árann do Bhailiúchán Ealaíon an Chontae mar aitheantas dá ról ollmhór sa Litríocht sa Chontae. Léigh Michael Coady as Carraig na Siúire agus Marjorie Quarton as an Aonach óna gcuid saothar nuair a nochtadh a gcuid portráidí ag an gComhairleoir Seamus Hanafin, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann.



Seoladh Fhéile Bhealtaine Thiobraid Árann C-D: Matt Shortt, Tipperary County Council; Marjorie Quarton, Writer; Enda Griffin, Artist; Cllr. Seamus Hanafin, Cathaoirleach; Michael Coady, Writer. Grianghraf le Debbie Hickey

69 Forbraíodh an chéad Straitéis Ealaíon do Thiobraid Árann uile i rith 2016.

OÍCHE CHULTÚIR THIOBRAID ÁRANN

Rinneadh comhordú ar Oíche Chultúir Thiobraid Árann 2016 ag an Oifig Ealaíon mar chuid den tionscnamh náisiúnta arna thacú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ghlac 26 hionad i 12 háit ar fud Thiobraid Árann páirt ann, cuireadh i láthair 34 himeacht saor in aisce, idir na hamharcealaíona agus ceardaíocht go ceol, scannán, léachtaí, litríocht agus puipéadóireacht ar ghlac 1400 duine páirt iontu i 2016. Sa cheiliúradh náisiúnta bliantúil sin ar ár gcultúr agus ar na healaíona tagann foirgnimh, eagraíochtaí agus grúpaí cultúir ar fud an Chontae le chéile chun na háiseanna agus na hacmhainní iontacha atá againn inár gceantair féin a thaispeáint dúinn agus tugtar cuireadh dúinn go léir bheith rannpháirteach.



Seoladh Oíche Chultúir C-D:
Nora Butler, Tipperary Culture Night Ambassador 2016;
Cllr. Siobhan Ambrose, Cathaoirleach; Joe MacGrath, CE.
Grianghraf le Gardine Wisdom



CÓNAITHEACHT RINCE THIOBRAID ÁRANN

Lean Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann ar aghaidh i rith 2016 leis an Iseli-Chiodi Dance Company i gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíon agus Excel Thiobraid Árann. Éiríonn go han-mhaith leis an gcónaitheacht mar chur chuige straitéiseach fadtéarmach i dtreo fhorbairt an Rince sa Chontae. I measc ghníomhaíochtaí an Chónaitheoireacht Rince tá léirithe áitiúla rince ghairmiúil, tacaí d'ealaíontóirí rince agus tionscnaimh um méadú lucht sprice ar nós na clár sna scoileanna, All Day Do Dance, clár de ranganna agus sheónna rince saor in aisce agus sainteagasc mar chuid díobh i mBealtaine agus eagrú agus cur i láthair Ardán Rince Thiobraid Árann, Féile Rince Idirnáisiúnta i mBaile Thiobraid Árann agus i gceithre hionad eile ar fud an chontae i nDeireadh Fómhair.



Ardán Rince Thiobraid Árann -Buíochas don Iseli-Chiodi Dance Company as na grianghraif

DESIGNFEST

Ritheadh DesignFest Cluain Meala ón 3-8 Samhain. Is é atá i DesignFest Cluain Meala ná comhpháirtíocht idir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Cluain Meala agus Comhairle Contae Thiobraid Árann agus tacaíocht acu ó Oifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann. San imeacht seo breathnaítear ar chúl an stáitse i ndomhan mór an deartha sa lá atá inniu ann agus tugtar deiseanna labhairt le cuid de na príomhsmaointeoirí agus na daoine mór le rá sa tionscal seo a athraíonn go tapa. I rith na sé lae de DesignFest Cluain Meala cuireadh i láthair saothair ón tús cadhnaíochta, áit a gceanglaítear na meáin chumarsáide, na healaíona agus dearadh digiteach agus béim faoi leith ar an nuáil um fiontar, fostaíocht agus oideachas.



I rith 2016, leithdháileadh cistiú ar 44 ghrúpa áitiúil pobail agus deonacha faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí ealaíne neamhspleácha ar fud an chontae.

SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA

I rith 2016, leithdháileadh cistiú ar 44 ghrúpa áitiúil pobail agus deonacha faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí ealaíne neamhspleácha ar fud an chontae. Fuair 24 ealaíontóir tacaíocht trí raon de Scéimeanna Tacaíochta Ealaíontóra ar fud fhoirmeacha ealaíne. I rith 2016 d'oibrigh muid i ndlúthpháirt freisin le Visual Artists Ireland agus réimse comhpháirtithe áitiúla chun tacú le forbairt ealaíontóra trí thrí cheardlann ar fhorbairt ealaíontóra thar shraith éagsúil ábhar. Freisin tugadh tacaíocht, comhairle agus/nó cistiú do réimse fhéilte ealaíne ar fud an Chontae i 2016.



OBAIR CHULTÚRTHA

MÚSAEM CONTAE THIOBRAID ÁRANN

Sheol Músaem Contae Thiobraid Árann a chlár le haghaidh 1916 agus leis an maoiniú breise a fuarthas ó Chiste Comóradh Céad Bliain 1916 de chuid an DAHG tugadh raon feidhme dúinn chun taispeántas a chruthú de réir caighdeán Náisiúnta. D'oibrigh muid lenár gcuid pobal áitiúil, le staraithe, mic léinn ó LIT, bunscoileanna & meánscoileanna chun a bhfís le haghaidh 1916 a tharraingt isteach. Laistigh dár mbailiúchán thaispeáint muid déantúis thábhachtacha a raibh ina measc bunchóip den Fhorgóra a tugadh ar iasacht go MCTÁ.

Bhí Clár Chaighdeán Músaem na hÉireann (CCMÉ) ina thosaíocht do Mhúsaem Contae Thiobraid Árann agus é ag ardú a chuid caighdeán agus ag méadú deiseanna um chistiú san earnáil. Bhain an músaem amach 'Creidiúnú lomlán' i Meitheamh 2013, agus i 2016 chuir muid isteach 'Coimeád' na gcaighdeán sin trí hathbheithnithe ar bheartas agus trinár gclár 5 bliana um bainistíocht straitéiseach.

Chuimsigh Achoimre ar Thionscadail Chomhoibritheacha i rith 2016 i measc nithe eile:

- Freastalaíonn Rannóg Oideachais an Mhúsaem ar scoileanna & ghrúpaí ar fud Thiobraid Árann, agus déanann sí idirchaidreamh leis an Rannóg Eacnamaíochta, Turasóireachta Ealaíon, Oidhreachta i P&F agus le Ceantair Bhardasacha chun go mbeadh teacht aici ar ghrúpaí ar fud Chontae Thiobraid Árann.
- D'éirigh go han-mhaith le sraith an Bhuitléaraigh i mí an Mheithimh agus turas ar áiteanna níos mó an Bhuitléaraigh i dThiobraid Árann mar thuras finale.
- I rith Lá na mBailte Múrtha d'eagair an músaem caint: 'Prostitution in Medieval Ireland' agus Turas Bus ar Bhaile Múrtha Thiobraid Árann i gcomhpháirt leis an Oifig Oidhreachta agus an Rannóg Pleanála.
- Museum celebrated the 250th Anniversary of Fr. Nicholas Sheehy with display of artefacts in March and a talk during Sept 2016.
- Clár for-rochtana Choiste Seó Chluain Meala - eagraíodh 'Bus Feirme' ionas go bhféadfadh bunscoileanna áitiúla féachaint ar ainmhithe foláiochta agus é oscailte don phobal freisin.
- Bhíothas ag obair le Cumann Rotary Chluain Meala chun Gairdín cuimhneacháin CSAW agus Feasacht Idirnáisiúnta faoi Phóilíó a chur chun cinn trí bhunscoileanna.
- Féile Chluain Meala agus Lá na mBailte Múrtha i gCluain Meala i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann, Féile Rothaíochta 3 lae Ghleann na Siúire & Féile Buscála Chluain Meala i rith mhí Lúnasa 2016. Thug níos mó ná 20,000 duine cuairt ar Chluain Meala i rith na Féile seo.
- Cruthaíodh Clár Tochailte Seandálaíochta go himheánach chun a rith mar chlár for-rochtana do ghrúpaí agus scoileanna ar fud an chontae.
- Reáchtáladh roinnt Tionscadal Oideachais faoi 1916 a raibh ina measc:
 - › Sraith léachtaí 1916 an Mhúsaem 'Debating 1916' x 6 léacht
 - › Taispeántas Colourisation LIT ar bhailiúchán cártaí poist LIT & íomhánna RTÉ.
 - › PROCLAMATION: tionscadal bunaithe ar lionsa i gcomhpháirt le hArdán Rince Thiobraid Árann & Oifig Ealaíon Thiobraid Árann.
 - › Taispeántas 'Cumann na mBan' le hAislín O' Keeffe
 - › Taispeántas ar Oidhreachta sa Phobal



32,764

comhfhigiúir chuairteora
um Idirghníomhú Músaem



OBAIR CHULTÚRTHA

AN PLEAN OIDHREACHTA

Ceann de na gníomhartha tosaíochta don Oifig Oidhreachta i 2016 ab ea Plean Oidhreachta uile-chontae a chruthú. D'fhaomh na Comhaltaí dréacht dheireanach den phlean ag Cruinniú na Comhairle i mí na Nollag.

I 2016 lean muid ar aghaidh lenár n-Iniúchadh ar Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha ar Abhainn na Siúire ó dhroichead Bhaile an Róisigh áit ar chríochnaigh muid anuraidh díreach suas go foinse na Siúire in aice le Bearnán Éile. Rinneadh go leor plé leis an bpobal áitiúil, go háirithe agus foinse na hAbhainn á aimsiú, rud atá léirithe in ionaid difriúla ar roinnt léarscáileanna. Rinneadh taifeadadh i rith an iniúchta sin ar níos mó ná 300 séadchomhartha breise nach raibh taifeadta roimhe sin. Mar chuid dár gclár Raising Awareness tharla comhar le Cairde Éanlaith Éireann ar thionscnamh eolaíochta do shaoránaigh, 'Tionscadal Éan Thiobraid Árann' agus reáchtáladh 4 himeacht ar fud an chontae a raibh ina measc Lá Fiadhúlra don Teaghlach i mBogach Chabraigh.

Freisin thacaigh muid le suirbhéireacht gheofhisiceach i nDún Áth na Cairte - reáchtáladh lá oscailte don phobal le haghaidh an tionscadail sin i mí an Mheithimh agus nasc aige le cuimhneachán 1916 agus taispeánadh é ar an gClár Creedons Epic East ar RTE. Le Tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt cruthaíodh 2 leabhar saothair faoi Éin Chreiche le haghaidh páistí i rang a 1 go 6 agus cuireadh iad siúd ar fáil do gach scoil i 2017.

AN TSEACHTAIN OIDHREACHTA

Ba é an téama don tSeachtain Oidhreachta ná '100 bliain den Oidhreacht' agus reáchtáladh roinnt imeachtaí ar fud an chontae. Thug muid tacaíocht do roinnt imeachtaí a raibh ina measc 'Turas Bus go Bailte Múrtha Thiobraid Árann' leis an saineolaí ar Stair Bheo Michael Moylan agus ceol traidisiúnta in Ionad Oidhreachta an Aonaigh.



Taispeánann an seandálaí Cólín Ó Drisceoil foinse Abhainn na Siúire



Turas Bus Bhailte Múrtha Thiobraid Árann An tSeachtain Oidhreachta 2016



Íomhá de Water Ovens Kevin Collins



Lá Pobail Áth na Cairte



Muriel McAuley garínion Thomáis Mhic Dhonnchadha lena hiníon Michelle Drysdale agus a garmhac Matthew ag nochtadh dhealbh Thomáis Mhic Dhonnchadha i gCloch Shiurdáin i mí Bhealtaine.



Tumadh linne i mBogach Chabraigh

ÉIRE 2016

D'éirigh go han-mhaith le clár 2016 ar fud an chontae nuair a cuireadh leis an réamhobair a bhí déanta i 2015 leis an Roinn agus le hOifig Éire 2016.

Reáchtáladh 95 thionscadal agus thionscnamh san iomlán ar fud an chontae. Ina measc bhí idir foilseacháin agus taispeántais, téatar, amhránaíocht, rince chomh maith le roinnt leac agus gairdíní. Ghlac gach scoil agus institiúid oideachais sa chontae páirt i Lá an Fhorógra ar an 15 Márta nuair a ardaíodh an Trídathach agus nuair a léadh an Forógra. Bhí clár gníomhaíochtaí cultúrtha ar siúl ar an lá céanna i go leor scoileanna.

Freisin ritheadh imeachtaí ar feadh na bliana go léir i gCloch Shiurdáin áit ar rugadh Tomás Mac Donnacha agus i mbeagnach gach baile agus sráidbhaile ceiliúradh cothrom céad bliain ó 1916. Tá moladh mór ag dul dóibh siúd go léir a tháinig le chéile agus a d'fhorbair tionscnaimh ina gcuid pobal féin.



Ag Léamh an Fhorógra Scoil Mhuire Durlas Aibreán 2016.



nochtadh/plaice i Scoil Mhuire Durlas



Una de Paor agus Jed Walsh os comhair a gcuid portráidí ag an taispeántas Descendants.



Ag seoladh an taispeántais Descendants le Damian Drohan.



Taispeántas Mhúsaem Chontae Thiobraid Áránn Road to the Rising



Slua mór ag seoladh an Taispeántais faoi 1916 Road to Rising i Músaem Contae Thiobraid Áránn.



Caint le Sinéad McCoolle.



Bhain Sinéad McCoolle le Mhá 1916: Taispeántas ar Mhá 1916 san Aonach.



Cniotáilthe i Leabharlann Charraig na Siúire.

Tipperary County Council in conjunction with the School of History, University College Cork present

TIPPERARY'S REVOLUTIONARY DECADE ROADSHOW

Are you interested in the history of the Easter Rising and the revolutionary decade (1912-1923) in modern Irish history?

Would you like to meet and discuss with professional archivists and expert historians in a friendly informal setting?

Do you have any documents, stories, pictures or artefacts from this period?

If yes, come along to the Revolutionary Roadshow for a day of fun, local and interesting history!

The Source Arts Centre, Thurles
Saturday 23 January 2016

For further information contact :
Gabriel Doherty, School of History, University College Cork
g.doherty@ucc.ie 021 4902783

OBAIR CHULTÚRTHA

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Déanann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann bainistíocht, forbairt agus cur chun cinn ar sheirbhís leabharlainne de chuid Chomhairle Contae lena mbaineann 12 hionad seirbhíse agus seirbhís leabharlainne poiblí 24/7 ar líne agus í ag freastal ar dhaonra de 159,000 ar bhonn na prionsabail cuimsiú sóisialta, inrochtaineacht agus seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí.

Tá an tseirbhís freagrach as bailiú, forbairt, caomhnú agus inrochtaineacht na dtaifead go léir a bhfuil spéis stairiúil ag baint leo le haghaidh Chontae Thiobraid Árann. The an tseirbhís leabharlainne develops and promotes rochtain do chách éireannaigh to Ar Líne and digital information acmhainní, including Seirbhísí Leathanbhanda internet PCs, Wifi, ar líne acmhainní and siamsaíocht in aisce don teaghlach rochtain to e-government/local authority information and seirbhísí. Is í aidhm na seirbhíse leabharlainne ná cultúr léitheoireachta, litearthachta agus foghlama fadsaoil a chothú i dTiobraid Árann trí raon seirbhísí a chur ar fáil go scoileanna, teaghlaigh agus grúpaí pobail agus an leabharlann a chur chun cinn mar áit chultúir agus eolais.

Oibríonn an tseirbhís líonra de dhá leabharlann déag ar fud an chontae sna háiteanna seo a leanas:

- Durlas;
- An tAonach;
- Ros Cré;
- An Teampall Mór;
- Buiríos Uí Chatháin;
- Cloch Shiurdáin;
- Cluain Meala;
- Carraig na Siúire;
- Tiobraid Árann;
- Caiseal;
- Cathair Dúin Iascaigh agus
- Cill Náille.

NA PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ | 2016

I 2016 tugadh cuairt os cionn 462,000 uair ar leabharlanna i dTiobraid Árann, eisíodh 480,000 leabhar agus cuireadh 66,000 seisiún Idirlin in áirithe.

Chuir Seirbhís Leabharlainne na Scoile, seirbhís leabharlainne do leanaí ar fáil do 160 scoil, d'eisigh siad 55,128 leabhar trí mheán cuairteanna seachtainiúla i 2016 i rith na bliana scoile. Fuarthas cead agus cúnaimh deontais um feithicil Leabharlainne Scoile i mí na Nollag 2016. Oibríodh an Scoil Bus Samhraidh sa Phort Nua, i gCloichín agus i Muileann na hUamhan agus cuireadh 3 hionad nua leis i gCluain Meala, Carraig na Siúire agus Cill Náille i mbliana - eisíodh os cionn 2,000 leabhair i rith mhí Iúil & Lúnasa 2016. Ghlac 2,893 leanbh páirt i gcéad Chlár Léitheoireachta Náisiúnta an tSamhraidh 'Réaltaí Samhraidh'. Tugadh leabharmharcanna, málaí, pinn luaidhe agus teastais do theaghlaigh agus leanaí agus eagraíodh lá cóisire do gach rannpháirtí i ngach brainse ag deireadh an tsamhraidh.



Cailleacha Charraig na Siúire agus gúil éagsúla



Seirbhís Carúil le Bunscoil Angela in The Source



Tá an tseirbhís freagrach as bailiú, forbairt, caomhnú agus inrochtaineacht na dtaifead go léir a bhfuil spéis stairiúil ag baint leo le haghaidh Chontae Thiobraid Árann.

STAIÉAR THIOBRAID ÁRANN 2016

Tharla seoladh an leabhráin County Tipperary i 1916: stair i 40 cáipéis arna cur le chéile ag Denis G. Marnane & Mary Guinan Darmody ar an 13 Feabhra i dteannta leis an Seó Bóthar 'Tipperary's Revolutionary Decade', a d'óstáigh Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Scoil na Staire Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Bhí sraith de shé mheirge aníos in éineacht leis na leabhráin 20 leathanaigh ina bhfuil cáipéisí agus léaráidí comhaimseartha. Cuireadh cóipeanna den leabhrán saor in aisce timpeall an chontae agus níos faide amach.



Martin Mansergh, Des Marnane, Mary Guinan-Darmody, Seamus Hanafin, Cathaoirleach Comhairle Contae Thiobraid Árann, Roisín O'Grady agus Sean Hogan ag seoladh 'County Tipperary in 1916'.



Seolann John O'Gorman, Mary Guinan-Darmody agus Pat Bracken seirbhís ar líne Staidéir Thiobraid Árann

Seoladh láithreán gréasáin nua Staidéir Thiobraid Árann www.tipperarystudies.ie i mBealtaine 2016 i rith an AGM agus seoladh Tipperary Historical Journal 2016. Is í aidhm an tionscadail digitithe um Staidéar Thiobraid Árann ná raon foinsí, idir foinsí stairiúla agus ginealais a chur ar fáil do chách, saor in aisce, is cuma an bhfuil cónaí ort i gcontae Thiobraid Árann nó in áit ar bith in Éirinn nó i gcúinní iargúlta an domhain. Is cáipéisí atá uathúil do Staidéar Thiobraid Árann iad cuid mhór de na cáipéisí sin, agus iad go léir mar chuid d'ábhar staire chontae Thiobraid Árann.

I rith shamhradh 2016 chruthaigh Staidéar Thiobraid Árann (@TippStudies) cuntas Twitter mar iarracht a phróifíl a chur chun cinn ar na meáin sóisialta, agus ó cruthaíodh é d'fhéachadh air níos mó ná milliún uair. Ina dhiaidh sin cruthaíodh leathanach FaceBook do Staidéar Thiobraid Árann i bhFeabhra 2017, a raibh tús an-láidir aige freisin, agus níos ná 150 leantóir aige tar éis díreach aon mhí amháin. Bhí tionchar an-dearfach ag an dá hardán sin ar chur chun cinn ár seirbhísí agus ar chur chun cinn an ábhair digitigh ar líne ag tipperarystudies.ie



Is í aidhm an tionscadail digitithe um Staidéar

Thiobraid Árann ná raon foinsí, idir foinsí stairiúla agus ginealais a chur ar fáil do chách, saor in aisce, is cuma an bhfuil cónaí ort i gcontae Thiobraid Árann nó in áit ar bith in Éirinn nó i gcúinní iargúlta an domhain.

LEABHARLANN CHAISIL

Tharla oíche 'Filíochta & Amhrán ón Réabhlóid; Focail spreagtha ag Reibiliún i Leabharlann Chaisil ar an Máirt an 19 Aibreán.

Chuir Noreen Higgins McHugh caint an-eolasach agus dea-léirithe i láthair faoi amhrán agus dáin cháiliúla a bhaineann le hÉirí Amach na Cásca. Ba é an t-amhránaí/scribhneoir amhrán Billy Bob O'Dwyer a chas an chuid is mó den cheol ar an oíche. Reáchtáil an Roinn Oideachais agus Scileanna, an tseirbhís leabharlainne poiblí agus an LGMA Comórtas Filíochta 'A Poem for Ireland' le haghaidh iar-bhunscoileanna, mar chuid de na hócáidí cuimhneacháin le haghaidh Éire 2016. Dúirt Elio Bonelli ón 2ú bliain i bPobalscoil Chaisil a bhuaigh an chuid Thiobraid Árann den chomórtas a dhán féin ar an oíche agus chuir sé an lucht éisteachta faoi dhraíocht lena shaothar cumhachtach.



LEABHARLANN AN AONAIGH

Arís eile d'éirigh go han-mhaith le Clár Léitheoireachta Samhraidh leabharlann an Aonaigh nuair a chinn na céadta páiste san Aonach agus sa Phort Nua agus sna ceantair mórthimpeall orthu bheith ina Réaltaí Samhraidh le haghaidh na laethanta saoire. Chríochnaigh 450 páiste ár gclár léitheoireachta Réaltaí Samhraidh i rith mhí Iúil agus Lúnasa agus d'fhreastail thart ar 350 páiste ar ár Lá Foghlaithe Mara sa leabharlann ar an Satharn, an 17 Meán Fómhair.



Ag lorg Jack Sparrow i Leabharlann an Aonaigh

BAINÉANN SEIRBHÍS LEABHARLAINNE THIOBRAID ÁRANN AMACH CREIDIÚNÚ OHSAS 18001:2007

Bronnadh go foirmiúil an Teastas Cláraithe um Shábháilteacht & Sláinte Cheirde OHSAS 18001:2007 ar an 4 Samhain 2016 ag bronnadh Theastais NSAI i mBaile Átha Cliath. Ba é an tAire Stáit ar a bhfuil freagrach as Fostaíocht agus Gnóthais Bheag Pat Breen

Rinne cigirí an NSAI iniúchadh neamhspleách ar an tSeirbhís Leabharlainne, a cuid foirgneamh agus áiseanna chun déanamh cinnte go raibh an caighdeán á chomhlíonadh acu, agus anois tá an tseirbhís i measc scothghrúpa de níos mó ná 3,000 eagraíocht a bhfuil teastas NSAI acu de réir caighdeán éagsúil atá aitheanta go hidirnáisiúnta.



Maurice Buckley, CEO, NSAI (ar clé) agus an tAire Pat Breen T.D. (ar dheis) le Ann-Marie Brophy, Comhordaitheoir Sláinte & Sábháilteachta, Seirbhís Leabharlainne Thiobraid Árann ag cur i láthair an Teastais Chláraithe um Shláinte & Shábháilteacht Cheirde OHSAS 18001.



Chríochnaigh 450 páiste ár gclár léitheoireachta Réaltaí Samhraidh i rith mhí Iúil agus Lúnasa

CÁILIÓCHT TĀN CHOMHSHAOL

- AN COMHSHAOL
- SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & TARRHÁLA
- SEIRBHÍSÍ UISCE
- LAWCO
- COSAINT SHIBHIALTA

AN COMHSHAOL



Chuir an Rannóg Comhshaoil i bhfeidhm na cláir oibre ar aontaíodh orthu i 2016 sna réimsí seo a leanas: bainistíocht agus forfheidhmiú dramhaíola, bonneagar agus cothabháil, feasacht faoin gcomhshaoil agus seirbhísí pobail.

CLÁR OIBRE BONNEAGAIR AGUS COTHABHÁLA

Láithreáin Tréigthe/Struchtúir Chontúirteacha

Bhí 47 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh 2016.

Cuireadh tobhaigh i bhfeidhm ar 12 haonad réadmhaoine, eisíodh 26 fhógra chuig úinéirí Láithreán Tréigthe/Contúirteach agus rinneadh Láithreán Neamhthréigthe de 13 haonad réadmhaoine. Rinneadh oibreacha ar roinnt struchtúr contúirteach.

Cothabháil Reiligi

Fuair 212 coiste grúpa pobail deontais ar luach iomlán €131,432 i dtreo clár um chothabháil reiligi.



Reilig Bhaile na Cúirte, Lios Earnáin, Gleann Eatharlaí

Críochnaíodh oibreacha cothabhála reilige i gCill Mhór, i nGleann na Carraige, Baile an Rí, Baile na Cúirte, Cloch Shiurdáin agus in Ard Cróine. Freisin rinneadh oibreacha ullmhúcháin ar mhéaduithe beartaithe ar 4 reilig. Críochnaíodh obair deartha le haghaidh reilige nua amháin.



Tá cúig ionad athchúrsála ag an gComhairle a ghlacann le páipéar, cairtchlár, plaisteach, adhmaid, dramhaíl ghairdín, dramhaíl DIY, gloine, miotal, dramhearraí leictreacha, ceallraí, teicstílí, dramhola agus dramhaíl ghuaiseach tí le hathchúrsáil

Ionaid Athchúrsála

Tá cúig ionad athchúrsála ag an gComhairle a ghlacann le páipéar, cairtchlár, plaisteach, adhmaid, dramhaíl ghairdín, dramhaíl DIY, gloine, miotal, dramhearraí leictreacha, ceallraí, teicstílí, dramhola agus dramhaíl ghuaiseach tí le hathchúrsáil

Ionaid Athchúrsála	Líon na gCuariteoirí
Cluain Meala - An Carraigín	20,389
Caiseal - Lota Waller	19,632
Baile Thiobraid Árann - Dún Eochaille	10,238
Ros Cré	31,590
An tAonach	67,240

Bainc Beir Leat

Rinneadh athchúrsáil ar 102 tona de pháipéar, 2,780 tona de ghloine agus 97 tona de theicstílí ó bhailiúcháin ag ár 108 láithreán Banc Beir Leat.

Athchóiriú Líonta Talún

Leantar ar aghaidh le hathchóiriú láithreán Dhún Eochaille agus Bealach an Mhéine. Cuireadh tús le measúnuithe in dá láithreán líonta talún stairiúla eile i gCarraig na Siúire agus i mBaile Thiobraid Árann.



CLÁR OIBREACHA UM CHOSAINT AN CHOMHSHAOIL

An Chreat-treoir Uisce & Pleananna Bainistíochta Abhantraí

Bunaíodh Oifig Uisce agus Pobal an Údaráis Áitiúil i gCluain Meala i bhFeabhra 2016. Oibríonn an oifig mar sheirbhís roinnte thar ceann gach Údaráis Áitiúil, agus dhá phríomhchuspóir acu:

- Comhordú a dhéanamh ar obair na n-Údarás Áitiúil ar cháilíocht uisce trí struchtúir réigiúnacha chomhaontaithe, agus ar an mbealach sin cur chuige comhoibritheach a ghlacadh i dtreo bhainistíocht abhantraí.
- Plé le pobail áitiúla agus rannpháirtíocht phoiblí i mbainistíocht ár dtimpeallacht uisce a chur chun cinn.

Oibríonn an Rannóg Timpeallachta i ndlúthpháirt le LAWCO chun comhar maidir le bainistíocht ár dtimpeallacht nádúrtha uisce a chur chun cinn.

Imscrúdú an Truailithe agus Cigireachtaí

I 2016 thóg an Rannóg Comhshaoil 862 sampla in 150 ionad monatóireachta ar 56 abhainn i dTiobraid Árann. Tar éis comhoibriú a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sonraíonn an fhaisnéis a fuarthas ón gclár samplála sin stádas cáilíochta uisce na n-aibhneacha agus lochanna sa chontae. Faoi láthair comhlíonann os cionn 50% de na haibhneacha sa chontae an caighdeán Náisiúnta um cháilíocht Uisce mar atá stádas ard nó dea-stádas. Tá stádas measartha ag beagnach ceathrú d'aibhneacha, rud a thugann le tuiscint go mbíonn tionchar ag leibhéal ísle truailithe i gcónaí ar na haibhneacha sin.

Tá laghdú tagtha ar líon na n-uisceí neamhtruailithe gan mhilleadh ó 15 i 2010 go 6 i 2015. Tugann na sonraí is deireanaí faoi cháilíocht uisce gur cailleadh uisce stádas aird i gcodanna de na haibhneacha: Eatharlach, the Tar, an Loinneán, an Moiltín, an Port Nua, Clodiagh agus an tAonach.



Leanann an Rannóg Comhshaoil ar aghaidh ag fiosrú na bhfachtóirí a bhíonn freagrach as drochchaighdeán uisce go háirithe i gcodanna d'aibhneacha ar aithníodh iad mar bheith truailithe nó áit a léirítear sa mhonatóireacht go bhfuil an cháilíocht imithe i léig. Is í aidhm na monatóireachta imscrúdaithí sin ná na fadhbanna sonracha a aithint a bhíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce e.g. dabhcha séarachais, gníomhaíochtaí talmhaíochta, gníomhaíochtaí tráchtála etc.

Cigireachtaí Feirme

Rinneadh 181 cigireacht ar fheirmeacha chun críocho foinsí uisce óil a chosaint, truailliú a imscrúdú, imscrúduithe abhantraí agus obair leantach maidir le DCT.

Bainistíocht Cothaitheach

Rinneadh measúnú ar 47 bplean um bainistíocht cothaitheach um úsáid bithsholad ar thailte talmhaíochta.

Forfheidhmiú maidir le Truailliú Aeir

Ba í an phríomhghné ar cuireadh béim uirthi ná iad siúd a aithint atá ag obair gan deimhniú cuí agus oibreoirí a bhí cláraithe roimhe sin a bhailíochtú chun cinntiú go bhfuil na sonraí cruinn.

Ní mór go mbeadh ceadanna le hoibriú ag stáisiúin pheitрил & siopaí spraeophéinteála mótarfheithicilí agus na Cuideachtaí Cógaisíochta ar scála níos lú agus is gá go ndéanfadh measúnóirí faofa agus an t-údarás áitiúil cigireacht orthu.

Earnáil	Cigireachtaí
Tirimghlantóirí & an Earnáil Chógaisíochta (úsáid tuaslagán ar scála beag)	9
Athchríochnaitheoirí Feithicle agus Díoltóirí/Soláthraithe Péinte	13
Stáisiún Pheitрил Astuithe gal pheitрилiam & aisghabháil ghal peitрил le linn athbhreoslaithe	13
Soláthraithe Breosla Margaíocht, Díolachán, Scaipeadh agus Dó Breoslaí Sonraithe	Cuairteanna ar sholáthraithe chun feasacht a mhúscailt



I 2016 thóg an Rannóg Comhshaoil 862 sampla in 150 ionad monatóireachta ar 56 abhainn i dTiobraid Árann. Faoi láthair comhlíonann os cionn 50% de na haibhneacha sa chontae an caighdeán Náisiúnta um cháilíocht Uisce mar atá stádas ard nó dea-stádas.

Córais Tí um Chóireáil Fuíolluisce

D'fhoilsigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an Plean Náisiúnta Cigireachta 2015-2017 agus aithnítear ann líon na gcigireachtaí ar umair mhúnlaigh atá le déanamh ag Comhairle Contae Thiobraid Árann gach bliain. Tá an plean cigireachta bunaithe ar riosca; díreann cigireachtaí ar na háiteanna inar mó an riosca féideartha do shláinte phoiblí agus d'acmhainní uisce luachmhara. Is féidir tuarascáil faoi thorthaí an Phlean Náisiúnta Cigireachta a fháil ar láithreán gréasáin an GCC www.epa.ie

Líon iomlán na DWWTS a ndearnadh cigireacht orthu i 2016	48
Fógraí Comhairleacha Eisithe	15

Cigireachtaí ar Shaoráidí Ceadúnaithe Ceadúnais Doirte

I gcás gníomhaíochtaí ina scaoiltear dramhuisce díreach chuig abhainn nó ina scaoiltear méideanna móra chuig screamhuisce, tá ceadúnas ina cheangal, i gcomhréir le Cuid 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977-2007. Nuair a eisítear ceadúnas, leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar na hoibríochtaí sin chun déanamh cinnte go bhfuil gach córas cóireála ag oibriú go héifeachtach agus nach bhfuil siad ag cur le truailliú.

Cigireachtaí ar na saoráidí ceadúnaithe	153
Ceadúnais Chuid 4 (Doirteadh chuig uisce) eisithe	61



CLÁR OIBRE UM FORFHEIDHMIÚ AGUS BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Forfheidhmiú Dramhaíola

Tar éis gur glacadh leis an 'mBeartas Forfheidhmithe um Ghníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe 2014, i rith 2016 thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi roinnt gníomhartha faoin Acht um Bainistíocht Dramhaíola 1996, mar atá leasaithe, i gcoinne daoine a bhí i mbun aistriú, bailiúcháin, coimeád, aisghabháil agus diúscairt neamhúdaraithe dramhaíola, agus neamhchloí leis na húdaruithe reatha.

Líon na gníomhartha forfheidhmithe	Líon
Litreacha rabhaidh eisithe	75
Fógraí Forfheidhmithe Eisithe	12
Ionchúisimh Tionscanta	0

Ba é líon na gcigireachtaí comhshaoil a rinneadh faoin reachtaíocht um Bainistiú Dramhaíola ná 420. Chuimsigh an figiúr sin cigireachtaí a bhí beartaithe agus nach raibh beartaithe de réir raon rialachán mar chuid dá bplean RMCEI (Íoschritéir Mholta um Chigireachtaí Comhshaoil).



Reachtaíocht Bainistíochta Dramhaíola	Cigireachtaí
Na Rialacháin um Chead agus Chlárú Saoráide 2007-2015	33 chigireacht ar na saoráidí atá údaraithe le Ceadanna Saoráide Dramhaíola. 13 chigireacht ar na saoráidí atá údaraithe le Teastais Chláraithe.
Na Rialacháin um Chead Bailiúcháin 2007-2015	24 chigireacht um Chead Bailithe Dramhaíola
Na Rialacháin Phacáistithe 2014	2 Chigireacht ar Mhórháirgeoirí Pacáistithe 3 chigireacht ar mhórháirgeoirí amhrasta
Na Rialacháin um Feithicilí a Bhfuil a Ré Caite 2014	4 chigireacht ar Tháirgeoirí ELV.
Na Rialacháin ar Bhoinn/Dhramhbhoinn 2007	124 cigireacht ar sholáthraithe boinn.
Rialacháin an AE (DLTT) 2014 & Rialacháin an AE (Ceallraí) 2014	39 gcigireacht maidir le DTLL agus 78 gcigireacht maidir le Ceallraí ar sholáthraithe DTLL/Ceallraí.
An Rialachán ar Phlaistigh Fheirme 2001	Rinneadh cigireacht ar 16 Mhiondíoltóir maidir leis an tobhach um scannán plaisteach feirme. 3 lá cigireachta leis an IFFPG um athchúrsáil ar Phlaisteach Feirme.
Na Rialacháin ar Thobhach um Málaí Plaisteacha 2001-2007	Rinneadh cigireacht ar 12 Miondíoltóir i ndáil leis an tobhach mála phlaistigh.
Na Rialacháin ar Dhramhaíl Bhia 2009	18 gcigireacht ar tháirgeoirí tráchtála dhramhaíl bia.
Na Rialacháin ar Dhiúscairt Dramhaíola trí Dhó a Chosc) 2009 – 2015	141 Dearbhú Fógra faoi dhó talmhaíochta Rinneadh 12 chigireacht ar dhó rialaithe.
Na Rialacháin ar Dhramhaíl Eastóscach 2009	3 chigireacht ar láithreáin dramhaíola eastóscaí.
Seicphointí Bóthair Cigireachtaí Ilghníomhaireachta ar Dhramhaíl Ghuaiseach Oibríochtaí CCTV Gníomhaíocht Dramhaíola gan Chead	5 Sheicphointe 6 Chigireacht le NTFSO 9 gcigireacht i ndáil le Dramhaíl Ghuaiseach 42 CCTV curtha isteach 12 chigireacht maidir le gníomhaíocht dramhaíola gan chead

Bainistíocht Dramhaíola

Mar chomhúdarás ceannasach le Comhairle Contae Luimnigh ar Phlean Réigiúnach Dramhaíola an Deiscirt agus mar gheall ar ár gcuid oibleagáid don Údarás Ceannasach ar Fhorfheidhmiú Dramhaíola sa Tuaisceart, chuir an fhoireann forfheidhmithe dramhaíola i bhfeidhm roinnt clár maidir le boinn, FRCanna agus cur i bhfeidhm an Chóras Íoc de Réir Meáchain um Bailiú Dramhaíola Tí. Baineadh triail as dhá thionscnamh chun tionchar "Íoc de Réir Meáchain" ag ár gcuid láithreán fónas sibhialta a mheas. Baineadh úsáid as maoirseacht CCTV, glanadh suas agus seicphointí bóthair chun déileáil le dumpáil mhídhleathach. Tugadh isteach bearta um chosc na dramhaíola sna hoifigí cathrach. Bunaíodh dhá fhoireann geatabhealaigh chun cabhrú leis an rannóg comhshaoil bruscar a bhaint ó na bóithre isteach.

Gearáin

Fuair an rannóg comhshaoil 2,493 gearán, agus réitíodh 94% díobh siúd i rith na bliana. D'eisigh na hOifigigh Forfheidhmithe Comhshaoil 114 "Fíneáil ar an láthair" um chionta bruscair.



Ba é líon na gcigireachtaí comhshaoil a rinneadh faoin reachtaíocht um Bainistiú Dramhaíola ná 420.



AN CLÁR OIBRE UM FEASACHT FAOIN GCOMHSHAOL

D'oibrigh an fhoireann um feasacht faoin gcomhshaol le grúpaí pobail éagsúla chun feasacht a ardú trí shraith tionscadal. Cuireadh timpeall 2,000 féilire inar taispeánadh imeachtaí feasachta poiblí i rith na bliana chuig gach Grúpa Pobail agus Scoil sa Chontae.

Leantóir agus Scuabadóir Feasachta Poiblí



Thóg bail foirne an leantóir Feasachta Poiblí chuig láir bhaile éagsúla agus freisin d'fhreastail siad ar Sheónna na Báinsí, Chluain Meala, an Aonaigh agus Dhumha Aille chun feasacht phoiblí a ardú agus eolas a thabhairt faoi raon de shaincheistanna comhshaoil.

I 2016 sheol an Chomhairle scuabadóir bóthair nua chun bruscar a bhaint dár gcuid bóithre. Rinneadh trialacha i ngach ceann de na 5 Cheantar Bardasach, inar aithníodh na háiteanna ina raibh go leor bruscair agus na méideanna de dhramhábhair a caitheadh amach.



Trucail Scuabadóra ag glanadh an chiumhais féir lasmuigh de Shráidbhaile Dhún Droma

Tionscnamh um Feasacht faoi Shalú Madraí



Tugadh faoi thionscnamh píolótach an-rathúil i gCaiseal i dteannta leis na grúpaí Bailte Slachtmhara agus Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann.

Tá sé beartaithe an tionscnamh sin um feasacht faoi shalú madraí a chur i bhfeidhm ar fud an chontae.

Cuireadh isteach Dáileoírí Lámhainní Madra (Mutt Mitt) i roinnt bailte/sráidbhaile chun úinéireacht fhreagrach madraí a spreagadh agus chun deireadh a chur le salú madraí.



Tionscadal um Scagadh Dramhaíola

D'eagair an fhoireann um feasacht faoin gComhshaol tionscnamh le hIonad Acmhainní Chnoc an Ráiléigh, inar tugadh cuireadh do 10 dteaghlach a gcuid dramhaíola tí a scagadh i gcaitheamh 10 seachtaine agus leas a bhaint as na háiseanna i Láithreán Fóntas Sibhialta Dhún Eochaille.

Diúscairt Ceallraí

I gcomhpháirt le WEEE Ireland agus an Laura Lynn Foundation, scaipeadh 1,000 bosca beag chuig grúpaí pobail éagsúla chun críocha ceallraí caite a bhailiú. Cuireadh drumaí bailiúcháin móra sna háiteanna fáiltithe in oifigí na Comhairle, sna leabharlanna agus i linnte snámha.

Gan Dramhaíl ar Bith - Caiseal

Roghnaíodh Caiseal mar an gcéad bhaile píolótach in Éirinn chun clár um áit gan dramhaíl ar bith a chur i bhfeidhm. Tá an rannóg comhshaoil ag obair i gcomhpháirt le hoifig Réigiúnach Dramhaíola an Deiscirt agus le VOICE carthanas comhshaoil arb í dramhaíola a sainréimse agus leis an ngeilleagar ciorclach chun ról a thabhairt do grúpaí pobail áitiúla.



I 2016 sheol an Chomhairle scuabadóir bóthair nua chun bruscar a bhaint dár gcuid bóithre.



Grianghraf le John O'Neill

CLÁR OIBRE SEIRBHÍSÍ POBAIL

Scaip Comhairle Contae Thiobraid Árann níos mó ná 600 paca crainn agus blátha fhiáin chuig scoileanna agus grúpaí pobail éagsúla. Chláraigh 395 grúpa pobail chun páirt a ghlacadh sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann pacáí glantacháin ar fáil do gach duine a ghlac páirt san imeacht.

An Scéim Deontas um Bhailte Slachtmhara



Bliain eisceachtúil eile ab ea 2016 don chontae agus go leor bailte agus sráidbhaile ag taifeadh feabhais ar fheidhmíocht agus Cnocán an Éin Fhinn fógartha mar an mbuaiteoir sa chatagóir Sráidbhailte Slachtmhara. Scaipeadh deontais arbh fhiú €146,270 san iomlán iad i measc 103 baile agus sráidbhaile.

Deontais an Chláir Áitiúil 21

Trí chúnamh deontais de €31,400 tugadh cúnamh do 49 ngrúpa pobail chun tabhairt faoi thionscadail chomhshaoil ar scála beag.

Tionscnamh Athúsáid/Athchúrsáil

Mar chuid den mhí Athúsáid/Athchúrsáil i nDeireadh Fómhair a d'eagair Oifig Réigiúnach Dramhaíola an Tuaiscirt, bhain sé ghrúpa sheid na bhfear úsáid as pailéid athchúrsáilte agus péint chun troscán gairdín a chruthú.



Tá 184 scoil sa chontae cláraithe leis An Taisce mar chuid de chlár an Bhrait Ghlais.

Clár na Scoileanna

Tá 184 scoil sa chontae cláraithe leis An Taisce mar chuid de chlár an Bhrait Ghlais. I rith na bliana scoile 2015/2016, bronnadh Brat Glas ar 52 scoil i dTiobraid Árann ag searmanas dámhachtainí i gCill Chainnigh. Bronnadh a gcéad bhrat le haghaidh Bruscair agus Dramhaíola ar 6 scoil.

Tharraing Comórtas Bliantúil na Scoileanna Slachtmhara 49 n-iarracht agus roinneadh ciste duaise de €8,400 lena aghaidh.

Cuireadh timpeall an Nuachtlitir Scoileanna Glas chuig gach scoil sa chontae i mí Bhealtaine agus mí na Samhna.

Seirbhísí um Rialú Madraí

Tugadh suas 595 madra do na Maoir Madraí nó gabhadh iad. As an líon sin fuarthas cóiríocht nua do 466 díobh. Ba é líon na madraí a bhí ceadúnaithe sa chontae ná 9,469. Oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann le roinnt eagraíochtaí um leas ainmí chun cóiríocht nua a chur ar fáil do mhadraí.

Rialú Capall

Ba é líon na gcapall a gabhadh i 2016 ná 129.

Sábháilteacht Bia

Rinneadh 924 cigireacht san iomlán ar na 22 seamlas ar fud an chontae. Leis na cigireachtaí sin déantar cinnte go bhfuiltear ag comhlíonadh caighdeán um leas ainmhithe agus sláinteachas i seamlais roimh mharú agus ina dhiaidh. Rinneadh cigireacht ar 2,319 eallach, 7,121 caora, 1,095 muc, 15 ngabhar agus 2,515 fia sna seamlais sin.

FEIDHMÍOCHT FUINNEAMH

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag laghdú an éilimh ar fhuinneamh agus ag méadú a sciar d'fhuinneamh inathnuaite ar aon dul leis an Straitéis um Athrú Aeráide arbh í an aidhm atá i gceist léi ná coigiltis a bhaint amach ó thaobh idiú fuinnimh agus cur le laghdú ar lorg carbóin CCTÁ.

I 2016 thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Tugadh faoi chlár mór um oibreacha iarfheistithe fuinnimh in ocht stáisiún dóiteáin (Cluain Meala, Baile Thiobraid Árann, Cathair Dúin Iascaigh, Carraig na Siúire, an Port Nua, Buiríos Uí Chatháin, Durlas agus Ros Cré), aon ionad fóillíochta amháin (Baile Thiobraid Árann) agus aon chóras soilse poiblí amháin (páirc ghnó an Charraigin, Cluain Meala) faoi Chlár an SEAI um Pobail Fuinnimh Níos Fearr. Rinneadh na háiseanna sin níos compordaí don phobal agus bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann amach coigiltis de 248,422kWh agus €22,433 in aghaidh na bliana.

Sa tábla seo a leanas déantar achoimre ar chostas agus idiú bliantúil fuinnimh agus breosla ag Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2015:

Leictreachas 2015 - Caiteachas Bliantúil Iomlán	€2,531,267
Leictreachas 2015 - Caiteachas Bliantúil ar Shoilse Poiblí	€800,530
Breoslaí Iompair 2015 (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Bliantúil Iomlán	€977,947
Breoslaí Téimh 2015 (Gás / ola / bithmhais etc) - Caiteachas Bliantúil Iomlán	€399,055
Leictreachas 2015 - kWh Bliantúil Iomlán	13,134,203 kWh
Leictreachas 2015 - kWh Bliantúil úsáidte ag Soilse Poiblí	8,628,417 kWh
Giniúint Leictreachais In-athnuaite 2015	175,490 kWh

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ar an mbóthar ceart chun ár sprioc a chomhlíonadh; is é sin ná úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020. I dtuarascáil an SEAI ar Úsáid Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, a foilsíodh i mí Aibreáin 2016, tugadh achoimre ar shonraí fuinnimh ar fud na hearnála poiblí agus dearbhaíodh an méid sin.

Is ar an mbunús sin ar rangaigh SEAI Comhairle Contae Thiobraid Árann sa 1ú háit as 31 Údarás Áitiúil a chuir isteach sonraí.

Bainistíocht Fuinnimh



Shínigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Cúnamh na Méaraí i mí Fheabhra 2015. Tríd an gcúnamh a shíniú, tá gealltanas tugtha ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun Plean Gníomhaíochta um Fuinneamh Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm don chontae, agus é mar aidhm astuithe CO2 a laghdú faoi 20% ar a laghad faoi 2020.

I gcaitheamh 2016 bunaíodh coiste stiúrtha chun ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíochtaí a mbíonn tionchar mór acu ar úsáid fuinnimh i dTiobraid Árann.

D'fhéach an coiste sin thar scríobh Phlean Gníomhaíochta Thiobraid Árann um Fuinneamh Inbhuanaithe (PGFI) ina bhfuil sonraí faoi ghníomhartha a chabhróidh le Tiobraid Árann a sprioc a chomhlíonadh mar atá astuithe carbóin a laghdú faoi 20% faoi 2020. Tá an tuarascáil á tabhairt chun críche agus cuirfear faoi bhráid Chomhairle Contae Thiobraid Árann é in earrach 2017.

I gcomhpháirt le Teagasc d'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Coláiste an Ghoirtín reáchtáladh an chéad imeacht faoi Fuinneamh sa Talmhaíocht ar an 23 Lúnasa 2016. D'fhreastail 1200 duine ar an ócáid chun foghlaim faoi ghiniúint fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh sa talmhaíocht ó thaispeántóirí ceirde agus saineolaithe tionscail.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & TARRTHÁLA



OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN

Coimeádann an Chomhairle briogáidí dóiteáin in dá cheann déag d'ionaid (An tAonach, Durlas, Ros Cré, Teampall Mór, Buiríos Uí Chatháin, An Port Nua, Cloch Shiurdáin, Cluain Meala, Caiseal, Cathair Dúin Iascaigh, Baile Thiobraid Árann agus Carraig na Siúire) agus i 2016 thug na briogáidí dóiteáin sin freagra ar 1251 eachtra san iomlán. Rinneadh dul chun cinn suntasach arís i 2016 ó thaobh chomhchuibhí na nósanna imeachta oibríocháin, trealaimh agus oiliúna ar fud na seirbhíse nua-chumascha.

OILIÚINT AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA

Rinne baill go léir na seirbhíse clár cuimsitheach oiliúna i 2016. Ina theannta sin, bhí bliain an-ghnóthach ag Ionad Oiliúna agus Forbartha Chluain Meala agus idir cúrsaí inmheánacha agus cúrsaí a rith custaiméirí seachtracha á n-éascú aige. The ISO9001 Cáilíocht Mórigeandálaí Táille Chaighdeánach was extended from the Ionad Oiliúna to now cover all of the An Tseirbhís Dóiteáin in 2016 following Nasc seachtrach Audits BY NSAI in August 2016.

SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN

I dteannta lena chuid gníomhaíochtaí oibríocháin, bhí an tSeirbhís Dóiteáin an-ghníomhach maidir le sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn agus leanann sí ar aghaidh ag déanamh cigireachtaí ar fhoirgnimh ina dtionólan an pobal mar iarracht chun cabhrú le húinéirí foirgnimh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Sheirbhís Dóiteáin 1981 & 2003.

I measc na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu i rith 2016 chun feachtas faoi shábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn bhí:

- Thug comhraiceoirí dóiteáin as gach briogáid i dTiobraid Árann cuairt ar rang a 3 i dTiobraid Árann chun an clár Fhoireann Sábháilteachta a chur ar fáil. Is é cuspóir an chláir ná páistí a chur ar a n-eolas faoi chontúirtí an dóiteáin ionas go dtabharfaidh siad siúd, faoi seach, an teachtaireacht abhaile agus ar an mbealach sin go bhfeabhsófar sábháilteacht dóiteáin sa teach agus sa phobal.
- Rannpháirtíocht sa tSeachtain um Shábháilteacht Dóiteáin i nDeireadh Fómhair. Mar chuid de sin reáchtáladh seisiún feachtas poiblí i gcoimpléisc siopadóireachta áitiúla, stáisiúin seirbhíse mótarbhealaigh, láir bhaile agus roinnt agallamh raidió ag baill foirne éagsúla. Reáchtáil roinnt stáisiún dóiteáin laethanta oscailte i rith na seachtaine um shábháilteacht dóiteáin.
- Reáchtáladh seimineáir Óstán san Óstán Anner i nDeireadh Fómhair 2016. D'fhreastail 30 san iomlán ón Earnáil Óstán.
- Cuireadh tús le Tionscadal Píolótach Aláraim Dóiteáin in éineacht le Grúpaí Foláirimh Pobail agus Faire Comharsanachta áit a dtugann Baill Foirne ón tSeirbhís Dóiteáin cuairt ar thithe Daoine sa Phobal agus a ndéanann siad Cuairteanna um Shábháilteacht ó Dhóiteán lena n-áirítear Aláraim Dóiteáin más gá. Díreann an tionscadal sin ach go háirithe ar thithe daoine breacaosta agus leochaileacha inár gcuid pobal.
- Bunaíodh leathanach Facebook agus cuntas Twitter le haghaidh Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann agus tá ag éirí go han-mhaith leis an dá rud agus beagnach 7000 leantóir acu.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Choimeád Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann OHSAS 18001:2007

Aithníodh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann ag na Dámhachtainí Náisiúnta Sábháilteachta 2016 agus an dámhachtain mór le rá as an tSeirbhís Phoiblí is fearr bronnta orthu don dara bliain as a chéile. Tugann na dámhachtainí, a eagraíonn Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteachta na hÉireann, (NISO), ómós dóibh siúd arbh léir gur bhain siad amach barr feabhais agus iad ar lorg sábháilteachta san ionad oibre. Leis an dámhachtain neartaíodh stádas Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann mar cheannairí sábháilteachta ina n-earnáil.



Ar Cúl C-D: Fergal McKeivitt, NISO, Marcus O'Connor DOS, Liam Quinn, Oifigeach S&S, Edwin Cahill FF Buiríos Uí Chatháin, John Paul O'Dwyer, FF Carraig na Siúire, Paul Gallagher ACFO.

Ar Tosach: C-D: John Lee SSO Ros Cré, Garret McLoughlin SACFO, Siobhan Ambrose Cathaoirleach, Dave Carroll, POD, Wesley Hickey SSO Baile Thiobraid Árann...


Bronnadh an dámhachtain ar an gComhairleoir Siobhan Ambrose, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag searmanas i gCill Áirne.

I 2016 ba í Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann an chéad Seirbhís Dóiteáin in Éirinn a thug faoi chláir corpacmhainne atá dírithe go sonrach ar chomhraiceoirí dóiteáin. Rinneadh é sin i gcomhpháirt le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT) faoi stiúir an Dr Liam Hennessy, Stiúrthóir Acadúil Choláiste Setanta a ritheann an clár acadúil um neart agus chleachtadh ar Champas LIT i nDurlas.

RIALÚ TÓGÁLA

Fuarthas 86 hiarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, 59 n-iarratas ar Theastas Rochtana um Dhaoine faoi Mhíchumas agus 301 Fógra Thosach Feihme i 2016. Rinneadh 56 chigireacht Rialaithe Tógála i 2016.

SEIRBHÍSÍ UISCE



Cé go bhfuil freagracht as seirbhísí uisce curtha ar aghaidh go hUisce Éireann ón 01 Eanáir 2014, tá ról mór ag údaráis áitiúla san earnáil fós agus iad ag feidhmiú mar ghníomhairí d'Uisce Éireann maidir le hoibriú agus cothabháil seirbhísí.

Ciallaíonn an t-aistriú sin go bhfeidhmíonn údaráis áitiúla faoi Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann. Is é Uisce Éireann a shocróidh an leibhéal seirbhíse, i bhfianaise a chonartha leis an rialaitheoir eacnamaíoch, agus éifeachtúlacht agus infheistíocht luathaithe a stiúradh. I dteannta leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse, ní mór Plean Seirbhíse Bliantúil a ullmhú trí próiseas comhphleanála idir an Chomhairle agus Uisce Éireann.

TIONSCADAIL CHAIPITIL

Ar an 13 Bealtaine 2014 d'fhoilsigh Uisce Éireann a Phlean um Infheistíocht Chaipitil (PIC) le haghaidh 2014 go 2016. Tugtar tús áite d'infheistíocht sna háiteanna inar féidir leis na feabhais is práinní a bhaint amach ó thaobh cháilíocht uisce óil, ligean, fáil uisce, comhlíonadh fuíolluisce, éifeachtúlacht agus seirbhís do chustaiméirí.

Clár Mhórinfeistíocht Chaipitil Uisce Éireann - Tiobraid Árann

A. Scéimeanna á dtógáil	Ainm an Chonartha	Comhairleoir	Conraitheoir	Stádas reatha na Scéime
SSUR na Cúirte Dóite & Fhíodh Ard	Conradh SSUR DTO na Cúirte Dóite & Fhíodh Ard	Nicholas O'Dwyer	Glan Agua Limited	Críochnaithe. Rinneadh an scéim sin a choimisiúnú i samhradh 2016
Caomhnú Uisce Céim 3 SSUR Fhíodh Ard	SSUR Fhíodh Ard Athshlánú Líonra agus Réamhscéim Séarachais Fhíodh Ard	Ryan Hanly	David Walsh Civil Engineering	Príomhscéim críochnaithe. Píblínte breise á dtógáil.
SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala (Réamhoibreacha)	Príomhphíobán & Tollpholl na Gráige Conradh Uimh.3	Nicholas O'Dwyer	Wills Bros.	Tús Curtha leis an gConradh Eanáir 2015. Beagnach críochnaithe
Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh	Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh	JB Barry	Balfour Beatty	Cuireadh tús leis an gconradh ar an 04 Eanáir 2016. Conradh 78 seachtaine.
Scéim Séarachais an Aonaigh	Líonra Fuíolluisce an Aonaigh Réamhoibreacha	JB Barry	Balfour Beatty	Cuireadh tús leis an gconradh ar an 04 Eanáir 2016. Conradh 78 seachtaine.
SSUR Dhurlas Conradh 2 (ICU & píblínte)	Iontógáil Clodiagh Réamhoibreacha	Nicholas O'Dwyer	Glan Agua Limited	Cuireadh tús leis an gConradh i mBealtaine 2016. Beagnach críochnaithe.

B. Athbhreithniú ar Raon Feidhme agus cuir tús le tógáil (Athbhreithniú IW)	Ainm an Chonartha	Stádas reatha na Scéime
SSU Bhaile Chluain Meala (Réamhoibreacha)	Stóráil Thuaidh ó Chluain Meala agus Píblínte	Ceapadh Nicholas O' Dwyer mar chomhairleoir. Dearadh ar siúl.
Conradh SSUR Dhurlas 2 DTO Ionad Cóireála Uisce (ICU) & píblínte bhóthar na Mainistreach	SSUR Dhurlas Conradh 2 DTO Ionad Cóireála Uisce & píblínte	Nicholas O'Dwyer ceaptha mar Chomhairleoir. Athbhreithniú ar an dearadh ar siúl. Réamhchálíú déanta. Pleanáil ar siúl.
SSUR Fhíodh Ard	Tobar Mullenbawn	Nicholas O'Dwyer ceaptha ag Uisce Éireann mar Chomhairleoir
SSUR Ard Fhíonáin/na Cúirte Dóite	Oibreacha M&E Fuarán Bhaile Uí Lúbaigh agus na Cille Rua	JB Barry ceaptha mar chomhairleoir
SSU Bhaile agus Tuath Chluain Meala (RTT & Ordú um Astarraingt Uisce)	SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala –ICU, Taiscumair, Oibreacha Iontógála agus Píblínte Conradh DTO	Ceapadh Nicholas O' Dwyer mar chomhairleoir. Dearadh ar siúl.
Scéim Séarachais Ros Cré	Plean Limistéir Draenála	Jacobs Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Scéim Séarachais Dhurlas	Plean Limistéir Draenála	Jacobs Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Scéim Séarachais an Aonaigh	ICFU & Uasghrádú Líonra	ARUP Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Caomhnú Uisce Céim 3 SSUR na Cúirte Dóite	Athchóiriú Phríomhlíonra Uisce na Cúirte Dóite	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Scéim Séarachais Ghráinseach Mhóicléir	ICFU & Líonra	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe

C. Lean ar aghaidh le Pleanáil agus Athbhreithniú ar Chás Gnó (IW i mbun Athbhreithnithe)	Ainm an Chonartha	Stádas reatha na Scéime
Scéim Séarachais Fhíodh Aird	Scéim Séarachais Fhíodh Aird	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Scéim Séarachais Bhéal an Átha / Chill Dá Lua	ICFU & Uasghrádú Líonra	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Scéim Séarachais an Teampail Mhóir	Uasghrádú Líonra	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Scéim Séarachais Bhuiríos Ó Luigheach	Uasghrádú ICFU	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe

MIONCHLÁR CAIPITIL UISCE ÉIREANN

Tá an clár leanúnach ceaptha chun tosaíocht a thabhairt do chaiteachas ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, chun aithint cad iad na háiteanna is mó ina bhfuil cistiú ag teastáil trí dhíriú ar riocht agus feidhmíocht shonrach sócmhainní, bunchúiseanna fadhbanna a aithint agus déileáil leo siúd.

Déileálann an clár le saincheistanna mar cháilíocht uisce, fáil uisce, S&S, comhlíonadh rialála (GCC), baol don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus leibhéal seirbhíse a choimeád trí dhéileáil le sócmhainní atá ag tearcfheidhmiú.

Déanann Uisce Éireann athbhreithniú ar na tionscadail go léir faoin Mionchlár Caipitil a gcuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh sula bhfaomhtar iad.



Ionad Cóireála Uisce Nua An Chúirt Dóite

An Mionchlár Caipitil

Clár	Ainm an Tionscadail	Stádas reatha na Scéime
Liosta Gníomhartha Leasúcháin (LGL)	Teampall Eithne	Idir lámha leis an scéim caipitil
An Clár Dífhabhtaithe	Áth an Chuilinn, Tulach Aodha,	ANB curtha isteach
An Clár Dífhabhtaithe	Ros an Droichid	D'ullmhaigh IW tuarascáil ar bharrfheabhsú próisis. Déanfaidh IW é a chur chun cinn.
Clár toraidh thapa	ICFU Lios Fearnáin	Ar siúl
Clár um Feabhsú Beag ar ICFU	ICFUNna Chloch Shiurdáin agus Mhuileann na hUamhan	Cloch Shiurdáin - Thosaigh an Conraitheoir ar an 16 D.F. Muileann na hUamhan - Cead pleanála tugtha
Clár um Feabhsú Beag ar ICFU	10 ICFU – Déan Measúnú agus Uasghrádú ar oibreacha ionraoin	Ag an réamhchéim
Príomhphíobhán uisce nua chun am teagmhála sásúil a bhaint amach	SU Bhuiríos Ó Luigheach	Le tosú
Oibreacha Uasghrádaithe ar Ábhar Foirgnimh	ICU Dhún Droma	Sceideal oibreacha á ullmhú ag IW
Forbairt tollphoill agus oibreacha sibhialta	Glaise an Ghuail	Ar siúl
Uasghrádú scagaire	Uasghrádú ar ICU Poulavanogue	Ar siúl
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Cill Rois go Ragg, Tullys Cross go Cnocán an Éin Fhinn, Beggars Seat, Béal an Átha	Conradh le tosú.
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Garraí Uí Chinnéide	Chuir CCTÁ tús le hoibreacha saothair díriú.
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Tiobraid Árann	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Fiodh Ard – Baile an Aird go dtí An Cluainín & An Cluainín go Cappanagrane	Ar siúl
Clár DMA	Brath Igin Fhiodh Aird & na Cúirte Dóite	Ar siúl
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Uasghrádú ar fud an contae go PRVanna	Tabharfaidh conraitheoirí cuairt ar láithreán chun an tairiscint a ullmhú
Dáileadh feireach	Buiríos Uí Chatháin, Cloch Shiurdáin, An Cheapach, Ros Cré, Mainistir na Croiche	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Díchoimisiúnú dáilte fheirigh	An Bóthar Leathan, Baile an Fhantaigh, An Bháinseach, Lios Ruanach, An Drongán, Faiche Ró, Imleach, Buiríos Ó Luigheach	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Clár Díghalraithe ar fud an chontae i gcomhpháirt le Luimneach	43 láithreán ar fud an Chontae	Cáipéisí tairisceana á n-ullmhú ag IW
Monatóireacht & samplán sreafa in ICFUNna	Ar fud an chontae	Cáipéisí tairisceana á n-ullmhú ag IW
Fuinneamh & Éifeachtúlacht	ICFU an Aonaigh - córas aeraithe idirleata mínbhogáin	Oibreacha críochnaithe ag an gconraitheoir Fadhbanna leanúnacha leis
Fuinneamh & Éifeachtúlacht	ICU an Aonaigh - Caidéil Amhuisce	Críochnaithe
Clár scagaire & téachta	ICU an Aonaigh – uasghrádú ar mheáin scagtha	Conraitheoir le ceapadh.
HSQE	Clár uisce	Ar siúl
HSQE	Clár fuíolluisce	Ar siúl
Athchóiriú ar thaiscumar	Lothra - bóthar isteach	

AN CLÁR UISCE TUAITHE

Mar gheall ar infheistiú €454,382.57 faoin gClár Uisce Tuaithe, 2016, rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar bhonneagar an Chlár Uisce Tuaithe. Is é ár gcuspóir ná leanúint ar aghaidh le cloí ard an cháilíocht uisce óil i dTiobraid Árann leis an tosaíochtaí atá leagtha síos i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014.

Rinneadh tionscadail faoi na ceanteidil seo a leanas:

- soláthar áiseanna cóireála agus díghalraithe (€150,688.93);
- bearta um chosaint foinse (€24,437.50);
- athchóiriú agus uasghrádú córas dáilte (€260,106.15)
- forbairt tuaithe (€15,300); agus
- nuálaíocht agus taighde (€6,849.99).

An Coiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe:

Tá 14 chomhalta ar an gCoiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe de chuid na Comhairle. Tá na comhaltaí déanta suas de 5 comhaltaí na Comhairle Contae, 3 ionadaithe ó na grúpscéimeanna uisce, 2 ionadaithe ó eagraíochtaí tuaithe sa chontae agus ionadaí ón gCónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna Uisce agus 3 oifigeach Comhairle. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste i 2016 i nDurlas. Bhásaigh an Comhairleoir Willie Kennedy, ball den CMUT go trágóideach i rith na bliana. Tá an Coiste buíoch don Chomhairleoir Kennedy as a ghealltanais láidir chun oibriú le haghaidh leas an Chontae le linn a shaoil phoiblí.

Ní mór tabhairt faoi fheabhsú cháilíocht, iontaofacht agus éifeachtúlacht soláthairtí uisce tuaithe ar bhealach struchtúrach, agus an Chomhairle, grúpscéimeanna uisce agus páirtithe leasmhara tuaithe eile ag obair as lámh a chéile chun cuspóirí roinnte a chomhlíonadh agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

Clúdaíonn caiteachas i gContae Thiobraid Árann i 2016 i dtaobh grúpscéimeanna uisce na réimsí seo a leanas:

- leithdháileadh tosaigh bloodheontais (€308,165);
- leithdháileadh breise bloodheontais (€€149,217.57); agus
- fóirdheontas bliantúil um chothabháil grúpscéimeanna uisce (atá inaisíochta ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DoHPCLG) (€271,164);.

I gcomhairle leis an gCoiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe, déanann an Chomhairle iarratas ar an DoHPCLG i mí Eanáir um maoiniú bloodheontais don bhliain dar gcionn. Ba í 2016 an chéad bhliain de Chlár Ibhliantúil 2016 – 2018 agus iarradh cistí le haghaidh na tréimhse i mí Eanáir.

Deontais chun soláthar uisce aonair a chur ar fáil do theach nó feabhsú riachtanach a dhéanamh air:

Fuarthas 60 iarratas i rith 2016 agus d'fhaomhadh 56 díobh. Íocadh 44 Dheontas le hiarratasóirí agus íocadh 77% astu siúd ag an uasráta de €2,031. Infheistíodh €83,839.65 san iomlán faoin scéim. Is í Comhairle Contae Thiobraid Árann atá freagrach fós as an mbeart a riar. Aisíocann an DoHPCLG deontais arna n-íoc.



Tá 14 chomhalta ar an gCoiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe de chuid na Comhairle.

Deontais iníochta de bhun na Rialacháin ar chórais cóireála fuíolluisce tí (Cúnamh Airgeadais) 2013:

I 2016, fuarthas agus faomhadh aon iarratas amháin agus íocadh deontas ar luach €3,970 leis an iarratasóir. Aisíocann an DoHPCLG deontais.



Deontais Iníochta faoi na Rialacháin um Leasúchán Luaidhe Baile (Cúnamh Airgeadais) 2016 (I.R Uimh.56 de 2016).

Seo beart nua cúnamh airgeadais ar tugadh feidhm dó i 2016. Fuarthas aon iarratas amháin, ag deireadh 2016. Aisíocann an DoHPCLG deontais.

Is é cuspóir an Deontais, a bunaíodh i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Luaidhe, ná nochtadh do luaidhe in uisce óil tí a laghdú. Cabhróidh sé le teaghlaigh ar ioncam íseal íoc as píobáin nua in ionad píobán luaidhe agus feistis nua a chur ina dtithe.

Is iad príomhghnéithe na scéime ná:

- ní mór go mbeadh cónaí ar an iarratasóir san áitreabh atá i gceist mar a P(h)riomháit Chónaithe;
- Ní mór iad seo a leanas a bheith ag na hiarratasóirí:
 - › fógra ó Sholáthraí Uisce ina gcuirtear ar a n-eolas gur dóchúil go bhfuil pluiméireacht luaidhe laistigh de chúirtealáiste an áitribh; nó
 - › deimhniú a eisíodh laistigh de 6 mhí díreach roimh dháta an iarratais ag saotharlann atá creidiúnaithe um thástáil i gcomhair luaidhe in uisce óil; ina dtaispeántar luach paraiméadrach um luaidhe sa soláthar uisce san áitreabh a sháraíonn an teorainn reachtúil;
- ní cháileoidh obair a rinneadh roimh an 12 Feabhra, 2016;
- ní íocfar deontas go mbeidh na hoibreacha déanta, go mbeidh fáiltais taispeánta agus tar éis cigireachta ag baill foirne na Comhairle Contae.

Déantar luach deontais iníochta ar bhonn ollioncam teaghlaigh (sa bhliain chánach roimhe), agus is ionann é agus 80%, (is é an t-uisce deontas atá iníochta ná €4,000) nó 50% (is é an t-uisce deontas iníochta ná €2,500), de chostas faoifa na n-oibreacha. Sa tábla seo leagtar amach a cúnamh atá ar fáil bunaithe ar an ioncam. Ní cháilíonn iarratasóirí ag a bhfuil ioncam níos mó na €75,000 um chúnamh.



Is é ár gcuspóir ná leanúint ar aghaidh le cloí ard an cháilíocht uisce óil i dTiobraid Árann leis an tosaíochtaí atá leagtha síos i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014.

CEANGAIL

Ceangail Uisce

Is é Uisce Éireann a thugann cead ceangal le soláthairtí poiblí. Rinneadh 90 ceangal uisce i 2016.

Ceangail Fhuíolluisce

Is é Uisce Éireann a thugann cead ceangal le córais Fhuíolluisce phoiblí. Rinneadh 11 cheangal fuíolluisce i 2016.

Ginearálta

Aistríodh freagracht as soláthar ceangal uisce agus fuíolluisce chuig Uisce Éireann le héifeacht ón 01 Eanáir 2014. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag measúnú gach iarratais den saghas sin agus déanann siad na ceangail is gá thar ceann Uisce Éireann. Beidh na muirir reatha as ceangail i bhfeidhm, go dtabharfaidh Uisce Éireann, i gcomhairle leis an gCoimisinéir um Rialáil Fuinnimh (CER), isteach socruithe athbhreithnithe.

UISCE GNÓ

Aistríodh cuntais uisce gnó sa chontae chuig Uisce Éireann i Samhain, 2016. Is é Uisce Éireann anois an pointe teagmhála le haghaidh custaiméirí anois le haghaidh billeála, íocaíochtaí agus seirbhíse do chustaiméirí. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag léamh méadar agus ag aistriú na sonraí sin go hUisce Éireann. Beidh muirir uisce agus minicíocht na mbillí mar an gcéanna go dtí go dtreoróidh an Coimisinéir um Rialáil Fuinnimh (CER) a mhalairt.



*Rinneadh 90 cheangal fuíolluisce i 2016.
Rinneadh 11 cheangal fuíolluisce i 2016.*

CAOMHNÚ UISCE

2016 SLA KPI

UFW a choimeád ag 51.20% le OPEX
2. Baineadh amach coimeád UFW níos ísle tar idirghabháí CAPEX

Leabhar Sonraí Nollaig 2016

50.63% nó
32,792m³/lae

Tá an figiúr bonnlíne um ídiú uisce aontaithe anois idir IW agus CCTÁ.

Tá CCTÁ ag baint úsáide as an modh IW anois chun UFW a ríomh.

Tá IW ag baint úsáide anois as ídiú aonad réadmhaoine tí de 395/la/aonaid réadmhaoine/lae. Rinne IW an figiúr sin a ríomh bunaithe ar léimh méadar tí.



Ionad Cóireála Uisce Nua An Chúirt Dóite

OIFIG UISCÍ AGUS POBAL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL (LAWCO)

Déantar bainistíocht ar LAWCO ag Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann i dteannta a chéile agus oibríonn sé mar sheirbhís roinnt thar ceann na 31 údaráis áitiúil go léir. Is é Matt Shortt, Stiúrthóir Seirbhísí, atá i gceannas ar an oifig, agus is iad na baill foirne ná 3 Comhordaitheoirí Réigiúnacha, 3 Sainhall Foirne agus 12 Oifigeach Uisce Pobail.

Tá cúram leagtha ar LAWCO as dhá phríomhchuspóir a chomhlíonadh um chur i bhfeidhm an Chreat-treoir Uisce (CTU) in Éirinn:

- (i) cabhrú le comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí CTU na n-Údarás Áitiúil trí struchtúir réigiúnacha chomhaontaithe.
- (ii) spreagadh do phobail áitiúla, ENRanna, leasanna earnála agus comhlachtaí poiblí eolas a roinnt agus oibriú as lámh a chéile chun ár gcuid aibhneacha, lochanna, inbhir, screamuisce agus uiscí cósta a láimhseáil.

Beidh comhoibriú leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chomh maith le húdaráis poiblí agus páirtithe leasmhara eile, ag croílár fheidhmeanna an LAWCO.

I rith Shamhradh agus Fhómhar 2016 reáchtáil LAWCO sraith de 16 chruinniú poiblí ó fhoirse go farraige ar fud abhantrach na Siúire, agus ceithre chontae clúdaithe; Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Chainnigh. Díríodh sna cruinnithe ar na tairbhí agus na fadhbanna a bhaineann lena dtimpeallacht uisce áitiúil, dar leis na pobail áitiúla. Bhí 400 duine i láthair chun páirt a ghlacadh sa phróiseas sin. Tugadh taifead ar na saincheisteanna a ardaíodh agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis Áitiúil nó an chomhlachta poiblí chuí iad, de réir mar ba chuí, agus tugadh aiseolas don phobal áitiúil faoi seach. Tá na ceachtanna a foghlaimíodh ón bplé sin mar bhonn eolais anois don chomhchomhairle poiblí atá le teacht maidir le Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018 – 2021, agus cuirfidh an t-eolas a fuarthas in Abhantrach na Siúire leis an bPlean Náisiúnta sin freisin.

Beidh comhchomhairle poiblí faoin Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí le haghaidh Éireann 2018-2021 ar siúl idir an 28 Feabhra agus an 31 Lúnasa 2017. Freisin reáchtálfaidh LAWCO sraith de chruinnithe eolais ar fud an chontae go léir chun rannpháirtíocht poiblí a éascú i bplean comhaontaithe deireanach a cheapadh.



Grianghraf tógtha ag cruinniú poiblí i gCathair Dúin Iascaigh ina dtaispeántar an Dr Fran Igoe agus Michael Pollard ó LAWCO agus iad ag tabhairt taifid ar shaincheisteanna cáilíochta uisce a luaigh an lucht freastail.

Waters & communities
Healthy Waters supporting Vibrant Communities



COSAINN SHIBHIALTA

Is seirbhís éigeandála dara líne é Cosaint Shibhialta a thugann tacaíocht do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha i gcásanna éigeandála, agus áit is féidir a thugann cúnamh don phobal le haghaidh imeachtaí spóirt, pobail agus fóillíochta

GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2016

Bhí ról ríthábhachtach ag Saorálaithe Cosanta Sibhialta i bhfreagairt tuilte an Údarás Áitiúil i 2016. Thug saorálaithe freagairt i gCluain Meala, Cill Sioláin, Ard Fhíonáin, Carraig na Siúire, agus sa Chaisleán Nua. Rinne Cosaint Shibhialta aslonnú teaghlach i gceantar Kilganey agus an tSeandroichid a bhí buailte ag tuilte.

Chomh maith leis an bhfreagairt éigeandála ar thuilte d'fhreastail saorálaithe Cosanta Sibhialta ar os cionn 200 imeacht pobail áit ar chuir siad Garchabhair agus cumhdach otharchairr ar fáil. I measc na n-imeachtaí sin bhí Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas, turas rothaíochta 3 Ghleann na Siúire, Féile an Phoirt Rua, agus na siúlóidí Darkness into Light. Freisin chabhraigh muid le Béalí ar Rothaí, Daoine Breacaosta, & go leor imeachtaí spóirt agus cultúrtha.

Ceann de phríomhghníomhaíochtaí na Cosanta Sibhialta ná cabhrú leis na Gardaí maidir le cuardach agus aisghabháil daoine ar iarraidh. D'fhreagair Cosaint Shibhialta Thibraid Árann do ghlaonna amach le haghaidh daoine ar iarraidh i gCluain Meala, i nDurlas, Ros Cré agus ar fud an Chontae.

Mar a rinneadh sna blianta roimhe, ghlac Cosaint Shibhialta Thibraid Árann páirt i Laethanta Taispeántais na Seirbhísí Éigeandála i nDún Chiceam Cluain Meala agus i gCluain Abhla. Ag na himeachtaí sin, léirigh saorálaithe scileanna Cosanta Sibhialta agus thaispeáin siad trealamh don phobal i gcoitinne. Ina measc bhí Otharchairr, Puball Éigeandála, Aonad Ceanais & Comhordaithe agus an madra cuardaigh K9.

Leanadh ar aghaidh le traenáil ball ar fud an chontae sna réimsí seo a leanas: Garchabhair Oibre, Freagairt ar Thuilte Mearuisce agus Scileanna Cuardaigh agus Tarrthála, chomh maith le traenáil Lónadóireachta agus Leasa. Déantar an chuid is mó den traenáil sin san oíche agus ag an deireadh seachtaine. Fuair baill Cosanta Sibhialta creidiúnú ó QQI (FETAC a bhí air roimhe sin), ón Scoil Náisiúnta Otharchairr, ón Údarás Sábháilteachta Bia agus Rescue 3 agus ó PHECC (an chomhairle um chúram réamhospidéal).

I 2016 rinneadh infheistíocht mhór san fhliú feithiclí agus cuireadh feithiclí níos nua-aimseartha agus níos iontaofa in ionad go leor seanfeithiclí dár gcuid. I 2016 rinne Cosaint Shibhialta Thibraid Árann uasghrádú ar a flú leis na feithiclí seo a leanas - Mionbhus Ford Transit 2012, Toyota Hilux 2011, agus Otharchairr Mercedes 09.

Chomh maith leis na feithiclí thuas, fuair Cosaint Shibhialta Thibraid Árann feithicil shaintógtha K9 um iompar agus freagairt ár Madra Cuardaigh Scooby atá ag obair anois. Cuireadh fios ar an láimhseálaí madra Mark agus ar Scooby chun cabhrú leis na Gardaí le cuardach i gcomhair daoine ar iarraidh sa Chontae agus ag cuardaigh náisiúnta.

Ghlac Cosaint Shibhialta Thibraid Árann páirt i gCleachtadh Náisiúnta sa Mhonatóireacht Radaíochta a d'eagair an Coláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Ba é a bhí i gceist leis sin ná samplaí ithreach a thógáil in ionaid éagsúla agus faisnéis a chur chuig an gceanncheathrú Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Freisin tugadh deis do bhaill ár gcóras raidió nua, Tetra, a oibriú.

I 2016 sholáthair aonaid lónadóireachta Cosanta Sibhialta 90 dinnéar Nollag do dhaoine scothaosta Chluain Meala le Cumann Cónaitheoirí Elm Park. Freisin chabhraigh aonaid leasa le lónadóireacht agus le riar bia ag an gcóisir Nollag 'croí óg' an chomhlachas Garda/Gairmeacha i mí na Nollag.

Ceann de na buaicphointí le haghaidh ball ab ea glacadh páirt sa turas rothar i gcoinne féinmharaithe agus sa turas rothar Seirbhísí Éigeandála agus cabhrú leo.

Reachtáladh ár gcampa traenála bliantúil i saoráid Arm Bhéal Átha an Mhuilinn i gcaitheamh an deireadh seachtaine saoire bainc i mí an Mheithimh. Bhain na baill taitneamh as deireadh seachtaine traenála trínar fhoghlaim siad scileanna nua.


Caiteachas

Ba é an méid caiteachais a thabhaigh an Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna maidir le Cosaint Shibhialta i 2016 ná €310,000.



D'fhreastail saorálaithe Cosanta Sibhialta ar os cionn 200 imeacht pobail áit ar chuir siad Garchabhair agus cumhdach otharchairr ar fáil.

CEANTAIR BHARDASACHA



- CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE
- CEANTAR BARDASACH CHAISEAL-THIOBRAID ÁRANN
- CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA
- CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH
- CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR-DHURLAS

CEANTAR BARDASACH CH AISIL/THIOBRAID ÁRANN

CATHAOIRLEACH & LEASCHATHAOIRLEACH

An Cmhrl Imelda Goldsboro was elected as Cathaoirleach at the Annual General Meeting of the Municipal District Members on the 29th of June, 2016. Cllr Goldsboro replaced Cllr. Eddie O'Meara, who had been Cathaoirleach since 2014.

An Cmhrl John Fahey was elected as Leas Cathaoirleach.

COMHLÍONADH FHEIDHMEANNA CEANTAIR BHARDASAIGH

I 2016, reáchtáil na Comhaltaí Ceantair Bhardasaigh cruinniú ginearálta bliantúil, aon cheann déag de chruinnithe míosúla, agus aon chruinniú speisialta amháin mar ómós don Chomhairleoir Jimmy Hogan nach maireann, a fuair bás i Meán Fómhair 2016.

Freisin reáchtáil na Comhaltaí dhá chomhchruinniú leis na Comhaltaí Tofa le haghaidh Cheantar Bardasach Bhaile an Phoill in aice i gContae Chill Chainnigh chun saincheisteanna comhleasa a phlé.

Ghlac na comhaltaí le Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhordasacha, ar luach iomlán €6.1 milliún, agus d'fhéach siad thar chur i bhfeidhm an sceidil. Chuimsigh an Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhordasacha cothabháil agus mionfheabhsú an stoc tithíochta sóisialta sa cheantar, cothabháil agus feabhsú an líonra bóithre, athchóiriú droichead agus cothabháil spásanna oscailte.

Ina theannta sin fuair na comhaltaí tuarascálacha ó gach Stiúrthóir Seirbhíse maidir le gníomhaíocht sa Cheantar, rinne siad breithniú ar 35 fhógra rúin agus bhí comhfheagrás acu leis an Roinn Iompair, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, le hUiscebhealaí Éireann, Oifig na n-Oibreacha Poiblí, Bus Éireann agus an t-Údarás Náisiúnta Iompair maidir le hábhar a bhaineann leis an gCeantar Bardasach.



CÚNAMH FAOI ALT 66 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Chabhraigh Ceantar Bardasach Charraig na Siúire leis na comhlachtaí seo a leanas faoi Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001:

Cumann Forbartha Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Chumann Forbartha Charraig na Siúire (CoSDA). Cuireann an Cumann Forbartha ionad oidhreacht ar fáil ar an bPríomhshráid i gCarraig na Siúire, ionad pobail sa Charraig Bheag, Carraig na Siúire agus tá sé rannpháirteach i go leor scéimeanna oiliúna sa bhaile.

Coiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €1,500 ar fáil do Choiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire (COSTEDC). Tá ionadaithe ón Údarás Áitiúil, ón gComhlachas Gnó agus ón gCumann Forbartha ar an gcoiste. Tá plean straitéiseach ullmhaithe aige do Charraig na Siúire agus tá sé i mbun roinnt beart éagsúil chun an baile a chur chun cinn.

Banna Práis Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €1,900 ar fáil do Bhanna Práis Charraig na Siúire. Tá an Banna ann leis na blianta fada agus thug siad sé léiriú saor in aisce don phobal i 2015.

Coiste Fhéile Clancy

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Choiste Fhéile Clancy. Reáchtáiltear an fhéile gach bliain i gcaitheamh trí lae ar dheireadh seachtaine an lá saoire bhainc i Meitheamh. San fhéile comóirtear na Deartháireacha Clancy a rugadh sa bhaile, agus tarraingítear na mílte duine chuici.

Coiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €500 ar fáil do Choiste Lá Fhéile Pádraig. Eagraíonn an coiste Paráid Lá Fhéile Pádraig gach bliain. Mar athrú, reáchtáladh an pharáid tar éis thitim na hoíche tráthnóna Lá Fhéile Pádraig. Buaicphointe don Pharáid ab iad Tarracóirí soilsithe Charraig na Siúire, agus d'fhreastail na mílte ar an imeacht.

Classic Cycle Sheáin Uí Cheallaigh

Thug na comhaltaí deontas ar luach €4,000 do choiste a bhí ag iarraidh tús a chur le Turas Rothaíochta Fóillíochta ar Thiobraid Árann a bheadh bunaithe i gCarraig na Siúire. Reáchtáladh an Turas i Meitheamh 2016 agus tharraing sé níos mó ná ceithre chéad rothaí.

Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh

Cuireadh deontas €5,000 ar fáil d'Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh. Cuireann an t-ionad spóirt áiseanna ar fáil do shnámh agus do thraenáil fhisiceach agus tarraingíonn sé na mílte cuairteoir gach lá.

Taispeántas Sonny Cash

D'ullmhaigh coiste áitiúil taispeántas de shaothair Sonny Cash, an grianghrafadóir as Carraig na Siúire agus taispeánadh é in ionad oidhreachta Charraig na Siúire i rith 2016. Chabhraigh Comhaltaí Bardasacha Charraig na Siúire leis an tionscadal seo le deontas €300.



Cuimhneacháin 1916

D'fhaomh na Comhaltaí don Cheantar Bardasach deontais do ghrúpaí pobail chun cabhrú le cuimhneachán 1916. I measc na dtionscadal ar tugadh cabhair lena n-aghaidh bhí taispeántais, imeachtaí spóirt, gairdíní cuimhneacháin, leachtanna agus an forógra orthu, ardú bratach, foilseacháin agus gearrscannán.

Eisíodh deontais mar seo a leanas:

Grúpa ar Cuidíodh Leo	Méid
Club Dornálaíochta Naomh Nioclás, Carraig na Siúire	€495.00
Cuimhníonn Carraig na Siúire	€1000.00
Comhairle Pobail Fhíodh Ard	€1000.00
Grúpa Gnó agus Turasóireachta Fhíodh Ard	€1000.00
Cumann Staire Fhíodh Ard	€400.00
Grúpa Cónaitheoirí Tracey Park	€700.00
Cumann Oidhreachta Reen	€500.00
Halla Pobail Bhaile Uí Néill	€500.00
Féile Ceoil agus Ealaíon Deartháireacha Clancy	€700.00
Tudor Artisan Hub	€1350.00
Halla Pobail Cardinal Brown	€600.00
Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	€700.00
Ionad Spóirt agus Fóillíochta Moyglass	€355.00
Ionad Nano Nagle	€700.00
Grants given to commemorate 1916 totalled	€10,000

67 Reáchtáladh an chéad Thuras Thiobraid Árann mar chuid de Classic Cycle Uí Cheallaigh, a bhí bunaithe i gCarraig na Siúire i Meitheamh 2016 agus tharraing sé níos mó ná ceithre chéad rothaí

Deontais d'fhéilte

Chabhraigh na Comhaltaí Ceantair le roinnt féilte a reáchtáladh sa Cheantar Bardasach i 2016. Seo a leanas na féilte ar cabhraíodh leo:

Féile	Méid
Seó Dhumha Aille	€3,000.00
Comórtas Treabhdóireachta Dhumha Aille	€350.00
Féile Lúnasa Bhaile an Gharraí	€375.00
Féile Rising Chill Náille	€1,500.00
Total grants given were	€5,225



Cumainn na mBailte Slachtmhara

D'iarr Comhairle Contae Thiobraid Árann aighneachtaí ó chumainn bailte slachtmhara maidir lena gcuid pleananna le haghaidh 2015. Mar thoradh air sin, chinn Comhaltaí Cheantar Bardasach Charraig na Siúire seacht ndeontas déag a thabhairt mar seo a leanas:

Cumann Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€1,250.00
Grúpa Pobail Bhaile an Iúir	€1000.00
Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Néill	€1,000.00
Comhlachas Gnó Charraig na Siúire	€1,600.00
Coiste Sráid Bhaile Slachtmhara & Reilig an Chluainín	€1,000.00
Cumann Cónaitheoirí Ghlaise an Ghuail	€1,000.00
Cumann Bailte Slachtmhara an Drongáin	€1,000.00
Cumann Bailte Slachtmhara Dhumha Aille	€1,000.00
Cumann Bailte Slachtmhara Fhíodh Aird	€1400.00
Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	€1,000.00
Bailte Slachtmhara Ghráinseach Mhóicléir	€1,000.00
Bailte Slachtmhara Chill Chaise	€1,000.00
Cumann Feabhsú Pobail Chill Náille	€1,250.00
Grúpa Sráidbhaile Slachtmhair Chill Osta	€1,000.00
Comhairle Pobail Mhuileann na hUamhan	€1,250.00
Cumann Bailte Slachtmhara Fhaiche Ró	€1,250.00
Cumann Bailte Slachtmhara na gCoimíní	€1,000.00
Iomlán na ndeontas do Choistí Bailte Slachtmhara	€20,000



Grianghraf le Pete Smith



Cúnamh do Chumainn Cónaitheoirí

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó chumainn cónaitheoirí in eastáit tithíochta maidir leis an obair a dhéanann siad. Ag eascairt ó na haighneachtaí sin, chinn Comhaltaí Cheantar Bardasach Charraig na Siúire deich ndeontas a chur ar fáil mar seo a leanas:

Grúpa nó Cumann	Obair ar Cuidíodh Léi	Méid an Deontais
Cumann Cónaitheoirí an Ghrianáin	Cothabháil Áiteanna Glasa	€500.00
Cumann Cónaitheoirí Ard Álainn	Cothabháil Áiteanna Glasa	€500.00
Arda an Chaisleáin, Carraig na Siúire	Cothabháil Áiteanna glasa	€500.00
Cumann Cónaitheoirí an Chláirín, Carraig na Siúire	Bearradh agus cur féir, cothabháil ainmchlár	€500.00
Coisabhann, Baile an Fhantaigh	Cothabháil Áiteanna glasa	€500.00
Cumann Cónaitheoirí Collins Park, Carraig na Siúire	Bearradh agus cothabháil féir	€500.00
Cottage Path, Baile an Fhantaigh	Cothabháil Áiteanna glasa	€500.00
Hillview Terrace, Baile an Fhantaigh	Cothabháil Áiteanna Glasa	€500.00
Cumann Cónaitheoirí Manor Gate	Cothabháil áiteanna glasa, tírdhreachadh	€500.00
Cumann Cónaitheoirí Seskin Court	Athchúrsáil, cothabháil agus glanadh an eastáit	€500.00
The total granted was		€5,000

Deontais um Áiseanna Spóirt

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó chlubanna agus eagraíochtaí eile a chuireann áiseanna spóirt ar fáil. Ag eascairt ó na haighneachtaí sin, thug comhaltaí Cheantar Bardasach Charraig na Siúire tríocha deontas mar seo a leanas:

Tairbhí	Méid
Cumann Pobail Dhumha Aille	€550.00
Club Dornálaíochta Naomh Nioclás	€494.00
Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh	€1,000.00
Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	€500.00
Club CLG Naomh Pádraig	€550.00
Bailte Slachtmhara Bhaile an Fhantaigh	€500.00
Club CLG Carrick Swans	€550.00
Cumann Forbartha Bhaile Uí Néill	€550.00
Club Peile Slieveardagh United	€550.00
Halla Pobail Chlochar Fhiodh Ard	€550.00
Club Lámhpeile agus Liathróid Ráicéid Charraig na Siúire	€550.00
Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas	€500.00
Cumann Forbartha Charraig na Siúire	€550.00
Ionad Pobail Chill Chaise	€550.00
Club Peile Carrick United	€550.00
Grúpa Sóisialta Bhaile an Gharraí do Dhaoine Breacaosta	€500.00
Ionad Pobail Bhaile an Gharraí	€550.00
Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€550.00
Club Camógaíochta Bhaile an Gharraí	€550.00
Ionad Spóirt Bhaile Phádraig	€550.00
Seanscoil Cheoil	€455.00
Ionad Pobail na Seanscoile	€550.00
Músaem Mianadóireachta Shliabh Ardach	€550.00
Coiste Halla Ghleann an Ghuail	€550.00
Faiche Spóirt Chill Urnaí Bhaile Phádraig	€500.00
Páirc Paróiste Bhaile an Gharraí	€425.00
Faiche pobail Michael Hogan	€550.00
Comhairle Pobail Mhuileann na hUamhan	€500.00
Cumann Forbartha Fhaiche Ró	€550.00
Ionad Spóirt agus Fóillíochta Moyglass Teo.	€550.00
Total grants made were	€16,374



Soilse na Nollag

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó ghnóthais agus ghrúpaí pobail maidir le Soilse Nollag a chur ar fáil i mbailte sa Cheantar. Ag eascairt ó na haighneachtaí a fuarthas, chinn na comhaltaí le haghaidh Cheantar Bardasach Charraig na Siúire deontais a dhéanamh mar seo a leanas:

Grúpa	Cur Síos	Méid
Grúpa um Feabhsú Pobail Chill Náille	Cur suas soilse agus soláthar bolgán nua	€1,845.00
Ionad na Seanscoile, Na Coimíní	Scéim nua, fáil agus cur suas soilse	€2,940.00
Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	Cur suas soilse agus leathnú na scéime.	€5,500
Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	Scéim nua, soilse Nollag sa sráidbhaile agus ar chrainn	€1,750.00
Bailte Slachtmhara Chill Chaise	Crann Nollag san Ionad Pobail	€126.00
Cumann Gnó Charraig na Siúire	Soilse Nollag sa Lár Baile, An Charraig Bheag, Dhá Dhroichead, agus ar chrainn (Curtha ar fáil ag an gComhairle Contae)	€8,500.00
Comhairle Pobail Fhiodh Ard	Soláthar shoilse Nollag i mBaile Fhiodh Ard	€3600.00
The total grant given was		€24,260

Dámhachtainí na mBailte Slachtmhara

Reáchtáladh comórtas bailte slachtmhara do na coistí sa cheantar a ghlac páirt i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Táirgeadh duaiseanna in dá chatagóir, ceann amháin le haghaidh lonnaíochtaí beaga, agus an ceann eile le haghaidh lonnaíochtaí móra. Bronnadh duaiseanna don iontráil nua ab fhearr agus don fheabhas ba mhó ar mharcanna bronnta. Bronnadh duais freisin as an gcoiste a raibh an fheidhmíocht ab fhearr aige sa Cheantar Bardasach.

Reáchtáladh oíche dámhachtainí in Ionad Pobail Mhaigh Glas i mí na Nollag, 2016. Tugadh dámhachtainí mar seo a leanas:

Baile an Iúir	Is mó feabhais, Catagóir A	€500.00
Gleann an Ghuail	Iontráil nua is fearr, Catagóir A	€500.00
Faiche Ró	Is mó feabhais, gach Catagóir eile	€500.00
Baile an Gharraín:	Dara háit, gach Catagóir eile	€500.00
An Cluainín	An toradh iomlán is fearr, Gach Catagóir	€1,000.00



CEANTAR BARDASACH CHAISEAL-THIOBRAID ÁRANN



Reáchtáladh Cruinniú Bliantúil Cheantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann ar an 27 Meitheamh 2016. Toghadh an Comhairleoir Roger Kennedy mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Michael Fitzgerald mar Leas-Chathaoirleach.

TOGHADH CATHAOIRLIGH



An CmhIr An CmhIr Roger Kennedy, Cathaoirleach



An CmhIr Déanann Michael Fitzgerald,
Leaschathaoirleach
comhghairdeas leis an gCathaoirleach.

DÁMHACHTAINÍ COMHSHAOIL CEANTAIR - EANÁIR 2016

Reácháil Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann ócáid Dámhachtainí Comhshaoil ar an Luan, an 25 Eanáir chun ómós a thabhairt do na daoine aonair agus na grúpaí éagsúla a chuir lena bpobail áitiúla. Seo a leanas na buaiteoirí:

- Scoil Náisiúnta an Ghabhailín, Scoil Náisiúnta na Báinsí, Scoil Náisiúnta na Ceapaí, Scoil Náisiúnta Cailíní Eoin Baiste, Caiseal, agus Scoil Phroinsias Dhún Eochaille, tar éis dóibh an Brat Glas a fháil.
- Scoil Náisiúnta Cailíní Eoin Baiste, Scoil Náisiúnta Buachaillí Eoin Baiste, Scoil an Deanery, Caiseal, agus Scoil Náisiúnta Naomh Ailbe, Baile Thiobraid Árann, tar éis dóibh gradam a bhaint don Scoil is Comhsheasmhaí i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Náisiúnta na Móna Airde tar éis dóibh an gradam a baint don Iontráil nua is Fearr i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil na Mainistreach, Baile Thiobraid Árann, don Tionscadal Taistil is Fearr i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Náisiúnta Lios Fhearnáin tar eis dóibh an Tionscadal Fuinnimh is fearr a bhaint i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Speisialta Aonghusa, Caiseal, tar éis dóibh an 2ú háit a bhaint don Tionscadal Dramháiola is Fearr i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Bunscoil Sheosaimh, Baile Thiobraid Árann tar éis dóibh a 1ú Áit a bhaint i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Náisiúnta Mount Buis, Baile Thiobraid Árann, tar éis dóibh an 2ú háit a bhaint i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Náisiúnta Lios an Ghabhailín tar éis dóibh an 3ú háit a bhaint i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Náisiúnta Shrónaill tar éis dóibh an 4ú háit a bhaint i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- Scoil Náisiúnta Chuillinn tar éis dóibh an 5ú háit a bhaint i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara.
- I Tháinig feabhas ar mharcanna do 12 Choiste Bailte Slachtmhara i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

BUAITEOIRÍ NA SCOILEANNA SLACHTMHARA



Ar Cúl: Teacher Paudraic O'Dwyer Donohill N.S., Cllr. John Crosse, Alice Flynn Príncipal Cappawhite N.S., Teacher Paddy O'Shea Emly N.S., Cathaoirleach-Cashel/Tipperary Municipal County Council Cllr. Mary Hanna Hourigan, Clíodhna Breen Príncipal Bansha N.S. and Cllr. Michael Fitzgerald
Middle: Joan O'Neill SNA S.N. Dhún Eochaille., dalta Paddy White S.N. Dhún Eochaille, Chloe Murphy-McAssey S.N. na Ceapaí, dalta Emma Durcan S.N. Imligh, Catriona O'Connor Príomhoide S.N. na Móna Airde, dalta Cathal Madden S.N. Chuilinn Lisa Dawson Múinteoir S.N. na Báinsí dalta Rory Sampson S.N. na Báinsí agus an TD Tom Hayes
Ag an tosach: dalta Abbie Nugent S.N. na Ceapaí., Isabelle Heuston S.N. Imligh Jonathan Ryan S.N. na Móna Móire agus Gary Lillis-Quinn S.N. na Báinsí

BUAITEOIRÍ BAILTE SLACHTMHARA

Dundrum and Cashel Tidy Towns representatives with Cashel Tipperary Municipal District Council Administrator Marie McGivern, Cllr. Martin Browne, An CmhIr John Fahey Fine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Roger Kennedy and Cllr. Mary Hanna Hourigan.



Representatives from Bansha, Rossadrehid, Emly and Kilross and Tipperary Town Tidy Town Groups with Cathaoirleach Cashel/Tipperary Municipal County Council Cllr. Mary Hanna Hourigan, Marie McGivern, District Administrator, Aidan Finn, District Engineer and Clare Curley, District Director.

FÁILTITHE CATHRACH

A Shoilse, Kevin Vickers, Ambasadóir Cheanada d'Éirinn

Tugadh Fáilte Cathaoirligh dá Shoilse Kevin Vickers, Ambasadóir Cheanada d'Éirinn, ar an 7 Aibreán, 2016.

Tar éis an fháiltithe chuaigh na Comhairleoirí in éineacht leis an Ambasadóir Vickers chuig reilig bheag Chill Airdrí i gCill Mhaoileachair, áit a bhfuil uaigh an Ginearáil William Frances Butler a bhunaigh Póilíní Capall Ríoga Cheanada (Marcphóilíní). Sheirbheáil an tAmbasadóir Vickers le Póilíní Capall Ríoga Cheanada ar feadh níos mó ná 20 bliain sular tháinig sé chun bheith ina gCeann Slándála i dTithe Parlaiminte Cheanada agus sular ceapadh é chun ionadaíocht a dhéanamh ar a Thír in Éirinn.



Ó Chlé:- An Cmhrl Seamus Hanafin, An cathaoirleach Comhairle Contae Thiobraid Árann, Ambassador Vickers, An Cmhrl Mary Hanna Hourigan, Cathaoirleach Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann



Ó Chlé:- An Cmhrl John Crosse, An Cmhrl John FaheyFine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Michael Fitzgerald, An Cmhrl John FaheyFine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Seamus Hanafin, Chairman Tipperary County Council, Ambassador Vickers, Cllr Mary Hanna Hourigan, Cllr. Roger Kennedy, Aidan Finn, Innealtóir Ceantair. Ag an tosaigh:- Joe MacGrath Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Clare Curley, Stiúrthóir Ceantair, Marie McGivern, Riarthóir Ceantair agus Mairead Ryan, Oifigeach Foirne.



Grianghraf tógtha ag Reilig Chill Airdrí. Ó chlé do Deas Marie McGivern, Riarthóir Ceantair, An tUas. Joe MacGrath, An Príomhfheidhmeannach, An Cmhrl John FaheyFine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Mary Hanna Hourigan, His Excellency Kevin Vickers, Canadian Ambassador to Ireland, Cllr. Seamus Hanafin, An Cathaoirleach Comhairle Contae Thiobraid Árann.



Seirbhís Tacaíochta Ailse Circle of Friends.

Ar an 8 Aibreán 2016 tugadh Fáiltiú Cathrach don ghrúpa Tacaíochta Ailse Circle of Friends mar aitheantas dá Seirbhís Tacaíochta Ailse do mhuintir Thiobraid Árann agus Luimnigh. Cuireann a n-Ionad Tacaíochta seirbhís tacaíochta gan bhreithiúnas ar fáil do dhaoine a bhíonn buailte ag ailse i dtimpeallacht shábháilte agus rúnda agus meas á thabhairt ar dhínit agus mhianach an duine.



Ó chlé: Bunaitheoir Circle of Friends Jennifer Jones Hickey lena tuismitheoirí Tina agus Pat Jones



From Left:- Jennifer Jones (Founder of Circle of Friends) and Cathaoirleach Cllr. Mary Hanna Hourigan.



Ag an tosaigh:- Marie McGivern, (Riarthóir Ceantair), Circle of Friends committee Maeve Lowry (Director), Monica Fogarty (Ass. Secretary), Nora Hoare (Treasurer), Mary Teresa O' Donnell (Director) and Catriona Molloy Riordan (Director).
Middle:- TD Michael Lowry, Cllr. Martin Browne, An Cmhrl John FaheyFine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Roger Kennedy, Founder Jennifer Jones Hickey, Cathaoirleach Cllr. Mary Hanna Hourigan, Pat Jones (Chairman Circle of Friends), Liam Bergin (Director Circle of Friends), Cllr. Denis Leahy.
Sna Suíocháin Chúil :- An Cmhrl John FaheyFine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Michael Fitzgerald, Aidan Finn (Innealtóir Ceantair), An Cmhrl John FaheyFine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. John Crosse and Tom O' Donoghue (Director Circle of Friends).



Coiste, saorálaithe agus teiripeoirí Circle of Friends ag an Searmanas Fáiltithe Cathrach.



Ar an 8 Aibreán 2016 tugadh Fáiltiú Cathrach don ghrúpa Tacaíochta Ailse Circle of Friends mar aitheantas dá Seirbhís Tacaíochta Ailse do mhuintir Thiobraid Árann agus Luimnigh.



Grúpaí Bailte Slachtmhara

Ar an 3 Meitheamh 2016 tugadh Fáiltiú Cathrach mar onóir do 20 ghrúpa áitiúil Bailte Slachtmhara. Mhol an Cathaoirleach, Mary Hanna Hourigan, na grúpaí agus na saorálaithe Bailte Slachtmhara a bhíonn ag obair go dian dícheallach; ní hamháin go gcuireann siad feabhas ar an timpeallacht a bhfuil cónaí orainn inti, ach freisin cabhraíonn siad le caidrimh phobail a dhaingniú agus le bród a chothú as an áit a bhfuil cónaí orthu inti.



Ag Fáiltiú Bailte Slachtmhara

Dúirt siad go gcabhraíonn an obair iontach, fhíorthábhachtach a dhéanann gach ceann de na coistí seo, le hathrú inbhuanaithe a spreagadh chun go mbeadh ár mbailte agus sráidbhaile chomh maith agus is féidir.



SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2016 d'aontaigh na bail ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €5,992,261 i dtaobh Chothabháil Tithíochta, Feabhsúcháin ar Bhóithre; Glanadh Sráide; Cothabháil Reiligiú agus Cothabháil Áiteanna Caithimh Aimsire

Ba iad na Príomhchláir a bhain tairbhe óna gcistiú ná:

- Neartú agus forleagan ar Bhóthar na Cloiche Léithe/ Graí an Rátha Dhuibh / Mainistir Áth Íseal/ Na Goirt Ghlasa & Crosaille/Bóthar Dhumhach Aille Caiseal/Bhaile Uí Shíoda/ Átha na Cairte/Imleach go Cuileann.
- Scaradh uisce stoirme ó chomhshéaraigh idir Aldi Plaza agus An Ára a laghdaigh an t-ualach chuig an Ionad Cóireála Séarachais faoi 40%.
- Oibreacha Deisiúcháin Tuilte – Sráidbhaile Chuilinn; Garrán na Fuinseoige; Cluain Abhla; Tobar Conghlais, An Gleann Gearr, Baile Thomáis, Baile an Teampaill agus Currach Marcaigh.
- Scéimeanna sábháilteachta ar chostas íseal i Lisbohane; Ceapach Raitín, Scallaichín agus Dún Droma.
- Athchóiriú Droichid ag Droichead Chluana.
- Athchóiriú dromchla in áiteanna éagsúla agus ina measc An Mhóin Ard, Solohead agus Bóithre Réigiúnacha ag teacht ó Bhaile Thiobraid Árann.
- Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail i gCamas & i nGleann Dá Loch.
- Neartú Bóthair i gceantar Windfarms sa Ros Mór/Cnocán an Phiobaire.
- Feabhsúcháin ar Shoilse Poiblí Baile Thiobraid Árann (Ceantar Mhorgáiste)



Obair á déanamh chun an sleamhnú bóthair i gCurrach Marcaigh a mhaolú.

AG OBAIR LEIS AN BPOBAL/ BAILE & SRÁIDBHAILTE A FHEABHSÚ

I rith 2016 d'oibrigh Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann as lámh a chéile leis an bpobal ar fud an Cheantair ar go leor bealaí. Ina measc seo, bhí:

- soláthar maoinithe trí Dheontais agus Ranníocaíochtaí,
- idirchaidreamh le Grúpaí agus Cumainn Deonacha,
- idirchaidreamh le Grúpaí Gnó,
- soláthar comhairle agus tacaíochta agus cabhrú le himeachtaí éagsúla.



DEONTAIS DO BHAILTE SLACHTMHARA

Ba iad na hiarratasóirí deontais ar éirigh leo i rith 2016 ná:

Faighteoir Deontais	Leithdháileadh
Cumann Cónaitheoirí Bhóthar Eatharlaí	€540.00
Cumann Cónaitheoirí an Dúiche	€540.00
Cumann Bailte Slachtmhara na Ceapaí	€540.00
Cumann Bailte Slachtmhara Chaisil	€3240.00
Cumann Cónaitheoirí Crescent Court	€540.00
Cumann Bailte Slachtmhara Dhún Droma	€540.00
Cumann Bailte Slachtmhara Imligh	€540.00
Bailte Slachtmhara an Ghabhailín	€540.00
Cumann Bailte Slachtmhara Chill Rois	€540.00
Bailte Slachtmhara Laitean	€540.00
Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste, Tiobraid Árann	€540.00
Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste, Tiobraid Árann	€540.00
Cumann Cónaitheoirí Oliver Plunkett Park, Caiseal	€540.00
Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort an Spá	€540.00
Cumann Cónaitheoirí Charraigín na Plúbóige	€540.00
Cumann Cónaitheoirí The Steeples	€540.00
Coiste Bailte Slachtmhara Thiobraid Árann	€3240.00
Coiste Bailte Slachtmhara Dhún Eochaille	€540.00
Bailte Slachtmhara Chuilinn	€540.00
Iomlán:	€15,660.00

DEONTAS UM CHOTHABHÁIL IONAD ADHLACTHA 2016

I 2016 bronnadh Deontais orthu siúd a leanas:

Faighteoir Deontais	Leithdháileadh
Ciste Reilig na hEaglaise R	€500
Áth na Cairte-Cill Phádraig R	€1,030
Reilig Bhaile na Cúirte	€620
Reilig Bhaile an Teampaill	€600
Ardeaglais Chaisil	€500
Coiste Seanreilig & Reilig nua na Ceapaí	€1,100
Coiste Seanreilig & Reilig Nua Chluain Abhla	€1,410
Coiste Reilig Chuillinn	€530
Eaglais Chluain Big Naomh Sedna, Gleann Eatharlaí	€500
Coiste Cothabhála an Daingin-Dargan	€530
Coiste Seanreilig/Reilig Nua Imligh	€1,030
Coiste Reilig Charn Léith	€500
Coiste Reilig Áth an Chuilinn	€620
Reilig Chill tSeáin	€530
Coiste Reilig Bhaile an Logáin Íochtarach	€530
Coiste Reilig Nua Laitean	€620
Reilig Eaglais na hÉireann sa Mhóin Ard	€500
Coiste Sheanreilig Dhún Eochaille	€530
Coiste Reilig Sheanáin	€620
Eaglais Mhuire de chuid Eaglais na hÉireann Baile Thiobraid Árann	€500
Coiste Reilig Solohead	€600
Coiste Reilig an Teampaill Nua	€530
Coiste Reilig Thuama	€500
Coiste Reilig Shrónaill	€500
Iomlán	€15,430

CISTE CUIMHNEACHÁIN ÉIRE 2016.

Mar chuid de chlár gníomhaíochtaí 2016 i dTiobraid Árann chuir an Ceantar Bardasach cistí ar fáil do ghrúpaí sa cheantar a chuir ar a gcumas imeachtaí nó tionscadail a eagrú mar chuid den chlár cuimhneacháin.

Seo a leanas na grúpaí a fuair deontais:

Faighteoir Deontais	Leithdháileadh
Scoil San Isadoir, An Bóthar Leathan, Caiseal, Co. Thiobraid Árann	€630.00
Leabharlann Chaisil, Sráid na mBráthar, Caiseal, Co. Thiobraid Árann	€1,000.00
C.R. Chnoc an Ráiléigh, Cnoc an Ráiléigh, Baile Thiobraid Árann	€850.00
Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort an Spá, An Seanbhóthar, Caiseal	€460.00
S.N. Buachaillí Eoin Baiste, An Seanbhóthar, Caiseal	€940.00
Bunscoil Iósaif, Bóthar Mhurgáiste, Baile Thiobraid Árann.	€710.00
S.N. Chnoc an Bhile, Cnoc an Bhaile, Dún Droma, Co. Thiobraid Árann.	€710.00
Bailte Slachtmhara Thiobraid Árann, 3 Sráid Shéamais, Baile Thiobraid Árann.	€940.00
Tríú Briogáid Thiobraid Árann Sean-IRA, Cnocán an Phóibaire, Tiobraid Árann.	€940.00
Bailte Slachtmhara Laitean, Sráidbhaile Laitean, Co. Thiobraid Árann	€940.00
Cuideachta Oidhreacht Excel Thiobraid Árann Teo.,	€940.00
Bailte Slachtmhara Imligh, An Phríomhshráid, Imleach.	€940.00
Iomlán	€10000.00



Baile Slachtmhara Imligh Cuimhneachán 1916



CONNECT IRELAND

Roghnaíodh Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann mar cheantar píolótach ag Connect Ireland agus é mar aidhm cuireadh a thabhairt do ghnóthais nua teacht chuig an gceantar. Oibríonn Connect Ireland i gcomhpháirt le Gníomhaireachtaí Rialtais eile chun poist nua a aimsiú trí cheangail/naisc leis na hÉireannaigh thar lear. Seoladh an tionscadal spreagúil seo ar a dtugtar Connect Tipperary ag John Delaney, CEO FAI in The Excel, Tiobraid Árann i Samhain 2015. Leanadh ar aghaidh le hobair ar an tionscadal sin i 2016. Go dtí seo, tá Lamaki Automation Control tar éis cur fúthu i nDún Droma agus seisear fostaithe acu. Tá "Connect Tipperary" sa tóir ar roinnt roghanna féideartha agus é mar aidhm tuilleadh post a chruthú sa Cheantar.



Ó Chlé: Terry Clunes Cathaoirleach Connect Ireland, Richard O'Keefe agus Thelma Harris ó choiste Connect Tipperary committee agus Brendan Lonergan Comhlachas Tráchtála Thiobraid Árann.



CONNECT TIPPERARY



THE SAND MAN CAISEAL



Mar chuid d'Fhéile Ealaíon Chaisil 2016 agus chun Éirí Amach 1916 a chomóradh, chruthaigh Daniel Doyle, dealbhóir bunaithe i mBaile Átha Cliath, dealbh gainimh ar an bPlás i gCaiseal.



Is Séadchomhartha Náisiúnta ainmnithe iad Ballaí Cathrach Chaisil, agus bronntar cosaint reachtúil ar an gceantar faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004).

AN OIHDREACTH

Caomhnú Bhallaí Cathrach Chaisil



Carraig Phádraig. Buíochas le Turasóireacht Thiobraid Árann

Is Séadchomhartha Náisiúnta ainmnithe iad Ballaí Cathrach Chaisil, agus bronntar cosaint reachtúil ar an gceantar faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004).

Tógadh na Ballaí, a chuimsíonn 14.5 heicteár agus teorann 1,550 méadar le bloic aoilchoiche ina gcúrsaí garba agus inlínadh spallaí a aimsíodh sa cheantar áitiúil. Tógadh na Ballaí atá 3 mhéadar in airde, mar mhúr cosanta le túir ghunna ag uilínneacha Thuaidh, Thiar agus Thoir Theas agus bhí 5 gheataí iontu trínar tugadh bealaí isteach chuig an mbaile meánaoiseach. Tháinig Caiseal, ar a dtugtar Caiseal Mumhan freisin, chun cinn mar dhaingean eaglasta agus mainistreach i rith thús an 13ú haois.

I 2016 d'éirigh le Tionscadal Bhallaí Cathrach Chaisil cistiú ar luach €15,000 a fháil ón gComhairle Oidhreachta faoi Chiste Bhailte Múrtha na hÉireann. Leis an leithdháileadh deontais sin; (a) bhíodas in ann oibreacha a dhéanamh ar chuid den Bhalla Cathrach os comhair Eastát Tithíochta Roselawn ar luach €10,000 agus (b) le €5,000 bhíodas in ann Suirbhé agus tuairisc a dhéanamh ar an gcuid a sheasann fós agus a ritheann ó Aldi go Sráid Eoin, Caiseal, Co. Thiobraid Árann. Ba é an comhairleoir don tionscadal seo ná an tUas. John Kelly, ó David Kelly Partnership Chartered Engineers, Nelson House, Plás Emmet, Eochail, Co. Chorcaí.

Ballaí na Cathrach i Roselawn



Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre



FÉILE BHAILE THIOBRAID ÁRANN 2016

Reáchtáladh Féile Bhaile Thiobraid Árann “It’s a Long Way to Tipperary” ar an 15 agus an 16 Iúil.

I measc na n-Imeachtaí bhí, Imeacht Ceoil don Óige Yippee, Lá Breithe agus Lá Spraoi Teaghlaigh Excel, Imeacht Óige-Tionscadal Ealaíne, Lá Spraoi Uachtair Reoite, Rith/Siúlóid 10k/5k Canon Hayes, Churn Rolling Heats, Blitz Mór Iománaíochta agus Aonach Bia is Ceardaíochta.



Curaidh reatha agus curaidh Uile-Éireann 2016 i Rásaíocht Chruinneoige Brian Roach (Foireann Shinsearach na bhFear) agus Geraldine Kinane (Foireann Shinsearach na mBan) le Cathaoirleach Chomharchumann Thiobraid Árann Richard Donovan agus an Bainisteoir Ginearálta Ted O’ Connor ag bronnadh duaiseanna don Chómórtas Náisiúnta Uile-Éireann sa Rásaíocht Cruinneoige 2016 ar an Satharn, an 16 Iúil ag Féile Thiobraid Árann.



Ag baint taitnimh as Paráid Lá Fhéile Pádraig, Baile Thiobraid Árann.

TOBAIR BHAILE THIOBRAID ÁRANN

Cuireadh isteach dhá thobar ar na bóithre isteach (Dún Eochaille agus Caiseal) go Baile Thiobraid Árann.

Críochnaíodh na hoibreacha sin i dteannta le Seirbhísí Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann. Tá na tobair bunaithe ar Thiobraid Árann a chiallaíonn “Tobar na hÁra”, tagairt don abhainn a ritheann tríd an mbaile.



Liam Carey (ealaíontóir), Ciarán Kennedy (Comhordaitheoir Ógtheagmhála), Fono Leddy (Dalta Ógtheagmhála), Bernard O’ Connor (Dealbhóir) agus Francís Fitzgerald (Maor Bhaile Thiobraid Árann)



SCÉIM UM FEABHSÚ SRÁID-DREACH/AGHAIDHEANNA SIOPAÍ

Tríd an Scéim um Feabhsú Sráid-Dreach/Aghaidheanna Siopaí cuireadh cúnamh deontais ar fáil chun cabhrú le húinéirí / áititheoirí réadmhaoine atá suite i bPríomhcheantair Mhiondiola Chaisil agus Bhaile Thiobraid Árann an tsráid-dreach a fheabhsú trí:

- Comharthaí, feistithe comhaimseartha míchuí agus tranglam ginearálta a bhaint agus comharthaí éadan siopa a chur ina n-ionad (agus béim ar chomharthaí péinteáilte de lámh,
- Péinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta ar éadain siopa atá ann cheana féin,
- Cur suas shoithigh plandaí, ciseáin crochta bláthanna etc nó feabhsúcháin eile ar an timpeallacht.

I mBaile Thiobraid Árann, bhain 17 ngnóthas leas as an Scéim. Sampla de na hoibreacha ná áit Liam O’ Grady a thaispeántar sa phictiúr thíos:

Liam O’ Grady, 12 An Phríomhshráid, Baile Thiobraid Árann.



Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre

I mbaile Chaisil bhain 22 ngnóthas leas as an Scéim. Sampla de na hoibreacha ná D’Arcy Hardware, Sráid na mBráthar, Caiseal.

Sampla de na hoibreacha ná D’Arcy Hardware, Sráid na mBráthar, Caiseal.



Pictiúr roimh an Obair



Pictiúr i ndiaidh na hOibre



FÓRAIM LÁIR BAILE CHAISIL & THIOBRAID ÁRANN

Lean na Fóraim Láir Baile a bunaíodh i gCaiseal i 2012 agus i dTiobraid Árann i 2014, ar aghaidh lena gcuid oibre i 2016. Tá na Fóraim seo déantas suas d'ionadaithe éagsúla ó Chomhlachais Tráchtála; Bailte Slachtmhara; Grúpaí Oidhreachta/Turasóra agus ón gComhairle.

Seo a leanas cuspóir na bhFóram:

- freagrúlacht na Comhairle a mhéadú maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht lár baile
- caidrimh atá ann cheana féin idir na páirtithe leasmhara agus an Chomhairle a fhorbairt agus a chothú
- gníomhartha páirtithe leasmhara lárnacha a chomhordú agus a dhíriú ar mhaith le feidhm mhiondíola an bhaile ina iomlán
- cairt bhainistíochta shoiléir a fhorbairt do chroícheantair an bhaile
- níos mó sineirge agus cumarsáide a chruthú idir páirtithe leasmhara miondíola lárnacha agus an Chomhairle

Tugadh faoi roinnt tionscnamh:

Rotha Uisce Caiseal

D'fhorbair Coiste Bailte Slachtmhara Chaisil Rotha Uisce san áit ghlas taobh le Bóthar Bhaile Átha Cliath, Caiseal. Rinneadh é sin le maoiniú deontais ón gCeantar Bardasach.



Pictiúr i ndiaidh na hOibre



Ó Chlé Aidan Downey, Paddy Downey, Christy Hayes (ar a ghlúine) Ned O' Toole, John Ryan agus Paul Monks.



Dealbh Críost Rí, Gleann Eatharlaí le buíochas do Joe Boland

- Feabhsú bhealach isteach Bhóthar Chaisil ag Crogue Hill agus forbairt scéime um chur plandaí
- Feachtas Margaíochta
- Rinneadh comharthaí uasghrádú/a ghlanadh
- Aonaid réadmhaoine foilmhe - baineadh úsáid as fuinneoga na n-aonad réadmhaoine sin chun gnóthais/imeachtaí eile a thaispeáint / a fhógairt
- Fuarthas cúnamh deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil faoi thionscnamh píolótach an Chríos Forbartha Geilleagraí Tuaithe (CFGT) le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:
 - › Forbairt Phlása Kickham (agus pábháil, troscán sráide, soilse poiblí san áireamh)
 - › Dealbh "It's a Long Way to Tipperary" Sculpture curtha isteach ag an mbealach isteach go Clós an Mhargaidh (ón bPríomhshráid)

TACAÍOCHT DON TIONSCNAMH LÁR BAILE

Baile Thiobraid Árann

Faoin Tionscadal Thionscnamh na Lár Baile deonaíodh €4,500 ar Chumann Tráchtála Thiobraid Árann le haghaidh dhá thionscadail (a) Feabhas ar bhealach isteach Chaisil ag Crogue Hill agus scéim um chur plandaí a fhorbairt. (b) Feachtas Miondíola & Margaíochta Bhaile Thiobraid Árann "Lets Get Tipperary Buzzing".

Reáchtáladh lá spraoi do pháistí ar an Satharn an 4 Meitheamh ar Shráid na Mainistreach, sa Charrchlós mar chuid den fheachtas Let's Get Tipperary Buzzing a bhí tacaíthe ag gnóthais áitiúla.



Baile Chaisil

Faoi Thionscadal Thionscnamh na Lár Baile tugadh €6,000.00 do Chumann Tráchtála Chaisil le haghaidh plean margaíochta digítí do Chaiseal a chuimsigh críochnú láithreán gréasáin an Bhaile agus bainistíocht sa todhcháí.



Tionscadal Gan Dramhaíl ar Bith - Baile Chaisil

I 2016 chuir Caiseal tús lena thairiscint chun bheith mar an gcéad phobal "gan dramhaíl ar bith" in Éirinn agus é ag leanúint os cionn 200 baile agus cathrach ar fud an domhain a bhfuil ina measc San Fransisco agus Ljubljana.

D'oibrigh VOICE, carthanas comhshaoil arb í dramhaíol a sainréimse agus an geilleagar ciorclach as lámh a chéile le hOifig Réigiúnach an Deiscirt um Bainistiú Dramhaíola (SRWMO) chun tús a chur le tionscadal píolótach "i dtreo gan dramhaíl ar bith" i gCaiseal. Tá an smaoineamh bunaithe ar phrionsabal an gheilleagair ciorclaigh áit nach gcuirtear ach méid fíorbheag chuig dramhaíl mar thoradh ar chosc dramhaíola, athúsáid, agus deisiú, athchúrsáil agus múiriniú. Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú i dtreo an tionscnamh seo agus an SRWMO agus bainfeadh triail as ar feadh 18 míosa.



SCRÚDÚ SLÁINTE LÁR BAILE CHAISIL

I 2016 Roghnaíodh Caiseal ag an gComhairle Oidhreachta mar cheann de dheich mbaile in Éirinn don chlár oiliúna Scrúdú Sláinte Náisiúnta ar Lár Baile (SSNLB).

Tá an clár nuálach náisiúnta sin um forbairt acmhainne 'Bailte' ceaptha ag agus le haghaidh údarás áitiúil, gnóthais lár baile agus grúpaí áitiúla saoránaigh/pobail, agus dlúththacaíocht mheantóireachta aige ó ranna rialtais, gníomhaireachtaí (go háirithe an Chomhairle Oidhreachta), cleachtóirí gairmiúla (pleanáilthe baile/ailtír) agus daoine acadúla a bhfuil taithí acu ar athbheochan lár baile; dearadh uirbeach; agus pleanáil, oidhrecht agus bainistíocht comhshaoil in Éirinn agus in áiteanna eile.

Príomhaidhm atá ag an gclár pólótach oiliúna sin um TCHC é feachtas agus tuiscint a mhéadú maidir leis an ról ríthábhachtach atá ag ár lár bhaile stairiúla agus an tionchar fadréimseach atá ag a n-inmharthanacht, a mbeogacht agus a mbríomhaireacht ar a bhfás agus forbairt shocheachnamaíoch, chomhshaoil agus chultúrtha ar an iomlán. Tá sé beartaithe go n-aithneofar an clár oiliúna "pólótach" sin ar fud an domhain mar shamhail chomhoibrítheach dea-chleachtais um bainistíocht agus athbheochan lár baile.

Thug LIT (Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh) Durlas agus Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi roinnt suirbhéanna i gCaiseal i mí na Nollag 2016. Cuimsíonn na suirbhéanna: suirbhé ar líon na gcustaiméirí/na gcoisithe; suirbhéanna gnó/miondíola; agus suirbhéanna ar shiopaóirí. Tá torthaí na suirbhéanna sin á gcomhthiomsú faoi láthair agus tá anailís á déanamh orthu.



CAIRT PHOBAIL TUAITHE NA HEORPA

I 1989 bunaíodh Cairt um Pobail Tuaithe Eorpacha san Aontas Eorpach i Cisse, san Fhrainc agus dhearbhaigh 12 bhaile bardais san Aontas Eorpach ag an am sin go mbeadh siad ag comhoibriú amach ansin agus inniu, tá 28 gcomhalta ó gach Ballstát san AE páirteach inti.

Níor roghnaíodh ach aon sráidbhaile/bhaile amháin ó gach tír AE mar bhall den Chairt sin, roghnaíodh Caiseal mar ionadaí na hÉireann. Reáchtáiltear roinnt cruinnithe beaga den chairt sin gach bliain agus reáchtáiltear Cruinniú Bliantúil gach samhradh agus é óstáilte ag ceann de na baile ar baill iad. Tugtar cuireadh do thoscaireacht chuig gach baile ar ball iad, bíonn deichniúr ar a mó sa toiscaireacht agus ceathrar toiscairí óga (18-26 bliana) ar a laghad ina measc.

I mí Iúil 2016, d'óstáil Medzev, an tSlóvaic an cruinniú bliantúil leis an téama "Cén tionchar a bhí ag méadú an Aontais Eorpaigh i 2004 ar shaoránaigh i bpobail tuaithe beaga san Eoraip?" D'fhreastail an Cathaoirleach, an Comhairleoir Roger Kennedy ar an gcruinniú i dteannta leis an toiscaireacht ó Chaiseal.

Grianghraf i Medzev



Toscaireacht Chaisil agus ina measc an Cathaoirleach Roger Kennedy an 2ú duine ar an taobh clé.



Léiriú Rince i Medzev

RAPID (ATHBHEOCHAN CEANTAR TRÍ PHLEANÁIL, INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT)

I rith 2016 d'oibrigh an Ceantar Bardasach le Foireann Fhorfheidhmithe RAPID (comhpháirtíocht ina bhfuil an tÚdarás Áitiúil, Gníomhaireachtaí Stáit; Comhlachtaí Forbartha; Ionadaithe Pobail; Seirbhísí Óige; Grúpaí Deonacha agus Grúpaí Cónaitheoirí agus pobal leathan an Bhaile) chun an Baile a fheabhsú níos mó.

Bhí rath mór ar an Ionad Acmhainní Teaghlaigh Three Drives, ceann de na "Comhpháirtithe Ceannasacha" ar an bhFoireann Fhorfheidhmithe i 2016 nuair a bhain siad an Gradam "Mórtas Áite" de chuid Irish Public Bodies um Eastát na Three Drives. Baineadh amach an gradam sin i gcomhpháirt leis an bpobal agus trí rannpháirtíocht agus líonrú láidir idirghníomhaireachta a fhorbairt go háitiúil. Agus iad ag labhairt dúirt na Moltóirí: "is scéal mór é seo faoi dhianseasmhacht, faoi nuáil agus faoi chomhar mór i gcaitheamh na mblianta".



Veronica Crowe (ETB) agus Imelda Farrell ó Ionad Acmhainní Teaghlaigh Three Drives

EARRAÍ TÉAGARTHA

I mí Aibreáin 2016 rinne Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann bailiúchán um dhramhearraí téagartha ó shealbhóirí tí i mBaile Thiobraid Árann. I gcomhpháirt le WEEE Ireland eagraíodh dhá bhailiúchán um earraí leictreacha i mí Aibreáin.



Pictiúr: ag bailiú Earraí Téagartha. Ó Chlé:- Noel Flavin agus James Glasheen, Comhairle Contae Thiobraid Árann.



DEALBH - IT'S A LONG WAY TO TIPPERARY

Le roinnt blianta anuas bhí Cumann Gnó Thiobraid Árann (TIRD), Fóram Lár Baile Thiobraid Árann agus Coiste Stiúrtha na nGaibhlte ag smaoineamh faoi choincheap an tSaothair Ealaíne chun ceiliúradh a dhéanamh ar an amhrán cáiliúil “It’s a Long Way to Tipperary” agus chun gníomhú mar lárphointe le haghaidh cuairteoirí ar Bhaile Thiobraid Árann agus é ag léiriú ionad Thiobraid Árann i ndáil leis an gcuid eile den domhan.



Pictiúr den Dealbh atá suite ar an gcosán ag an mbealach isteach go Clós an Mhargaidh ón bPríomhshráid (idir an AIB agus Banc na hÉireann).

Táthar buíoch don Choimisiún um Forbairt Eacnamaíochta na gCeantar Tuaithe (CEDRA), don Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus do Chomhairle Contae Thiobraid Árann as an tionscadal a thabhairt ar an saol i 2016.

Ba í an t-ealaíontóir Ms. Lynn Kirkham as Barr na Rúide, an Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann ar bronnadh an coimisiún sin uirthi. Is é bonn an deartha ná Rós an Chompáis, siombail choitianta a aithnítear i ngach cultúr ar fud an domhain. Is siombail é d’fhad agus de thaisteal, de thuras fhada, de thaiscéalaíocht agus d’eachtraíocht agus creidtear go dtabharfaidh sé dea-ádh agus chosaint do thaistealaithe. Freisin is siombail é de shíneadh amach chun teachtaireacht a scaipeadh chuig gach cearn den domhan. Tá pointí an chompáis sáite amach timpeall ciorcail ar lár chun léiriú go mbíonn a lár ag gach treoir anseo anois agus san áit seo. Tá siad nasctha ag dhá bhanna ciorclach comhlárnach agus an scríbhinn ar an mbanna lasmuigh “It’s a Long Way to Tipperary”. Tá beanna an chompáis seach-churtha mar a bheadh i gCros Bhríde, siombail aitheanta na hÉireann. Tugann sé sin éifeacht fhíse bhíseach. I lár an deilbh tá poll trínar féidir breathnú ar ghnéithe áitiúla ó uillinneacha difriúla. Freisin léiríonn an spás sa lár go bhfuil Thiobraid Árann i gcroí nó i lár na hÉireann agus go deimhin i lár an domhain agus gur féidir le gach pointe teacht uaidh nó dul chuige. Freisin baineann an dealbh le clog agus déanfaidh sé clog scátha ar an talamh le solas na gréine. Léiríonn sé sin dul thart an ama agus fad tomhaiste mar am. Tá an dealbh curtha suas ar phársa nádúrtha d’aolchloch áitiúil atá mar shiombail ar an ngaol idir an ngné uirbeach agus thionsclaíoch agus an domhan nádúrtha agus an tuath a bhfuilimid ag brath orthu.

GNÉ EALAÍNE SNA HOIFIGÍ CATHRACH - “CRANN NA BEATHA”



Thug Comhairle Contae Thiobraid Árann coimisiún do shaothar ealaíne poiblí le haghaidh Oifigí Cheantar Bardásach Chaisil Thiobraid Árann i mBaile Thiobraid Árann. Ba í aidhm an choimisiúin sin ná tacú le héiteas Choinbhinsiún Síochána Thiobraid Árann.

Bronnadh an coimisiún ar an Uas. Joe Neeson, ealaíontóir atá bunaithe i gCorcaigh. Tá gné deartha aige ar siombail é a léiríonn smaoineamh na síochána. Is léiriú stílithe é ar “Chrann na Beatha”. Meastar gur siombail é “Crann na Beatha” ar eolas agus shíocháin. Tá faid d’fheadáin cruach dosmálta rollaithe i bhfoirm bhíseach agus gach feadán rollaithe go cuaire bheacht. Tá na feadáin ceangailte le chéile i gconair chiorclach chun an fhoirm a chruthú i dteannta a chéile. Anseo tá smaoineamh “Crann na Beatha” léirithe agus a chuid brainsí ag síneadh suas is a chuid fréamhacha ag síneadh síos.

Tá sé suite i bPlás na n-Oifigí Cathrach, Baile Thiobraid Árann. Maoiníodh an coimisiún tríd Scéim Per Cent for Art an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

PLÁS CHICEAM

Ba í aidhm an tionscadail seo ná Plás Lár Baile a chruthú agus feabhas a chur ar chuma an tsráid-dreacha trí bhealach tarraingteach, cairdiúil do choisithe a chruthú ón Ára chuig an bPríomhshráid.

Chuimsigh na hoibreacha Plás Cathrach a thógáil ag dealbh Shéarlais Chiceam agus córas tráchta aontreo a chruthú ó thuaidh go theas ar Shráid Chiceam.



Roimh an obair



Pictiúr i ndiaidh na hoibre

COMHCHOMHAIRLE POBAIL

I rith 2016 rith Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann próiseas comhchomhairle poiblí maidir leis na tionscadail seo a leanas:

An Cuarbhóthar Caiseal

Cuimseoidh oibreacha ar an tionscadal sin:

- Cosán do choisithe a thógáil ar an taobh thuaidh den Chuarbhóthar, Caiseal, i dteannta le Soilse Poiblí, draenáil, fálú agus tírdhreachadh.
- Tá sé beartaithe go mbeidh an cosán 2m ar leithead agus clúdach tarmaic air. Beidh an cosán le taobh an bhóthair atá ann cheana agus é suite ar chlaifort os cionn leibhéal reatha an ghoirt.
- Tá sé beartaithe go gcoimeádfar teorainn reatha an taobh bóthair (áit a bhfuil sé ann fós) chun teorainn a dhéanamh idir an bóthar agus an cosán beartaithe, sárófar an teorainn sin ag ceann bhóthar Mhainistir na Croiche chun é a cheangal leis an gcosán ar thaobh Thiar bhóthar Mhainistir na Croiche ag dul siar go Caiseal.



Grianghraf An Cuarbhóthar roimh oibreacha

Athlonnú beartaithe Leabharlann Thiobraid Árann in Ionad Excel

Críochnaíodh oibreacha ag an Excel chun go bhféadfaí Leabharlann Thiobraid Árann a athlonnú in Ionad Excel. Cuimseoidh na hoiibreacha an téastar atá ann ag an mbealach isteach a leagan; méadú nua aonstóir a thógáil a chuimseoidh halla isteach, rampa rochtana agus céimeanna rochtana (67m²); foroinnt an spás urlár talún atá ann faoi láthair chun go dtógfar san áireamh athrú ar úsáid an siopa leabhar atá ann faoi láthair go leabharlann nua (140m²) ina mbeidh áit suíochán, forhalla agus áit fáiltithe nua.



The Excel, Sráid an Mhistéalaigh, Baile Thiobraid Árann.

Fodhlí ar Bhuscáil

Leis na Fodhlíthe seo déanfar rialú ar Léiritheoirí Sráide i gCeantar Bhaile Chaisil i.e. ní cheadófar do léiritheoir sráide léiriú ach in áit shonrach ar feadh dhá uair an chloig in aghaidh an lae ar a mhó. Tar éis sin beidh air/uirthi bogadh go háit eile nach mbeidh laistigh de 50 méadar ón áit ina raibh sé/sí roimhe sin.

LINN SNÁMHA THIOBRAID ÁRANN



Ritheann an Chomhairle Linn Snámha Cuimhneacháin Sean Treacy atá suite i mBaile Thiobraid Árann Bíonn an linn oscailte don phobal ó 10am go 9.45pm ón Luan go dtí an Aoine agus ó 10am go 6.45pm ar an Satharn agus an Domhnach. Cuirtear ceachtanna snámha ar fáil ann do dhaoine fásta agus ghrúpaí ar bhonn grúpa, ranganna duine le duine, agus ranganna beirte agus aon teagascóir amháin. Le blianta beaga anuas, i dteannta le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, thug lucht bainistíochta na linne faoi raon de bhearta um shábháil airgid i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Bliain ghnóthach ab ea 2016 agus cuairt tugtha ag 70,273 duine ar an linn.

Ar an Domhnach, an 28 Feabhra 2016 d'óstaigh an Linn Comórtas Snámha do Bhrairse Mumhan. Ghlac deich gclub páirt ann agus chuaigh os cionn dhá chéad is caoga snámhaí san iomaíocht.

Ar an Domhnach, an 8 Bealtaine, reáchtáil an club áitiúil na Tiger Sharks a gcomórtas cuiridh agus d'éirigh go han-mhaith leis, Comhghairdeas le gach duine a bhí rannpháirteach. Ghlac foirne as gach cearn de Mhumhan páirt san imeacht aon lae sin. Ghlac os cionn 350 snámhaí san iomlán páirt ann.

Bhí an linn gnóthach ar feadh an tsamhraidh go léir agus campaí samhraidh ag tabhairt cuairte ar an linn mar chuid dá gcuid gníomhaíochtaí. Tháinig Campa Samhraidh Chnoc an Ráiléigh; an Grúpa Críochnaithe Scoile; Campa Samhraidh The Three Drives; Campa Samhraidh an Chanónaigh Hayes ag snámh anseo gach seachtain i rith an tsamhraidh.

Cuirtear fáilte ó chroí roimh bheirt bhall foirne nua, Maurice Mulhair, agus Caoimhe O'Brien

BRAT NA HEORPA A ARDÚ I GCAISEAL

D'iarr Cathair Joensuu, an Fhionlainn ar gach cathair, baile agus ceantar bardasach san Eoraip brat na hEorpa a ardú os cionn gach halla baile nó é a thaispeáint ar bhealach ar bith ab fhéidir agus ansin pictiúr a roinnt ar láithreáin ghréasáin ar gcathrach agus ar na meáin shóisialta.

Ar an Déardaoin, an 28 Iúil 2016, bhí Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann mar chuid den Tionscnamh Eorpaigh a Nascadh lena Chéile i mBaile Chaisil.



Sa ghrianghraf tá an tUas. Vincent McGrath, Ms. Mairead Ryan, an Cathaoirleach Roger Kennedy agus an Comhairleoir Martin Browne.



Bliain ghnóthach ab ea 2016 agus cuairt tugtha ag 70,273 duine ar an linn.

SEOLADH WIFI SAOR IN AISCE I GCAISEAL

Tugadh coimisiún do Eile Communications Ltd. Bóthar Chathair Dúin lascaigh chun Wi-Fi saor in aisce a shuiteáil i Lár Baile Chaisil (ceantar an Phláis).

Bainfidh muintir Chaisil agus na gceantar mórthimpeall chomh maith leis na cuairteoirí iomaí a thugann cuairt ar an mBaile gach bliain an-leas as an tseirbhís sin atá saor in aisce. Níl aon amhras ach go gcuirfidh sé le feabhsú thairbhí an chuairoteora agus le hathbheochan Lár Baile Chaisil.



Ar Cúl (Ó Chlé do Deas): Aidan Finn, Innealtóir Ceantair, An Cmhrlr John Fahey Fine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Michael Fitzgerald, Sna Suíocháin Tosaigh (Ó chlé do Deas): Clare Curley, District Manager, Cllr. Mary Hanna Hourigan, Cathaoirleach Cllr. Roger Kennedy, Aiden Hynes, Chamber, M. McGivern, District Administrator, Elaine Moriarty, O.P.W.

CLEAMHNAS

Tá Baile Thiobraid Árann cleamhnaithe le Mautern san Ostair agus tugadh ranniocaíocht do Choiste Cleamhnais an Bhaile i 2016 a d'óstaigh cuairt ag Grúpa as Mautern ar Bhaile Thiobraid Árann.



DAOINE A CHUAIGH AR SCOR I GCEANTAR BARDASACH CHAISIL THIOBRAID ÁRANN 2016

- Mary O' Sullivan, Oifigeach Cléireachais.
- Michael Ryan, Tiománaí do Chomhairle Contae Thiobraid Árann.
- Mikey Morey, Oibrí Ginearálta

Slán le Mary



Ó Chlé: - Mary Graham, Mary O' Sullivan, Marie McGivern.



Ó Chlé: - An Cmhrlr Una O' Sullivan, Sandra O' Halloran, Martina Ferncombe, Mary Comerford, Mary Lynch, Adeline Walsh, Alice Roche, Catherine O' Connor, Mary O' Sullivan, Mary Corcoran, Mairead Moloney, Cathriona Crowe and Mairead Ryan.



CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA



Toghadh an Comhairleoir
Andy Moloney mar
Mhéara agus toghadh an
Comhairleoir Catherine
Carey mar Leas-
Mhéara don Cheantar le
haghaidh 2016/2017



FÁILTIÚ CATHRACH

Thug Ceantar Buirge Chluain Meala Fáiltiú Cathrach do Chlub Camógaíochta Chathair Dúin Iascaigh ar an¹⁰ Meitheamh 2016, mar aitheantas dá mbua i gCraobh Idirmhéanach Chlub Camógaíochta Uile-Éireann.

Tugadh ómós don Chlub Peile Clonmel Commercials ag Fáiltiú Cathrach a reáchtáladh ar an 6th Bealtaine 2016 mar aitheantas dá mbua i gCraobh Clubanna Peile Sinsearach Mumhan agus n-áit i gComórtas Clubanna Peile Sinsearach Uile-Éireann.



SAOIRSE CHLUAIN MEALA

Bronnadh Saoirse Chluain Meala ar an Ollamh Micheál Ó Súilleabháin ar an Aoine, an 22 Eanáir, 2016 ag searmanas i Halla an Bhaile, Cluain Meala.

Rugadh Micheál i gCluain Meala i 1950 agus d'fhás sé anuas ar Shráid an Mhisteálaigh. I measc daoine a fuair Saoirse Chluain Meala roimhe sin tá Charles Steward Parnell (1855), William Gladstone (1886), agus an tUachtarán Eamonn DeValera (1960).



Ag labhairt faoin ngradam, dúirt an tOllamh Ó Súilleabháin:
“Dom féin, is é Cluain Meala mo Chéad Áit. Is í an tSiúir mo Chéad Abhainn. Is iad na Sléibhte an Chomaraigh a shíneann síos i dtreo an bhaile mo chéad Shléibhte. Agus is iad “guailí grianmhara” Shliabh na mBan, ar féidir iad a fheiceáil ón mbaile, mo chéad Ghairm Filíochta...”

TACAÍOCHT DO PHOBAIL

Leanadh ar aghaidh ag glacadh ról mór sa saol sóisialta agus cultúrtha ar leibhéal áitiúil trí thacaíocht do raon leathan grúpaí agus imeachtaí a raibh ina measc;

- Féile an Junction
- Féile Chluain Meala
- Paráidí Lá Fhéile Pádraig
- Banna Chluain Meala
- Siúlóid Zombie Oíche Shamhna
- Santa Dash na Nollag

Tugadh tacaíocht do phobail áitiúla freisin trí fheidhmiú Deontais Phobail, Scéim Deontais Áiseanna, Deontais Bailte Slachtmhara, Deontais Reilige agus Scéim Péinteála agus Feabhsúcháin Chathair Dúin lascaigh. Tugtar sonraí níos deireanaí sa tuarascáil ar na tacáí éagsúla a chuirtear ar fáil.

Ba iad na seacht gcoiste Bailte Slachtmhara sa Cheantar a chuaigh san iomaíocht sa Chomórtas Náisiúnta i 2016 ná Cluain Meala, Cathair Dúin lascaigh, Páirc an Mharla, Ard Fhionáin, Cill Síoláin, An Ghráinseach agus an Caisleán Nua; bhain siad go léir amach marcanna níos airde agus bronnadh gradaim éagsúla ar fud an Cheantair. I Mí na Nollag d'óstaigh Méara agus Comhaltaí an Cheantair Bhuirge oíche cheiliúrtha mar chomóradh ar agus aitheantas dá dtiomantas chun a gcuid pobal.



PARÁID LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Chun imeachtaí 1916 a chomóradh ba é téama Pharáid Lá Fhéile Pádraig i mbliana ná "Paráid Chomórtha Céad Bliain Chluain Meala". Ba é Derek Williams, Cathaoirleach Chlub Peile Clonmel Commercials a bhí chun tosaigh ag an bParáid. I gCathair Dúin lascaigh tharraing paráid bhríomhar agus dhathach na sluaite móra mar thacaíocht do na flótaí pobail iomaí a bhí ar taispeáint.



STRAITÉIS UM PÁIRCEÁIL CARRANNA



Críochnaíodh na hoibreacha feabhsúcháin ar Charrchlós Shráid Mhuire; rinneadh oibreacha um athdhromchlú bóthair, cuireadh cosáin nua ar fáil, agus cuireadh comharthaí leictreonacha bóthair agus córas bacainne i bhfeidhm. Aontaíodh ar na bearta sin mar chuid den straitéis páirceála 2013-2020 le haghaidh Chluain Meala.



CUID 8 - FORBAIRT BONNEAGAIR

BEALACH GORM NA SIÚIRE

Is é atá i mBealach Gorm na Siúire ná conair gníomhaíochta caithimh aimsire bunaithe ar uisce a rinneadh a fhorbairt le húsáid ag díograiseoirí gníomhaíochtaí uisce gan charr. Cuirtear raon gníomhaíochtaí ar fáil ar an mBealach Gorm, ar an uisce (e.g. cadhcáil, céaslóireacht seasaimh, snorcláil etc) agus taobh leis an uisce (e.g. siúl, rothaíocht).

Dheonaigh Ceantar Buirge Chluain Meala Pleánáil faoi Chuid 8 ar an¹⁸ Bealtaine 2016 le haghaidh:

- Bealach Cora um Chadhcanna agus Chanúnna & Cúrsa Slalóim ag Cora Lady Blessington, Cluain Meala
- Céimeanna Isteach do Chadhcanna/ Chanúnna i Sandybanks, Gort an Mharla
- Céimeanna Isteach do Chadhcanna i gCill Sioláin
- Bealach Isteach chun na hAbhann do Chadhcanna/Chanúnna in Ard Fhionáin



DROICHEAD AN CHLOCHAIR CHUIG CONAIR SIÚIL/ ROTHÁÍOCHTA PHÁIRC UÍ MHAOLCHATHAIGH

Is í aidhm an tionscadail ná feabhas a chur an dromchla sceimhiúil gan ghluasteáin ó Dhroichead an Chlochair go Páirc Uí Mhaolchathaigh agus cabhrú le cultúr rothaíochta agus siúil caithimh aimsire a chur chun cinn i gCluain Meala.

D'óstaigh an bealach seoladh an tSeachtain Náisiúnta Soghluaisteachta i mí Dheireadh Fómhair 2016.



MOL SPÓIRT CHLUAIN MEALA - BÓTHAR FRANK DROHAN

I mí Iúil 2016 ghlac na Comhaltaí Tofa le tuarascáil Chuid 8 i ndáil le forbairt Mhol Spóirt ar thailte ar Bhóthar Frank Drohan atá déanta suas de:

- Raon lúthchleasaíochta 400m agus áiteanna oiliúna páirce agus comórtais ag gabháil leis chomh maith le stráicí críochnaithe agus fáil teorann.
- Raon BMX agus ceantair chomórtais agus fáil teorann ag gabháil leis.
- Clós spraoi eachtraíochta
- Páirc Scátála
- Suíocháin sraithe / áiteanna féachana agus siúlóidí do choisithe / áiteanna tírdhreachta crua.
- Bealach siúil imill / conair reatha / rothaíochta.
- Foirgnimh pailiúin aon stóir ina bhfuil spás do stóráil rothar, áiseanna ceardlainne agus leithris.
- Túr dhá-stóir ina bhfuil spás stórála, áiteanna le haghaidh oifigeach agus córas Fógartha Poiblí.
- Tuilsoilse chuig an raon lúthchleasaíochta agus an raon BMX agus soilse poiblí chuig an gcarchlós agus na bealaí siúil ar fud an láithreáin.
- Tírdhreacha agus plandáil ar fud an láithreáin.
- Banna breise páirceála agus um páirceáil bus ag tús an láithreáin agus athruithe ar an leagan amach reatha.
- Bealach isteach d'fheithiclí ó Chúirt Chaisil.
- Teorannacha agus fálda/geataí laistigh den láithreán.
- Oibreacha teorann láithreáin ar na teorannacha Thuaidh, Theas agus Thiar.

Oibreacha draenála láithreáin lena n-áirítear draenáil uisce dromchla agus uisce bhréin agus ceangail le draenacha reatha.

ÁISEANNA POIBLÍ - CATHAIR DÚIN IASCAIGH

I mí an Mheithimh 2016 rinne na Comhaltaí Tofa breithniú ar thuarascáil Chuid 8 agus ghlac siad leis i dtaobh athfhorbairt na leithreas poiblí atá ann cheana féin ar Shráid an Chaisleáin, Cathair Dúin Iascaigh, Co. Thiobraid Árann. Is é atá i gceist leis an togra sin ná an foirgneamh leithreas poiblí atá ann faoi láthair a leagan agus foirgneamh nua aon-stóir 27sqm um leithris poiblí a thógáil agus é déanta suas de cheithre leithreas agus bealach isteach ar leithligh chucu, seomra seirbhíse agus oibreacha láithreáin gaolmhara.

COMÓRADH 1916

Mar chuid de chlár gníomhaíochtaí 2016 i chuir Comhairle Buirge Chluain Meala cistí ar fáil do ghrúpaí sa cheantar a chuir ar a gcumas imeachtaí nó tionscadail a eagrú mar chuid de chlár cuimhneacháin 1916 -

Club Ceoil Tíre Chluain Meala	€1000
Ealaíona 2CANDO	€950
Cumann Iarshaighdiúirí Náisiún Aontaithe na hÉireann	€1000
Coiste Cuimhneacháin 1916 Chathair Dúin Iascaigh	€1000
Scoil Teampall Toinne	€500



Cuirtear raon gníomhaíochtaí ar fáil ar an mBealach Gorm, ar an uisce (e.g. cadhcáil, céaslóireacht seasaimh, snorcláil etc) agus taobh leis an uisce (e.g. siúl, rothaíocht).

SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2016 d'aontaigh na comhaltaí ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach Chluain Meala. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €7,409,221 ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna agus cothabháil reiligi.

Seo a leanas sceideal de na príomhchláir a raibh tionchar acu ar Cheantar Bardasach Chluain Meala maidir le bóithre agus bonneagar i rith 2016:

- Oibreacha cóirithe dromchla i mBéal Átha Phóirín, Céadrach, Baile an Mhoirtéalaigh, Domhnach Mór, Cluain an Bhreatnaigh, Baile Uí Chléireacháin agus an Eaglais Nua.
- Oibreacha um neartú bóthair i gCoill an Charrúnaigh, Grangemore, Baile Mhic Adáim Thiar, Cnoc an Mharla, Cill Arda Mí Baile Uí Bhéacáin, etc.
- Rinneadh oibreacha um sholáthar cosán nua i mBéal Átha Phóirín agus sa Chloichín.
- Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail sa Ladhar Fhionn Béal Átha Póirín agus i Radharc an Chaisleáin, Ard Fhíonáin.
- Rinneadh oibreacha um Maolú Tuilte in Ard Fhíonáin.
- Rinneadh oibreacha athchóirithe ar Dhroichead Tar, an Caisleán Nua.
- Rinneadh oibreacha athdhromchlaithe bóthair ar an mbóthar go Swiss Cottage i gCathair Dúin Iascaigh.
- Oibreacha athdhromchlaithe carrchlóis i Sandybanks
- Críochnú na Scéime um Feabhsú Sráidbhailte i gCill Sioláin.
- Críochnaíodh Oibreacha Feabhsúcháin Céim I ar Oileán na Siúire agus an chuid thuaidh den láithreán forbartha mar charrchlós anois. Aithníodh an láithreán mar ionad deise i bPlean Forbartha Baile agus Purláin Chluain Meala 2013 agus cuirtear deis ar fáil leo feabhas a chur ar tharraingteacht agus feidhm tráchtála lár an bhaile.

TIONSCNAIMH LÁR BAILE CHATHAIR DÚIN IASCAIGH AGUS CHLUAIN MEALA

Mar chuid dá Thionscnamh Láir Baile, d'fhéach Ceantar Buirge Chluain Meala chuig feabhas a chur ar shráid-dreach Chluain Meala agus Chathair Dúin Iascaigh trí scéim feabhsúcháin agus péinteála a thug thacaíocht d'úinéirí chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú chomh maith le háiteanna poiblí trí phéinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta a dhéanamh ar éadain foirgnimh ghnó agus chónaithigh. Fuarthas 30 iarratas faoin scéim.



Fuarthas 30 iarratas faoin scéim.

SOILSE/IMEACHTAÍ NOLLAG

Thug Ceantar Buirge Chluain Meala tacaíocht do ghnóthais agus ghrúpaí pobail chun Soilse Nollag a chur ar fáil i mbailte sa Cheantar.

I gCluain Meala le haghaidh lasadh shoilse na Nollag tháinig na sluaite móra chuig Sráid Uí Chonaill chun féachaint ar Santa agus Mrs. Claus agus iad ag lasadh na soilse agus comhlúadar acu ar feadh an lae le ceoltóirí áitiúla, scoileanna agus ealaíontóirí éagsúla; cuireadh críoch leis an lá le léiriú ag na Pearly Whites. Ina theannta sin forbraíodh eolaí What's On chun fógraíocht a thabhairt do na himeachtaí agus na hócáidí éagsúla a bhí le hóstáil le linn thréimhse na Nollag.



DEONTAIS PHOBAIL

Iarratasóir	Faofa
Coiste Chlós Súgartha Ard Fhíonáin	€850
Comhairle Pobail na Cúirte Dóite	€1,000
Cumann Sóisialta & Staire Chathair Dúin lascaigh	€500
Ionad Tacaíochta Ailse CARE	€500
Comhdháil Dhroichead Chluain Meala	€500
Ionad Pobail Dúchoille	€300
Forbairt Pobail & Ionad Acmhainní Teaghlach Elm Park	€200
Dúshlán Sheehy FEI	€475.91
Cairde Teach Bridgewater	€1,000
Knockmealdown Active	€500
Ionad Pobail KPlan	€300
Comhairle Thréadach an Chloichín	€1,046
Seó Bláthanna & Glasra Sceichín an Rince	€300
Cumann Beachairí Thiobraid Árann	€300
Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas	€500
Grúpa Tacaíochta Uathachais Thiobraid Árann Theas	€1,000
Painéal Tomhaltóirí Thiobraid Árann Theas don Mheabhairshláinte	€500
Ionad Pobail Phóil, an Cloichín	€500
Club Peile Vee Rovers	€300
Club Rothar Sléibhe Chluain Meala	€500
Paróiste Bhaile Póirín	€500
Iomlán an Chistithe do Dheontais Phobail	€11571.91

DEONTAIS DO BHAILTE SLACHTMHARA

Iarratasóir	Faofa
Cumann Bailte Slachtmhara Ard Fhíonáin	€1,000
Comhairle Pobail Bhaile Póirín	€600
Cumann Bailte Slachtmhara Chathair Dúin lascaigh	€500
Cumann Bailte Slachtmhara an Chloichín	€800
Grúpa Sráidbhaile Slachtmhair na Gráinsí	€500
Cumann Bailte Slachtmhara Chill Sioláin	€2,500
Cumann Cónaitheoirí Lios Ruanach	€700
Sráidbhaile Pháirc an Mharla	€1,250
Cumann Bailte Slachtmhara New Inn	€700
Cumann Bailte Slachtmhara an Chaisleáin Nua	€1,500
Cumann Cónaitheoirí Bhaile Mhic Réamainn	€300
Cumann Cónaitheoirí The Wilderness	€1,000
Iomlán an Chistithe um Deontais do Bhailte Slachtmhara	€11,350

DEONTAIS REILIGE

Iarratasóir	Faofa
Coiste Reilige Ard Fhíonáin	€500
Baile Uí Bheacáin, Lady's Abbey & Tulaigh Mhaoláin	€1,270
Coiste Reilige Bhaile Uí Shíocháin	€410
Reilig an Teampaill Loiscthe	€380
Reilig Mhainistir Chathair Dúin lascaigh	€380
Coiste Reilig Nua Chathair Dúin lascaigh	€500
Coiste Seanreilig/Reilig Nua Bhaile Uí Chléireacháin	€500
Coiste Reilig Dheargrátha	€410
Coiste Reilig Dhún Eochaille	€480
Reilig Nua na Gráinsí	€500
Reilig Chill Airdrí	€410
Reilig Chill Chomáin Cathair Dúin lascaigh	€380
Reilig Chill Ó Luáin	€480
Coiste Reilig Chnoc Raffan	€410
Coiste Reilig na Cille	€380
Coiste Reilig Loch Ceann	€410
Coiste Cothabhála Reilig Loch Luachra	€380
Cothabháil ar Reilig Pháirc an Mharla	€380
Coiste Reilig Bhaile an Mhoirtéalaigh	€380
Ionad Adhlactha an tSéipéil Nua	€480
Coiste Reilig an Chaisleáin Nua	€1,290
Seansráid na hEaglaise Cathair Dúin lascaigh	€410
Seanreilig Chill Sioláin	€410
Coiste Reilig Uachtar Rátha	€410
Reiligí Ráth Rónáin/Dhomhnach Mór/Ghráinseach Eoin Baiste	€1,300
Reilig Bhaile an Róistigh	€380
Cothabháil ar Reilig Sheanraithin	€500
Teampall Mhuire, Sráid Mhuire, Cluain Meala	€380
Reilig Eaglais San Niocláis, Cluain Meala	€450
Teampall Phóil, Cathair Dúin lascaigh	€380
Coiste Cothabhála Reilig Theampall Toinne	€380
Coiste Reilig Theampall Eithne	€410
Teampall Thulaigh Mhaoláin, An Caisleán Nua	€380
Cothabháil ar Reilig an Teampaill Ghil	€410
Iomlán an Chistithe um Dheontais Reilige	€16,910



CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

CATHAOIRLEACH

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach an Aonaigh ar an 23 Meitheamh 2016. Toghadh an Comhairleoir John Hogan mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Michael O Meara mar Leaschathaoirleach.



Comhaltaí CB an Aonaigh ag an gCruinniú Bliantúil ar an 23 Meitheamh 2016

Fáiltithe Cathrach

On the 17th June 2016, the Nenagh Municipal District accorded a joint Civic Reception to the following:- Sinead Meagher on winning doubles gold medal and singles silver medal at the 2015 World Handball Championship; Nenagh AFC under 17 team on becoming FAI champions; Fr. Dan Woods for his work on the development of Kilcommon Prayer Garden; Keelan McGrath and Colm Slattery for their All-Ireland success in traditional music.

CUIMHNEACHÁN 1916 AR THOMÁS MAC DONNACHA

I rith 2016 cuireadh féilire imeachtaí i bhfeidhm i gCloch Shiurdáin ag Coiste Stiúrtha Chomóradh 2016 Thomáis Mhic Dhonnacha a éascaíodh ag Ceantar Bardasach an Aonaigh.

Ina measc seo, bhí:

- Soláthar dealbh cré-umha de Thomás Mac Donnacha a nochtadh ar an 2 Bealtaine ag Muriel McAuley, garíníon Thomáis Mhic Dhonnacha.
- Nochtadh plaice ag an seanteach scoile agus leagan fleisce ar uaigh Joseph & Mary Louise MacDonagh, tuismitheoirí Thomáis Mhic Dhonnacha ar Dhomhnach Cásca.



Dealbh Thomáis Mhic Dhonnacha ar an bPríomhshráid, Cloch Shiurdáin



Paul & Oscar Mc Auley, Mac Garpháiste & Mac Garpháiste den Dara Glúin de chuid Thomáis Mhic Dhonnacha ag uaigh tuismitheoirí Thomáis Mhic Dhonnacha i Grawn um Cháisc

- Fáil láithreáin chun Gairdín Cuimhneacháin a fhorbairt.
- Óstáil Fleadh Cheoil Thiobraid Árann 2016.

- Cruinniú Chomhairle Contae Thiobraid Árann i Márta 2016 agus iompú an fhóid don Ghairdín Cuimhneacháin.



An Cheolfhoireann In Tune for Life ag léiriú ag Ceolchoirm i gCloch Shiurdáin chun Fleadh Contae Thiobraid Árann a sheoladh



An Cmhlr Seamus Hanafin, Cathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann & An Cmhlr John Fahey Fine Gael 052-9156349(t)086-3573524 john.fahey@tipperarycoco.ie. Ger Darcy, Cathaoirleach, Nenagh Municipal District turning the sod on the Garden of Remembrance

- Léitheoireacht filíochta agus cur i láthair Cine Club.
- Óstáil Cluiche Ceannais Iománaíochta an Chontae Thuaidh.
- Críoch ráibe speisialta i gCloch Shiurdáin 19.16km ón rás Visit Nenagh Classic.
- Paráid scoileanna, clubanna agus eagraíochtaí áitiúla ag an am céanna le nochtadh an deilbh.

SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2016 d'aontaigh na baill ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bhardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €8,067,138 ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna agus cothabháil reiligi.

Seo a leanas cuid de na príomhthionscadail a raibh tionchar acu ar Cheantar Bhardasach an Aonaigh maidir le Bóithre agus bonneagar i rith 2016:

- Críochnú obair forleagain ar 39.6km de chosán bóthair
- Críochnú obair athchóirithe dromchla ar 25.4km de chosán bóthair
- Bonneagar leanúnach líonra gáis, uisce agus séaraigh i mbaile an Aonaigh
- Críochnú tionscadal um feabhsú sráide ar Lána Glebe san Aonach agus ar Bhóthar na Gráinsí, Béal an Átha
- Feabhsúcháin ar bhonneagar cosán an Cheantair sna háiteanna seo: An tAonach, An Port Nua, Béal an Átha, Rearcross, sa Tuar, sa Phort Rua agus i gCloch Shiurdáin.

I dteannta leis an méid thuas, caitheadh €1.341m san iomlán ar bhóithre agus dhroichid a raibh dochar déanta dóibh ag stoirmeacha a chuimsigh leithdháileadh breise de €61,000 i mBealtaine 2016.

Lig an maoiniú speisialta don Cheantar déileáil le fadhbanna fadseasmhacha le tuitte sna háiteanna seo a leanas:

- Cluain Béala, An Port Nua
- Conthairt Thoir, An tAonach
- Baile Uí Artaile, Baile Uí Chomáin
- An Mhóin Fhinn, an tAonach
- Baile Thomáis, Ard Cróine
- Baile Philip, An tAonach
- An Baile Gallda, Béal an Átha

Freisin lig sé don Cheantar staidéir ar mhaolú tuitte a dhéanamh i mBéal an Átha agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath san Aonach.



BRAT BÁN IONAD FÓILLÍOCHTA AN AONAIGH

Bronnadh an Brat Bán ar Ionad Fóillíochta an Aonaigh ar caighdeán náisiúnta é le haghaidh Ionad Fóillíochta agus Chlubanna Fóillíochta Ostáin. Cuimsíonn sé Sábháilteacht, Sláinteachas, Plé le Custaiméirí agus Critéir Acmhainní Daonna. Bhain Ionad Fóillíochta an Aonaigh amach na pointí ab airde sa Chatagóir Cré-umha agus freisin bhain sé Brat Bán sa Chatagóir Airgid um Inrochtaineacht. Aithníodh leis an ngradam sin an tiomantas chun saoráidí ionaid fhóillíochta a chur ar fáil don oiread daoine agus is féidir sa phobal.



Glacann Tom Mackey, Bainisteoir Ionad Fóillíochta an Aonaigh le Gradam an Bhrat Bán

AG OBAIR LEIS AN BPOBAL

I rith 2016 d'oibrigh Ceantar Bhardasach an Aonaigh as lámh a chéile leis an bpobal ar fud an Cheantair ar go leor bealaí. Chuimsigh sé sin cistiú a chur ar fáil trí dheontais agus ranníocaíochtaí, idirchaidreamh le grúpaí agus comhlachais deonacha, soláthar comhairle agus tacaíochta agus cabhrú le himeachtaí éagsúla.

Rinneadh na ranníocaíochtaí seo a leanas a leithdháileadh ar eagraíochtaí agus grúpaí cónaitheora áitiúla:

- Eagraíochtaí Áitiúla - €30,000
- Cumainn Chónaitheora - €15,000
- Scéim Deontas Speisialta do Chlubanna Spóirt & Ghrúpaí Deonacha - €5,000.

I measc na n-imeachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh bhí:

- Paráidí Lá Fhéile Pádraig



Paráidí Lá Fhéile Pádraig an Aonaigh ar an 17 Márta

- Spleodar
- Castle Fest an Aonaigh
- Visit Nenagh Classic



Críoch Visit Nenagh Classic ar Shráid an Phiarsaigh, an tAonach

OÍCHE DÁMHACHTAINÍ CHEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

Ar an 25 Samhain 2016, reáchtáil Ceantar Bardasach an Aonaigh Oíche bhliantúil Dámhachtainí. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht, agus aitheantas tugtha don obair chrua a bhí ar siúl ag grúpaí pobail ar fud an cheantair faoi roinnt catagóirí.

I dteannta leis na dámhachtainí do ghrúpaí pobail ar an oíche bronnadh dámhachtainí speisialta freisin ar Cillian Dunne agus Aaron Delaney



Bronnadh ar Cillian Dunne mar aitheantas dá éacht agus dhá bhonn airgid agus aon bhonn cré-umha amháin bainte aige ag na Cluichí Sóisearacha Domhanda Cathaoir Rothaí agus Téascach i 2016



Bronnadh ar Aaron Delaney mar aitheantas dá éacht agus é mar an gCuradh Náisiúnta Rince na hÉireann ina aoisghrúpa i mBealtaine 2016

Bhuaigh Tír Dhá Ghlas an gradam don Sráidbhaile is Feistiúla in Éirinn i gComórtas na mBailte is Feistiúla in Éirinn

ÁR MBAILTE & SRÁIDBHAILTE A FHEABHSÚ

Thug Ceantar Bardasach an Aonaigh cabhair d'úinéirí réadmhaoine i bPríomhcheantar Miondiola bhaile Bhuiríos Uí Chatháin chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú trí chúnamh deontais a éascú i dtreo éadain siopa a phéinteáil.

Cuireadh Scéim Boscaí Fuinneoige i bhfeidhm i mBaile an Aonaigh chun feabhas a chur ar an tsráid-dreach agus ar an áit phoiblí trí thacú le húnéirí aonad réadmhaoine agus áiteanna poiblí leis an scéim seo. Cuireadh suas 97 mbosca fuinneoige, rinneadh iad a uisciú agus a chothabháil ag Ceantar Bardasach an Aonaigh.

Tugadh cistiú breise i bhfoirm deontas do na cúig ionad sa Cheantar a bhain amach na marcanna ab airde i gComórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Leis an gcistiú sin bhí coistí deonacha ina ann oibreacha feabhsaithe breise a dhéanamh sna háiteanna seo a leanas: Trí Dhá Ghlas, Cill Bharráin, Béal Átha Gabhann agus Cnocán an Éinn Fhinn.



Bord Eolais curtha suas ag Grúpa Bailte Slachtmhara Chill Bharráin le maoiniú ó Cheantar Bardasach an Aonaigh

Tugadh cúnaimh deontais do na háiteanna seo a leanas chun cabhrú lena gcuid iarrachtaí a gcuid ceantar a fheabhsú: Baile na hInse, Carraig an Chomhraic, An Port Rua agus an Tuar chun cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí feabhas a chur ar a gceantair.

Arís eile d'éirigh thar barr le Ceantar Bardasach an Aonaigh i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus teideal an tSráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn bainte ag Cnocán an Éin, teideal a bhí acu roimhe sin i 2006, 2007 agus 2008.

Bhuaigh Tír Dhá Ghlas an gradam don Sráidbhaile is Feistiúla in Éirinn i gComórtas na mBailte is Feistiúla in Éirinn, agus choimeád siad a stádas boinn óir i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Choimeád Béal Átha Gabhann agus an tAonach a gcuid bonn airgid agus cré-umha faoi seach.



Ionadaithe ar Choiste Bailte Slachtmhara Thír Dhá Ghlas

COMHARTHA SHIÚLÓID ABHANN

I 2015, i dteannta le Ceantar Bardasach an Aonaigh, chuaigh an Coiste Bailte Slachtmhara i gcomhairle le Cairde Éanlaith Éireann agus lascaigh Intíre chun eolas a fháil faoi na cineálacha éin agus éisc a d'fhéadfaí a fheiceáil ar Shiúlóid Abhann an Aonaigh. Tar éis dó an t-eolas sin a fháil thug Ceantar Bardasach an Aonaigh coimisiún d'ealaíontóir chun comharthaí a dheardh le haird a tharraingt ar an bhflúirse fiadhúlra ar Shiúlóid na hAbhann.

Ba é an toradh a bhí air sin ná comhartha léirmhíneithe iontach a cuireadh suas ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath i 2016, gar do bhealach isteach go Siúlóid Abhann an Aonaigh. Freisin bhí sé ceaptha cóipeanna eile den íomhá a dhéanamh agus iad a scaipeadh chuig na Bunscoileanna sa bhaile chun go bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh oideachais agus spéis na bpáistí san fhiadhúlra a spreagadh.



Comhartha Shiúlóid Abhann an Aonaigh

PÁIRC BAILE AN PHOIRT NUA

I rith 2016 fuarthas maoiniú trí Staidéar Cúlchríche Luimnigh chun Páirc Baile agus Clós Súgartha mar chuid de a chur ar fáil sa Phort Nua. Tar éis measúnú á dhéanamh ar na láithreáin atá ar fáil, d'éirigh leis an gComhairle láithreán a fháil i Mulkear View, An Port Nua, a úsáidfeadh i bpáirt um forbairt Pháirc an Bhaile agus le haghaidh tithíochta i bpáirt chomh maith.

STEIRÍM

I rith 2016 fuarthas 21.5 heicteár (53 hacra) de thalamh forbartha seirbhísithe i Steirím, an tAonach.

Déanfaidh na tailte soláthar do chomhdhlúthú an Chéad Ionad Taighde agus Forbartha Sonraí agus do mhéadú air sa todhchaí. Freisin beidh spás iontu um aon forbairtí ghnó/teicneolaíochta gaolmhara.

Tá sé ar intinn ag an gComhairle Máistir-Phlean a cheapadh um forbairt na dtailte. Cuirfeadh san áireamh sa phlean úsáid le haghaidh Tithíochta, Gnó, Teicneolaíochta agus Caithimh Aimsire.

Freisin d'aontaigh an Chomhairle, i bprionsabal, 10 n-acra de na tailte a dhíol le Club CLG Éire Óg a ligfidh don chlub áiseanna súgartha breise a chur ar fáil gar dá cheanncheathrú i bPáirc Mhic Dhonncha.



COMHCHOMHAIRLE POBAIL

During 2016 Nenagh Municipal District carried out a public consultation process on the proposed development of a walled garden to include the provision of seating, landscaping, gateway and window opening to the grounds of Nenagh Castle, known as Gill's Garden.

Freisin tugadh faoi chomhchomhairle phoiblí maidir le Fodhlíthe Íoc & Taispeáin do Charrchlóis 2016 ar ghlac na comhaltaí leo i mí Aibreáin 2016.



Tá Baile an Aonaigh cleamhnaithe le Tonnerre san Fhrainc.

TÓGÁIL I GCÚRAM

Tógadh na heastáit seo a leanas i gcúram i gCeantar Bardasach an Aonaigh i rith 2016:

- Tonn Toinne, Sliabh Ara, Béal an Átha
- Eastát Fhaiche an Aonaigh, Buiríos Uí Chatháin
- Gleann Ara, An Baile Nua
- Corr an Fhóid, Garraí Uí Chinnéide
- Bóthar isteach go Crosaire na Mílaoise & áit pháirceála, Cluain Uí Bhriain, An Port Rua
- Rath Doire, Rathcabbin
- Springfort Meadows, an tAonach
- Ivy Grove, Béal an Átha
- Na Féanna, Béal an Átha
- Radharc na Sionainne, Béal an Átha
- Cuid den Sráidbhaile Mara, Béal an Átha

CLEAMHNAS

Tá Baile an Aonaigh cleamhnaithe le Tonnerre san Fhrainc. Íocadh €3,000 leis an gCoiste Cleamhnais i 2016.

Tá tograí á bhforbairt freisin um chleamhnú Bhéal an Átha/Chill Dá Lua le háit san Fhrainc. Le haghaidh an chuspóra sin thug ionadaithe ó Cheantar Bardasach an Aonaigh agus ó Cheantar Bardasach Chill Dá Lua cuairt i mí na Nollag 2016 ar Basse Goulaine atá suite sa Loire Valley in aice le Nantes.

Bhuail an toscaireacht le Coiste Cleamhnaithe Basse Goulaine. Is í aidhm an tionscnaimh chleamhnaithe ná malairtí Turasóireachta, Oidhreachta agus Scoile a chur chun cinn idir na bailte. Táthar ag súil go dtabharfaidh an coiste cleamhnaithe ó Basse Goulaine cuairt ar Bhéal an Átha/Chill Dá Lua i 2017.



Cruinniú ag ionadaithe ó CB an Aonaigh agus CB Chill Dá Lua le Comité de Jumelage de Basse Goulaine



Cuairt ar mhargaí na Nollag i Nantes



CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS



TOGHADH CATHAOIRLIGH AGUS LEASCHATHAOIRLIGH

Toghadh an Comhairleoir Joe Bourke ina Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Micheál Lowry ina Leaschathaoirleach ar Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a reáchtáladh ar an 22ú. Meitheamh, 2016.



GRADAIM CHATHRACH

Reáchtáladh 7 bhFáiltiú Cathrach in Óstán an Templemore Arms ar an 24ú lá. November, 2016 for the following recipients:

- Ciarán Byrne tar éis dó Craobh na hÉireann a bhaint san aithriseoireacht i Scór na nÓg 2015.
- Noel Joyce tar éis dó Craobh na hÉireann a bhaint san aithriseoireacht i Scór Sinsear i 2015.
- Ainmíodh Grainne Dwyer mar Imreoir na Bliana i 2014 agus mar Dhuine Spóirt na Bliana i nDurlas i 2014.
- Áine Ryan ag a gcéad sheó idirnáisiúnta i San Francisco lena dráma «Kitty in the Lane»
- Greg Broderick tar éis dó an corn a bhaint i Seólímneach an Aga Khan Cupin ag Seó Capall Bhaile Átha Cliath
- Michael Doyle tar éis dó dhá Chraobh na hÉireann a bhaint sa Dornálaíocht
- Nicole Drought tar éis di a bheith ainmnithe mar Thiománaí Mótarspóirt na Bliana in Éirinn.

Reáchtáladh dámhachtainí freisin do na trí Bhunscoil a tháinig sa chéad áit, sa dara háit agus sa tríú háit sa cheantar i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara i 2016.



TACAÍOCHT DO PHOBAIL

Deontais/Ranniocaíochtaí

Tugadh tacaíocht airgeadais do phobail áitiúil tríd an Scéim Deontas Ginearálta a fheidhmiú agus deonaíodh ranniocaíochtaí ar luach €47,650.00 do:

- 41 Cumainn Chónaitheora le haghaidh oibreacha feabhsúcháin mar thoir, cur crann, cur suas ainmpláta eastáit, feabhsú ar áit ghlas agus trealamh um bearradh féir a cheannach & a chothabháil.
- 40 Comhlachtaí Spóirt chun áiseanna spraoi a sholáthar do dhaoine óga agus rannpháirtíocht ban a chur chun cinn.
- 25 Ghrúpa Deonach rannpháirteach i ngníomhaíochtaí uathúla.

Freisin dámhadh deontais do:

- 20 Baile Slachtmhar ar luach iomlán €37,300.00
- 50 Coiste Reilige de mhéid iomlán €35,000.00

Tugadh ranniocaíochtaí airgeadais do Choistí Pharáid Lá Fhéile Pádraig i dtreo chostais reatha na bParáidí do Lá Fhéile Pádraig a reáchtáladh sna bailte An Teampall Mór agus Durlas.

Parkrun, An Teampall Mór

Thug Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas €1,500.00 i dtreo an chostais as an tionscnamh Parkrun a bhunú i bPáirc Bhaile an Teampaill Mhóir arb é an chéad tionscnamh den chineál sin i dTiobraid Árann.



Thug Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas 7 bhFáiltiú i rith 2016.

TACÚ LENÁR GCUID GNÓTHAS INÁR MBAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Soilse na Nollag

D'fhaomh Comhaltaí Cheantar Bardasach an Teampall Mhóir-Dhurlas leithdháileadh €15,000.00 ón Leithdháileadh Cathrach Ginearálta chun cabhrú le soláthar Shoilse Nollag sna bailte agus sráidbhailte sa Cheantar:

Ros Cré	€9,000
Buiríos Ó Luigheach	€1,000
An Baile Beag	€1,000
An Mhaighean	€1,000
Cluain Mór	€1,000
Mainistir na Croiche	€500
Cluain Uí Chionaoith	€500
Teampall Tuaithe	€500
Gort na hUamha	€500

Tugann an Chomhairle Contae faoi Shoilse Nollag sna bailte Durlas agus an Teampall Mór.



Measadh go raibh baile Dhurlas “Níos glaine ná noirm na hEorpa” agus tháinig sé sa 5ú áit i rangú 40 baile agus cathrach i Léig 2016 IBAL in aghaidh an Bhruscair.

Tionscnamh Péinteála Lár an Bhaile

D'oibrigh Ceantar Bardasach an Teampall Mhóir-Dhurlas Tionscnamh Péinteála Lár an Bhaile inar díriodh ar fhoirgnimh a raibh drochbhail orthu agus a bhí ag éirí dearóil i bpríomhcheantair mhiondiola sna bailte Ros Cré, an Teampall Mór agus Durlas.

Gnó na hÉireann i gcoinne an Bhruscair

Measadh go raibh baile Dhurlas “Níos glaine ná noirm na hEorpa” agus tháinig sé sa 5ú áit i rangú 40 baile agus cathrach i Léig 2016 IBAL in aghaidh an Bhruscair. Bunaíodh foireann thiomnaithe d'fhostaithe Comhairle roinnt bliana ó sin agus cuireadh plean oibre i bhfeidhm chun déanamh cinnte go nglantar gach áit phoiblí de réir caighdeáin aird.



SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

The Members adopted the Schedule of Municipal District Works for the Templemore-Thurles Municipal District on 23rd. March, 2016.

Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €8,851,807.00 a chlúdaigh cothabháil bóithre, cothabháil tithe, glanadh sráide, cothabháil concláistí, oibreacha draenála agus cothabháil reiligí. Chuimsigh an caiteachas leithdháileadh speisialta de €1,050,000 a fuarthas ón Roinn le bóthair a raibh dochar déanta dóibh a dheisiú agus le tabhairt faoi fheabhsúcháin ar dhraenáil i 35 ionad éagsúil mar thoradh ar an tréimhse fhad báistí i mí na Nollag 2015/Eanáir 2016.

Seo a leanas achoimre ar thionscadail eile a rinneadh faoin Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bardasacha:

- Tá an Ceantar freagrach as gnáthdheisiú agus gnáthchothabháil 1,170 teach údaráis áitiúil ar fud an Cheantair. Tugadh faoi ghnáthdheisiúcháin um chothabháil tí ar 765 teach ar chostas €616,617.00. Rinneadh deisiúcháin roimh ligean ar cíos ar 37 dteach ar chostas €402,290.00, agus d'aisioc an Roinn a fhorhmór faoi Chlár na dTithe Foilmhe.
- Feabhsaíodh 20 bóthar faoin gClár Cothabhála Athchóirithe ar chostas €532,814.00.
- Rinneadh uasghrádú ar 24 bhóthar faoin gClár Cothabhála Athchóirithe ar chostas €1,793,910.00.
- Tugadh faoi Oibreacha Athchóirithe Droichid ar Dhroichead Áth Cal ar chostas €15,000.00.
- Rinneadh feabhsúcháin ar chosáin i 5 áit ar chostas €83,500.00.
- Athdhromchlú bóthair i gCill Fhionáin, Durlas a maoiníodh ó Thobhaigh Forbartha Bóthair.
- Oibreacha um chothabháil dhraenáil abhann ar an Clodiagh, Black, Cromogue, Droichead na Fearn/Baile na hAbha agus i Ros Cré/ An Teampall Mór ar chostas €48,973.00.
- Tugadh Oibreacha Feabhsúcháin Sráidbhaile chun críche i mBaile Uí Chathail, The Rag agus Gort na hUamha mar thoradh ar chinneadh ag na Comhaltaí €75,000.00 a leithdháileadh ón Leithdháileadh Ginearálta Bardasach.
- Tugadh clár crannliachta chun críche sa Cheantar.
- Cuireadh dromchla nua wetpour ar fáil i gClós Súgartha Pháirc na Leacht Geal ar chostas €29,134.00.



TIONSCADAIL CHAIPITIL

Páirc Baile Dhurlas

The official opening of Thurles Town Park took place on 27th. April, 2016 where a large attendance gathered to participate in the Opening. Tá an-tóir ar an bPáirc mar gheall ar a hionad straitéiseach i Lár an Bhaile agus taobh le hIonad Ealaíon The Source agus Ionad Fóillíochta Dhurlas.



Críochnaíodh athchóiriú agus méadú ar na hOifigí ar Ascaill an Chaisleáin, Durlas.

Conack Construction Ltd. Limerick were successful in securing the contract to extend and refurbish the Offices within an 18 month timeframe and work commenced on site on the 17th. August, 2015. Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal ná atheagrú ar an bhfoirgneamh liostaithe reatha chun svúiteanna d'oifigí ceallacha agus plean oscailte a chur ar fáil chomh maith le méadú comhaimseartha nua ina bhfuil áit fháiltithe phoiblí agus Seomra Ceantair agus cóiríocht d'fhoireann na leabharlainne i bhfoirgneamh aon urláir na leabharlainne ina bhfuil cartlann leabharlainne aon urláir agus méadú ar áit stórála trealamh ar chúl. Tugadh oibreacha ar an bhfoirgneamh chun críche i mí na Nollag, 2016 roimh an am sceidealaithe.



Cearnóg na Saoirse Durlas

Cuireadh tús leis an bpróiseas Cuid 8 um athchóiriú Cearnóg na Saoirse agus forbairt carrchlóis amach ó Cearnóg na Saoire, Durlas i mí na Nollag 2016. Meastar go gcuirfeadh tús le forbairt carrchlóis amach ó Cearnóg na Saoirse i Ráithe 3 de 2017.

Páirc Baile, Gairdín Bláthanna Fiáine agus Tirdhrechtaithe an Teampaill Mhóir

D'éirigh leis an gCeantar deontas €40,000.00 a fháil i mí na Samhna, 2016 faoi Thionscnamh Tá oibreacha leagain déanta agus aontaíodh ar dhearadh le hionadaithe pobail áitiúil agus é measta go mbeidh sé críochnaithe ag tús 2017.

Scéim Feabhsúcháin Ros Cré & Plean Tráchtá & Iompair Ros Cré

Tá Comhairleoirí fostaithe ag an gComhairle chun Plean Tráchtá agus Iompair Ros Cré 2016 a ullmhú ina dtógfar san áireamh na tograí atá i Scéim Feabhsúcháin Ros Cré.

Forbairt an Charrchlóis i Reilig Phádraig, Durlas

Tugadh pleananna sonracha agus sonraíochtaí chun críche don phróiseas Chuid 8 i mbliana agus cuireadh pleananna ar taispeáint don phobal sa ráithe deireanach den bhliain.

69 The official opening of Thurles Town Park took place on 27th. Aibreán, 2016

COISTÍ A BUNAÍODH I 2016

- The Templemore Thurles Municipal District Community Safety Committee was established on 27th. July 2016 which affords the Members the opportunity to raise issues of a policing concern pertaining to their District with the Superintendent.
- Bunaíodh cúig cinn de Choistí Ceantair Draenála ar an 22 Meitheamh 2016 agus tá ionadaithe ar úinéirí talún i measc a gcuid comhaltaí.

TACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Tacaíonn Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas leis an Rannóg Tithíochta chun cúnamh riaracháin a thabhairt maidir le hiarratais ar thacaíocht tithíochta sóisialta, moltaí/leithdháiltí tithíochta agus íocaíochtaí Cúnamh Tithíochta do bhaile Dhurlas agus bhaile an Teampaill Mhóir. Cuirtear seirbhís athbheithnithe cíosa agus measúnaithe cíosa ar fáil freisin do bhaile Dhurlas.

FODHLÍTHE PÁIRCE BHAILE DHURLAS

Bye-Laws made under Section 199 of the Local Government Act 2001 for the use, operation, protection, regulation and management of Thurles Town Park came into operation on 1st. March, 2016.



ÉAGGRAIÓCHTA CÚRSAÍ

- SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
- ACMHAINNÍ DAONNA
- TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE (TF)
- LÁITHREÁN GRÉASÁIN
- SPÓIRT AGUS CÚRSAÍ SÓISIALTA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

AN GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh (CBC) déanta suas den Chathairleach agus de chúigear Cathairleach na gCoistí Beartais Straitéisigh agus tugann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht dó.

Cuimsíonn ról an GBC comhairle a chur ar an gComhairle Thofa agus cabhrú leo ó thaobh beartas a cheapadh, a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a athbhreithniú le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is ag an gComhairle Thofa a bhfuil údarás iomlán ó thaobh cinntí a dhéanamh, áfach.

D'fhéadfadh an GBC freisin moltaí a dhéanamh maidir le gnó a leithdháileadh idir na Coistí Beartais Straitéisigh agus maidir le comhordú ginearálta an ghnó sin.



Cruinniú Comhairle reáchtáilte i gCloch Shiurdáin chun Éirí Amach 1916 a chomóradh.

Reáchtáladh 11 chruinniú den GBC i rith 2016.

I measc na míreanna a ndearnadh a mheas ag a gcuid cruinnithe bhí:

- Bronnadh Fáiltithe Cathrach ag Ceantair Bhardasacha
 - › Ionad Tacaíochta Ailse Circle of Friends – Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann
 - › An Grúpa Bailte Slachtmhara – Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann
 - › Fr. Dan Woods, Kilcommon – Nenagh Municipal District
 - › Comhaltaí Comhaltais a bhain Craobh na hÉireann – Ceantar Bardasach an Aonaigh
 - › An Oíche Bhliantúil Dámhachtainí – Ceantar Bardasach an Teampall Mhóir-Dhurlas
- Aighneacht Chomhairleachta do Choimisiún na Teorann
- Rialachas Corparáideach
- Táscairí Feidhmíochta 2015
- Straitéis Bia Thiobraid Árann
- Seirbhís Foláirimh um Chumarsáid Chorparáideach
- Beartais na gCoistí Beartais Straitéisigh 2016
- Ceapadh comhaltaí chuig Coistí/Boird
 - › An Coiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe
 - › Daingniú ionadaithe earnála chuig CBSanna
 - › Coiste Comhordaithe Iompair Thiobraid Árann
 - › Ionad Ealaíon Réigiúnach Dhurlas
 - › Comhchoiste Póilíneachta Thiobraid Árann
- Prótacal um Ionadaíocht ag Ócáidí Oifigiúla
- An Dréachtphlean um Sholáthar Seirbhíse 2016
- Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Thiobraid Árann agus Measúnú ar Shainghné an Tírdhreacha i dTiobraid Árann
- Tuarascáil Bhliantúil 2016
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016
- Deontais faoi Acht na n-Ealaíon 2016
- An Próiseas Buiséadach 2017
- An Cháin Mhaoine Áitiúil - An fachtóir Choigeartaithe Áitiúil a Mheas
- Nuashonrú faoi Chleamhnas
- Cúnant Thiobraid Árann agus Plean Gníomhaíochta an Mhéara um Fuinneamh Inbhuanaithe 2016-2020

Cruinnithe an Choiste

An Grúpa Beartais Chorparáidigh	11
An Comhchoiste Póilíneachta	1
An CBS ar Fhorbairt Geilleagair agus Fiontraíochta	5
An CBS ar Thithíocht	5
An CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála	4
An CBS ar Bhóithre agus Iompar	1
An Coiste Uisce Tuaithe	3
C.F.P.Á	11
An Coiste Áitiúil don Lucht Taistil	1
An Coiste Iniúchta	4

Cruinnithe na Comhairle

	Go míosúil	Budget	Bliantúil
Comhairle Contae Thiobraid Árann	10	1	1

Ceantair Bhardasacha

Durlas/An Teampall Mór	10	1	1
Carraig na Siúire	10	1	1
Caiseal/Tiobraid Árann	10	1	1
Cluain Meala	10	1	1
An tAonach	10	1	1

Íocaíochtaí le Comhaltaí Chontae Thiobraid Árann

Speansais Chomhdhála na gComhairleoirí	€16456.69
Speansais Oilíúna na gComhairleoirí	€76,482.86
Liúntas íoctha le Cathaoirligh CBS	€29,322.45
Liúntas an Chathaoirligh	€29,667.42
Liúntas an Leasathaoirligh	€5,933.49
Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh	€35,715.91
Pá ionadaíochta Comhaltaí	€658,485.91

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO CHUSTAIMÉIRÍ



Oibríonn an Chomhairle samhail chomhtháite um thacaíocht do chustaiméirí i bhfoirm Dheasc Seirbhíse do Chustaiméirí. Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le gach rannóg ionas go dtuigtear go soiléir ról an DSC agus na Rannóige/an Cheantair Bhardasaigh. Tá an Chomhairle ag oibriú Córais Bhainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (BCC) chun teachtaireachtaí a chur ar aghaidh ó DSC chuig na Rannóga/Ceantair.

Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí- Fíoracha agus Figúir

I 2016 láimhseáil DSC (Cluain Meala agus an tAonach le chéile) tuairim is:

- 130,000 glao teileafóin
- 30,000 fiosrú ag an gcontar poiblí
- 10,000 ríomhphost
- 100,000 mír sa phost
- Cruthaíodh 13,160 CRM

Oiliúint

I dteannta le baill foirne Fáiltithe na 5 Ceantair Bhardasaigh tugadh tuilleadh ardoiliúna gairmiúla ar Sheirbhísí do Chustaiméirí do bhaill foirne an DSC i rith 2016. Freisin cuireadh oiliúint ar Sheirbhísí do Chustaiméirí ar bhaill foirne spriocdhírthe eile fud fad na heagraíochta mar chuid de phróiseas leanúnach chun féachaint chuig an gcaighdeán órga um fheabhas seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach i gComhairle Contae Thiobraid Árann.

Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí - 1^ú Urlár Oifigí Cathrach Chluain Meala

Is oifig phoiblí chomhtháite í sin um Cheantar Buirge Chluain Meala, Rannáin Phleanála agus Chomhshaoil, agus foireann inti ar bhonn uainchláir. Cuireann Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Saincheadúnas seirbhíse ar fáil ag an deasc sin chomh maith. Tá seomraí cruinnithe curtha ar fáil in aice léi, agus bíonn rochtain phoiblí ar fáil ar iPlan, comhaid iarratais phleanála agus acmhainní eile ar líne

Na Seirbhísí do Chustaiméirí is Fearr sa Tír ag CCTÁ

Bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann an dámhachtain catagóire um Sheirbhísí den Scoth do Chustaiméirí ag Dámhachtainí Rialtais Áitiúil Thiobraid Árann, a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath ar an 24 Samhain. Cuireadh CCTÁ ar ghearrliosta i dteannta le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Chathair Chorcaí, agus Comhairle Chathair agus Contae Luimnigh.



Leis na Dámhachtainí um Feabhas sa Rialtas Áitiúil taispeántar dea-chleachtas sa rialtas áitiúil agus aithnítear na scileanna, an obair chrua, an nuáil agus díograis sa rialtas áitiúil ar minic nach n-aithnítear iad. Bronntar na dámhachtainí ag painéal de mholtóirí saineolaí atá ag obair i réimse an rialtais áitiúil.

Rinneadh ionadaíocht ar an gComhairle ag na dámhachtainí ag ár gCathaoirleach an Cmhlr Siobhán Ambrose, Pat Slattery Patsy Brislane, Maoirseoir DSC agus Siobhán King DSC an Aonaigh.

Leis an Dámhachtain ó Chambers Ireland tugtar aitheantas suntasach do gach ceann de bhaill foirne tús líne an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí in Oifigí Cathrach Chluain Meala agus an Aonaigh as na caighdeán arda a bhfuil siad ag socrú agus an tseirbhís den scoth a bhfuil siad ag soláthar don phobal.

Chun go bhfeidhmeofaí seirbhísí do chustaiméirí de réir caighdeán chomh hard sin, is gá go dtabharfadh gach ball foirne comhairle tacaíocht do bhaill foirne seirbhíse do chustaiméirí agus iad ag soláthar eolais thráthúil ar nós déileáil le glaonna agus ríomhphost atreoraithe. Tá na baill foirne TF le moladh as na córais DSC a fhorbairt, chomh maith leis na Deasca Seirbhíse do Chustaiméirí eile i gCluain Meala, san Aonach agus san Ceantair Bhardasacha agus iad go léir ag soláthar seirbhíse ardchaighdeán do Mhuintir Thiobraid Árann.



An tAonach



Déantar soláthar ann d'aon uimhir ghutháin amháin le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann -

0761 06 5000

Cluain Meala



Bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann an dámhachtain catagóire um Sheirbhísí den Scoth do Chustaiméirí ag Dámhachtainí Rialtais Áitiúil Thiobraid Árann, a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath ar an 24 Samhain.

SAORÁIL FAISNÉISE

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise ar an 14 Deireadh Fómhair, 2014. Bronntar trí cheart fiorthábhachtach leis ar bhail den phobal a iarrann rochtain ar fhaisnéis atá ag ranna rialtais, údaráis áitiúla agus comhlachtaí ainmnithe eile. Is iad na cearta sin ná:

- An ceart chun rochtana ar thaifid éagsúla atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.
- An ceart go ndéanfaí eolas pearsanta atá ag na comhlachtaí sin fúthu féin a cheartú nó a thabhairt suas chun dáta áit is gá.
- An ceart fáthanna a fháil le cinní arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar acu orthu.

Ó tionscnaíodh i 1997 é tá leas bainte go forleathan ag baill den phobal as an Acht um Shaoráil Faisnéise chun rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 101 iarratas ar Shaoráil Faisnéise i 2016.

Sa tábla seo a leanas taispeántar líon na n-iarratas FOI a fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2016 chomh maith leis na cinní faoi na hiarratais sin:

Iompaithe ar aghaidh chuig 2016	1
Líon na n-iarratas FOI a fuarthas	101
Líon na n-iarratas ar Fhaisnéis Phearsanta	16
Líon na n-iarratas ar Fhaisnéis Neamhphearsanta	81
Measctha	4
Líon na n-iarratas a deonaíodh	61
Líon na n-iarratas a deonaíodh i bpáirt	12
Líon na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh	14
Iompaithe ar aghaidh chuig 2017	2
Tarraingthe siar/Láimhseáilte lasmuigh de FOI	13



Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 101 iarratas ar Shaoráil Faisnéise i 2016.



DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

I gcomhréir leis an Acht um Údarais Áitiúla (Deontais Ardoideachais), cuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann deontais ardoideachais ar fáil do mhic léinn incháilithe.

Glacann an Chomhairle le scéim deontas gach bliain in éineacht leis an Aire Oideachais agus Scileanna. Ó 2012/2013 tá próiseáil á déanamh ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn (SUSI) ar gach iarratas nua. Dá réir sin, ní dhéanann Comhairle Contae Thiobraid Árann próiseáil ar iarratais nua ar dheontais ardoideachais a thuilleadh, tá siad ag próiseáil iarratas le haghaidh mac léinn atá ag leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéar reatha ó bhí an bhliain acadúil 2011/2012 ann.

Méid Iomlán na n-iarratas Measúnaithe 2016/2017	1
Faofa agus íoctha	1



Ó 2012/2013 tá próiseáil á déanamh ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn (SUSI) ar gach iarratas nua.

FÁILTITHE CATHRACH

Is é atá i bhFáiltiú Cathrach ná an onóir is airde ar féidir leis an gComhairle a bhronnadh ar dhuine aonair, ghrúpa nó eagraíocht a bhfuil rath suntasach bainte amach acu i réimsí spóirt, cultúrtha, acadúla, eolaíochta, polaitíochta nó réimsí eile nach iad.

I RITH 2016, THUG COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN FÁILTÍÚ CATHRACH DÓIBH SIÚD A LEANAS:

Labhras O'Murchu - An 28 Eanáir 2016



Labhras Ó Murchú mar aitheantas dá ról i gComhaltas Ceoltóirí Éireann agus i gcur chun cinn Cheol agus Chultúr na hÉireann; Ba i mBrú Ború, Caiseal a raibh an fáiltiú sin ar siúl.

Michael Mouse Morris - 2 Meitheamh 2016



Michael Mouse Morris mar aitheantas dá n-éacht uathúil mar Thraenálaí Bhuaiteoirí Grand National Steeplechase na hÉireann agus Shasana i 2016; ba iad sin ná "Rogue Angel" agus "Rule the World"; Reáchtáladh an fáiltiú sin sa Tholseil, Fíodh Ard

ÓCÁIDÍ FÁILTE CATHRACH

Cumann Peile na hÉireann - 28 Iúil 2016



Kevin O'Malley - 21 Meán Fómhair 2016



Cónaidhm ICA Thiobraid Árann Theas - 2 Deireadh Fómhair 2016



Ar ócáid cothrom 75 bliana ó bhunú Chónaidhm ICA Thiobraid Árann Theas.

Ardaigh Brat na hEorpa um Shíocháin, Aontacht agus Shaoirse - Iúil 2016



ACMHAINNÍ DAONNA



Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann, ar comhairle aontaithe í, i measc na bhfostóirí is mó sa chontae agus 1,115 fostaí san iomlán acu (idir fostaithe coibhéise lánaimseartha agus coimeádta) ag deireadh 2016.

Pléann an Rannóg Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:

- Earcaíocht, Luach Saothair agus Coinníollacha Fostaíochta.
- Forbairt agus Cur i bhFeidhm Clár Oilíúna/Forbartha um Bhaill Foirne.
- Aoisliúntas (Teidlíochtaí Pinsin).
- Leas/Caidreamh Fostaithe
- Caidreamh Tionsclaíoch.
- Coimeád Taifead Foirne.
- An Córas CORE, ar córas ríomhairithe é um Acmhainní Daonna.
- An Córas um Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF).

PLEANÁIL & EARCÚ FÓRSA OIBRE

Tá sé de cheangal ar gach Údarás Áitiúil plean faofa don fhórsa oibre a bheith i bhfeidhm acu. Mar chuid de phróiseas cumaisc Thiobraid Árann, rinneadh cleachtadh fairsing um pleanáil fhórsa oibre i 2013 agus tá sé á chur i bhfeidhm ó sin. I rith 2016, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht earcaithe, i gcomhthéacs comórtas oscailte agus teoranta agus leis sin tugadh raon deiseanna d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe nua san Údarás seo.

CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le ceardchumann agus le hionadaithe fostaí chun caidrimh oibre chairdiúla agus coinníollacha oibre a bhaint amach chomh maith le cleachtais oibre sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúla.

OILIÚINT & FORBAIRT FOIRNE

I gcomhréir lenár mbeartas náisiúnta reatha agus le cuspoirí ár bPlean Chorporáidigh leanaimid ar aghaidh ag déanamh cinnte go mbíonn an deis ag bail foirne ar gach leibhéal den eagraíocht a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh agus an leibhéal cuí eolais agus scileanna a shealbhú chun gur féidir leo a bpost a dhéanamh. The Human Resources Section has a dedicated training team which is responsible for drafting and implementing a comprehensive training programme. Bíonn riachtanais oiliúna bunaithe ar na riachtanais arna n-aithint tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus i rith na bliana, tugadh tús áite d'Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, oiliúint a theastaíonn le haghaidh ról sonrach agus freisin oiliúint a bhaineann le bainistíocht athruithe. Freisin cuireadh tugadh cistiú le haghaidh chúrsaí 3ú leibhéal do roinnt ball foirne faoin Scéim Chúnaimh um Oideachas Foirne.

Chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú, cuireadh oiliúint ar fáil ar an láthair go príomha agus san Ionad Oilíúna Réigiúnach, Ros Cré agus úsáid á baint as idir oiliúnaithe inmheánacha agus seachtracha. Déantar comhghairdeas leis na fostaithe go léir a ghlac páirt sa chlár oiliúna i 2016.

AOISLIÚNTAS

Riarann an Rannóg Acmhainní Daonna an Scéim Aoisliúntais Údarás Áitiúil agus Scéim Bhainteach na gCéilí agus Leanaí agus Scéimeanna Pinsin Baintrí agus Dilleachta le haghaidh gach gráid. Comhlíonann lucht na Rannóige na feidhmeanna seo a leanas:

- Cnapshuimeanna scoir agus pinsin a ríomh chomh maith le haiscáil báis, cnapshuimeanna i dtaobh scor, sochair chaomhnaithe etc.
- Aistriú seirbhíse chuig agus ó chomhlachtaí eile Eanála Poiblí.
- Ráitis a ríomh maidir le seirbhísí agus meastacháin sochair.
- Clárú ball nua den scéim.

COMHIONANNAS

Is iad an dá phríomhbheartas ó thaobh comhionannais atá i bhfeidhm in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh ná:

- An Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus
- An Beartas um Bainistíocht Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá roinnt Daoine Teagmhála Ainmnithe ar fáil agus is é a ról ná cúnadh a thabhairt d'fhostaithe de réir mar a theastaíonn i gcomhréir leis na beartais i leith comhionannais. Tá an liosta de Dhaoine Teagmhála Ainmnithe ceangailte leis an Beartas i leith Dínite san Ionad Oibre ar Sharepoint.

AN CÓRAS UM BAINISTÍOCHT & FORBAIRT FEIDHMÍOCHTA (CBFF)

Leagtar béim an-mhór fós sa bheartas náisiúnta ar úsáid a bhaint as córais um bainistíocht & forbairt feidhmíochta san Údarás Áitiúil. Tar éis gur cruthaíodh stiúrtóireachtaí athbheithnithe i ndiaidh an chumaisc agus foirne nua dá bharr sin, cuirtear níos mó béime ar dhéanamh cinnte go mbíonn pleananna forbartha foirne agus pleananna forbartha pearsanta i bhfeidhm do gach ball foirne.

LEAS/CAIDREAMH FOSTAITHE

Bimid i gcónaí ag iarraidh timpeallacht oibre a chruthú a chabhraíonn le fórsa oibre sláintiúil agus forásach a chothú. I measc na dtionscnamh a glacadh tá iad seo a leanas:

- An Clár Tacaíochta Foirne a chuimsíonn Foireann Tacaíochta d'Fhostaithe.
- Rochtain ar Ghairmí Sláinte Ceirde.
- Lámhleabhar Fostaithe
- Lámhleabhar ar Aoisliúntais
- Pacáiste Eolais/Ionduchtaithe d'fhostaithe nua
- Dámhachtainí Fadseirbhíse
- Cúrsaí Réamhscoir
- Tionscadal um Filleadh ar Fhoghlaim

Éascaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann glacadh na socrúithe saoire éagsúla a Thacaíonn le Teaghlaigh a bhfuil ina measc Postroinnt, Saoire Tuismitheora agus Saoire Cúramóra.

I rith 2016 reáchtáladh clár chainteanna am lóin agus béim curtha ar fholláine.

AN CÓRAS AD CORE UM PHÁRÓLLA AGUS AOISLIÚNTAS

Tugadh isteach Córas nua AD um Phárolla agus Aoisliúntas (CORE) i 2010. Ba é a bhí i gceist leis sin ná 10 modúl a chur i bhfeidhm go náisiúnta idir 2010 agus 2013.

I 2016, tar éis gur aistríodh feidhm Párolla na Comhairle chuig an Lárionad Seirbhísí Roinnte Párolla – MyPay, chuir muid tús le hullmhú i gcomhair aistriú an Fheidhm Aoisliúntais go MyPay. Tá cuid mhór oibre i gceist leo; ní mór stair seirbhíse a chur le chéile do gach ball foirne, liúntas inphinsin a aithint, chomh maith le ragobair rialta, uainchláir etc. Meastar go mbogfar an fheidhm sin go MyPay ag deireadh 2017.

SCOIR

FOSTAITHE A CHUAIGH AR SCOR I 2016:

- | | |
|----------------------|-----------------------|
| • Michael Hayes | • Liam Coen |
| • Martin Bohan | • Patrick Bartley |
| • Patricia Buckley | • Michael Morey |
| • Michael Graham | • Martha Jones |
| • Patrick Power | • Joe Poyntz |
| • Patrick Bourke | • Mary O'Sullivan |
| • Christine McGee | • Ger Kennedy |
| • Michael Ryan | • Michael Coonan |
| • Paul Mulcahy | • P.J. Corrigan |
| • David Celino | • Joe Sherlock |
| • Patrick Barnaville | • Donnacha Commins |
| • PJ Lonergan | • Michael Lawrence |
| • Joseph Ducie | • Michael Maher |
| • Joseph Cleary | • Diarmuid O'Sullivan |
| • Liam Maunsell | • Marie O'Rourke |
| • Michael Haverty | • Tony Conway |
| • Michael Ryan | • Joe Sweeney |
| • John Kennedy | • Martin McGrath |
| • John Horrigan | • Patrick Hahessy |
| • Thomas O'Dwyer | • Seamus Coffey |
| • Thomas Mulcahy | • John Hoare |
| • PJ Kinehan | |

D'fhreastail na fostaithe sin, a bhfuil na blianta fada de sheirbhís eiseamláireach tugtha acu, go han-mhaith ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus ar a cuid custaiméirí. Guímid saol fada sona orthu go léir. Tá súil againn go gcoimeádfaidh siad i dteagmháil i gcónaí lena gcuid cairde agus comhghleacaithe.



Scor Michael Coonan



Scor Donnacha Commin



Scor Mary O'Sullivan



Scor Pat Power



Scor Patricia Buckley



Scor Michael Hayes

I dteannta leis na daoine thuas cuimhnímid go ceanúil ár bheirt chomhghleacaithe dár gcuid a fuair bás, faraor géar, agus iad i mbun seirbhíse i rith 2016 agus arís cuirimid comhbhrón ó chroí in iúl dá muintir.

- | | |
|------------------|-------------------|
| • John Maher | • Liam Ryan |
| • John Nolan | • Kathleen Wright |
| • Michael Lillis | |

Bás an Chomhairleora WILLIE KENNEDY



Ar an 7 Márta 2016, d'fhoghlaim lucht Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoi bhás roimh am ár gcarad agus comhghleacaí an Chomhairleoir Willie Kennedy. Bhí an Chomhairleoir Kennedy, as Glas Deargáin,

Buiríos Ó Luigheach, Durlas, ina chomhalta seirbhéala den Chomhairle Contae agus freisin bhí sé ina Leaschathaoirleach ar Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas, ina chomhalta den Choiste Beartais Straitéisigh na Comhairle um Bóithre, agus sheirbheáil sé mar chathaoirleach ar an gCoiste Gairmoideachais/an mBord Oideachais agus Oiliúna idir 2009 agus 2014.

Beidh tionchar buan ag obair an Chomhairleora Kennedy orthu siúd a bhí ag obair leis agus ar an gcontae a sheirbheáil sé mar gheall ar a chuid creideamh díoghbháilte agus a ghrá dílis don chontae a sheirbheáil sé ó toghadh chun na Comhairle Contae den chéad uair é i 1985.

Cuimhneofar ar Willie mar "chomhghleacaí dílis, cairdiúil a bhí geallta chun bheith ina ionadaí ar mhuintir Thiobraid Árann, duine d'fhir uaisle an tsaoil, cara maith agus comhairleoir a raibh ardmheas air, a thaitin le gach duine a chuir aithne air agus a raibh an-mheas ag gach duine a sheirbheáil leis air.

Ar dheis Dé go raibh a anam dílis

CÓRAIS FAISNÉISE

Bhain an fhoireann Córas Faisnéise amach an méid seo a leanas i 2016:

SAORÁNACH, COMHALTAÍ TOFA

Cuspóir: Ardán inrochtana cuimsitheach um sheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil don phobal, do chomhaltaí tofa agus baill foirne trí húsáid a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus an idirlíon. Seirbhís tacaíochta teicniúla a sholáthar do na Comhaltaí Tofa.

BAINTE AMACH

- Éascaíodh agus cabhraíodh le cur i bhfeidhm chainéal cumarsáide bunaithe ar léarscáil agus fholáirimh um aipeanna dar teideal Mapalserter
- Tacaíodh le agus éascaíodh na tionscadail www.exploretipperary.ie agus www.discoverloughderg.ie, www.tipperary.ie/com
- Feabhsaíodh agus rinneadh athnuachan ar láithreán gréasáin comhairle www.Tipperarycoco.ie chun Comhairlíúcháin Ar Líne agus comhtháthú léarscáile a chuimsiú.
- Baineadh úsáid fhairsing as an láithreán gréasáin agus na meáin sóisialta le haghaidh cumarsáide.
- Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chóras Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí ar fud na heagraíochta.
- Tugadh an Córas Fiosruithe GIS um Pleanáil, atá bunaithe ar an ngréasán, suas le dáta ionas go mbeadh an t-ardán níos éasca le húsáid.
- Éascaíodh na Comhaltaí Tofa chun go bhféadfaidís a gcuid táibléad agus fón cliste a úsáid chun rochtain a fháil ar a gcuid ríomhphost agus cáipéisí.
- Rinneadh feabhas ar an gcuid faoi Chomhaltaí Tofa ar www.councillink.ie chun go mbeadh sé níos éasca le húsáid.
- Feabhsaíodh WiFi Aíonna, Ball Foirne agus Comhaltaí san eagraíocht.

FOIREANN, BRANDA, SEIRBHÍS

Cuspóir: Na huirlisí, na córais, na réitigh agus an bonneagar a chur ar fáil chun cur ar chumas na mball foirne agus na rannóg gnó a gcuid cuspóirí gnó a chomhlíonadh. Leanúint ar aghaidh ag soláthar sheirbhís tacaíochta teicniúla sna réimsí Líonraí, Feidhmchláir, Idirlíon agus GIS.

BAINTE AMACH

Líonraí, Ionad Sonraí, Fóin agus Bonneagar

- Cuireadh ar fáil uasmhéid aga fónaimh agus feidhmíochta maidir le Líonraí/Córais ar fud gach oifige le haghaidh gach Úsáideora.
- Coimeádadh ár Líonra, ár gCórais agus ár Sonraí slán sábháilte.
- Rinneadh an t-uasghrádú ar bhonneagar an Lárionad Sonraí gan aon aga neamhfhóin suntasach. Tá gach seirbhís á rith ar an mbonneagar nua anois. Aistríodh 100 Freastalaí i rith an tionscadail.
- Leanadh ar aghaidh ag déanamh freastalaithe a dhíchoimisiúnú agus a chur as i Lárionad Sonraí Chluain Meala-níl ach dhá cheann fágtha.
- Éascaíodh bogadh ball foirne i go leor oifigí ar fud na heagraíochta (e.g. thart ar 100 bogadh sealadach in oifigí cathrach Chluain Meala).
- Éiríodh linn in iniúchadh ag comhairleoirí seachtracha neamhspleácha ar ár gcomhlíonadh ó thaobh úsáid bogearraí ceadúnaithe Microsoft.
- Éascaíodh bogadh bhaill foirne Leabharlainne go Ceanncheathrú nua na Leabharlainne i nDurlas. Rinneadh Córais Fóin na Leabharlainne a chomhtháthú sa Chomhairle Contae. Éascaíodh agus soláthraíodh nascacht ardluais idir CC Leabharlann Dhurlas agus an tAonach.
- Rinneadh idirchaidreamh leis na hAiltirí agus le Baill Foirne maidir le riachtanais TF d'oifig nua Cheantar Bardasach Dhurlas agus oifigí nua Charraig na Siúire.
- Tugadh chun críche cur i bhfeidhm an chóras um Réamhaisnéisí Tuilte, i gcomhar le hOifig na n-Oibreacha Poiblí.
- Tugadh chun críche an tionscadal CCTV um Oifigí Cathrach Chluain Meala agus Oifig Poist TF Chluain Meala.
- Cuireadh tús leis an timpeallacht néal-athshlánaithe don eagraíocht.
- Leanadh ar aghaidh ag bainistiú agus ag éascú slándála ar (Bainistíocht Fearas Soghluaiste) ar fhóin chliste agus tháibléid.
- Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an líonra gan sreang agus naisc bhreise curtha ar fáil don Mhúsaem agus d'Oifig Ceantair Bhardasaigh Chluain Meala agus Dhurlas.
- Cuireadh i bhfeidhm athruithe nua teicneolaíochta ar na Córais Fóin in oifig Thiobraid Árann, san Oifig Pleanála i gCluain Meala agus sa Source i nDurlas agus cuireadh i bhfeidhm folínte ceithre uimhreach áit ab fhéidir.
- Éascaíodh aistriú agus athruithe fóin ar bhonn leanúnach.
- Cuireadh i bhfeidhm réiteach um roinnt comhad mór don eagraíocht.
- Leanadh ar aghaidh ag uasghrádú ár ríomhairí deisce go Windows 7.
- Cuireadh tacaíocht theicniúil agus cothabháil ar fáil do na córais TF agus Líonra mar Ríomhphost, Seirbhísí Comhaid, Líonraí, Nascacht, Slándáil, Freastalaithe, Córais Oibriúcháin, córais Bhunachar sonraí, etc.



rFhorbairt/Gréasán

- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm ‘Córas Bainistíochta Fuinnimh’ chun caiteachas agus úsáid fuinnimh a rianú.
- Tacaíodh le agus éascaíodh na tionscadail www.exploretipperary.ie agus www.discoverloughderg.ie, www.tipperary.ie/com
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm féilire féilte agus imeachtaí “whatsonintipp.ie”
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm Córas um Chásanna Dlí.
- Forbraíodh córas um rianú tairiscintí Corparáideacha
- Bogadh clárúcháin na bhfearann do chuideachta dhifriúil, chun ullmhú i gcomhair imeacht an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ó oibríochtaí TF,
- Rinneadh go leor dár láithreáin sharepoint a chumasc agus rinneadh comhdhlúthú ar cheadúnais.
- Feabhsaíodh agus rinneadh athnuachan ar láithreán gréasáin comhairle www.Tipperarycoco.ie chun Comhairliúcháin Ar Líne, an scéim Foilseachán Samhlach agus comhtháthú léarscáile a chuimsiú.
- Rinneadh feabhas ar an gcuid faoi Chomhaltaí Tofa ar www.councilink.ie chun go mbeadh sé níos éasca le húsáid.
- Leanadh ar aghaidh ag forbairt an Chóras Bainistíochta Sábháilteachta.

Córais Faisnéise Geografaí (CFG)

- Cuireadh tús le hardán nua teicneolaíochta a chur i bhfeidhm dár gCóras Faisnéise Geografaí (CFG).
- Tugadh an Córas Fiosruithe GIS um Pleanáil, atá bunaithe ar an ngréasán, suas chun dáta chun go léireofaí aon chóras aontaithe amháin.
- Rinneadh nuashonrú ar shonraí CFG an Mhol Sonraí Contae le tacair sonraí nua.
- Cuireadh córas CFG i bhfeidhm chun próiseas comhchomhairle faoin luasteorainn Bóithre bunaithe ar an ngréasán a éascú.
- Cuireadh Seirbhísí Anailíse agus Tuairiscithe ar fáil don Rannán Pleanáil agus don Rannán Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta chun cabhrú le tuairisceáin náisiúnta a mharcáil agus leis an nGaeilge.
- Cruthaíodh córas geografach bunaithe ar an ngréasán chun tacú leis an scéim dreasachta gnó atá á rith ag Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta.
- Cuireadh feabhas ar chóras an chláir um leas i Maoin.
- Tugadh an t-uasghrádú ar an gcóras saotharlainne comhshaoil chun críche.
- Leanadh ar aghaidh le tacaíocht theicniúil agus le cothabháil ár gcuid córas faisnéise geografaí e.g. Fiosrú Pleanála, Digiteoirí Ar Líne etc.

**Iarratais**

- Cuireadh córas Monatóireachta Idirlín i bhfeidhm.
- Éascaíodh na Toghcháin (cártaí vótála, sleachta sonraí, fiosruithe, clár na dtoghthóirí etc.)
- Cuireadh uasghráduithe, paistí agus feabhsuithe i bhfeidhm ar na córais ghnó I-Plan, I-House, Impala, I Docs, CRM, etc.
- Dearadh, forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm leagan pólótach de mhodúl nua Deisiúcháin Tí, sa chóras CRM.
- Leanadh ar aghaidh ag bainistiú fón cliste agus póca chomh maith leis an bpróiseas billeála.
- Rinneadh bainistíocht ar thimpeallacht bhunachar sonraí na bhFreastalaithe SQL.
- Cuireadh tús le pleanáil do thionscadal Uasghrádaithe an CBA Agresso.
- Leanadh ar aghaidh le tacaíocht theicniúil agus le cothabháil ár gcuid córas gnó e.g. I-Plan, I-Docs, I-House, CRM, etc.

GACH FOIREANN

Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil do bhaill foirne ar fud na heagraíochta maidir le córais ghnó, láithreáin ghréasáin, líonra ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, fearais soghluaiste, fóin chliste agus córais TF.


Rinneadh taifead ar

4,807 glao

chuig an deasc chabhrach i 2016.



AN CLUB SPÓIRT & SÓISIALTA



AN TAONACH

Bhain ár gClub Sóisialta (An tAonach) an-taitneamh as ócáid na bliana 2016.

Lenár gcrannchur coicisiúil, ár gcuid tarraingtí Cásca agus Nollag, fuair ár gcuid ball duaiseanna ar luach €15,000 san iomlán agus cuireadh leo siúd le sacar faoi dhíon, Tóraíocht Taisce agus an seó ar éirigh go han-mhaith leis "Breaking Dad".

Ba í geamaireacht na Nollag, Beauty and the Beast, an ceann ba rathúla a bhí againn riamh, agus os cionn 260 ticéid ordaithe ag Baill. Mar a tharla sna bliana roimhe d'fhreastail go leor ar an aifreann (agus ar an mbéile) bliantúil i gcuimhne ball foirne agus comhaltaí nach maireann.

Bhí ticéid le haghaidh gach seó agus ócáide fóirdheonaithe le haghaidh gach baill, agus freisin muid páirt i gCóisir na bPáistí a bhíonn ar siúl gach bliain.

Freisin lean muid ar aghaidh ag feidhmiú ár 'gCiste Saoire' do na baill úd ar mian leo sábháil i gcomhair saoire thar lear, le haghaidh ócáide teaghlaigh speisialta nó díreach cistí a bheith acu le billí bliantúla a íoc.

Seo a leanas baill an choiste:

- Peter Cleary (Cathaoirleach)
- Rosemary Joyce (Cisteoir)
- Padraig Cantwell
- Brian Dunne,
- Olive Dwan,
- Nuala Freeman,
- Maureen Grace,
- Siobhan King
- Linda McSherry,
- Aven Melia,
- Mary Murphy,
- Miriam Ryan,
- Mary Stephens.

Go raibh maith agaibh lenár gcomhaltaí go léir, go háirithe iad siúd a ghlac páirt in imeachtaí. Tá buíochas speisialta ag dul dóibh siúd a d'eagair imeachtaí i rith na bliana.

Mar is amhlaidh i gcónaí chuirfeadh muid fáilte roimh chomhaltaí nua ar an gcoiste agus ba bhreá linn moltaí nua le haghaidh imeachtaí a fháil ónár gcuid comhaltaí.

CLUAIN MEALA

Lean an Club Spóirt agus Sóisialta ar aghaidh ag rith raon leathan imeachtaí agus turas i 2016.

Ina measc siúd bhí Siúlóidí Cnoic chuig Sléibhte an Chomaraigh agus Chnoc Mhaoldomhnaigh i Márta, Iúil agus Deireadh Fómhair. Siúlóid mhí Iúil agus BBQ ina diaidh sin in Abhainn na gCeithre Mhíle. Freisin ritheamar ár dturas bliantúil chuig geamaireacht na leanaí in UCHL ar fhreastail níos mó ná 200 duine air, turas siopadóireachta chuig Ionad Siopadóireachta Dhún Droma agus an 25 Drive Bliantúil ar fhreastail 30 ball air.



Ócáid nua dúinn i mbliana ab ea Turas Rothaíochta Ghlasbhealach Dhún Garbhán i mí Lúnasa. Thaitin an ócáid sin go mór le gach duine a d'fhreastail uirthi agus níl aon amhras ach go mbeidh sí ar siúl gach bliain.

Freisin d'urraigh muid Oíche ag Rásaí Chluain Meala arbh pacáiste iomlán é a chuimsigh cead isteach chuig na Rásaí, Cártaí Rásaí, Geall saor in aisce, BBQ & Ceol. Chuaigh os cionn 50 ball foirne ar an turas an-rathúil sin.

Más mian leat imeacht a eagrú nó bheith i do bhall den Chlub Spóirt & Sóisialta iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le ball ar bith den choiste mar seo a leanas:

- Marian Scully, Cathaoirleach
- Rosemary Purcell, Rúnaí
- John O'Mahoney, Cisteoir
- Mary O'Mahoney
- Fiona Crotty
- Jimmy Kelly
- Anne-Marie O'Flynn
- Mick McCarthy
- Tom Byrne
- John Fitzgerald
- Lisa Condon
- Aidan Walsh
- Geraldine Tobin
- Gerard Quigley

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcuid comhaltaí go léir as a dtacaíocht leanúnach. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh bhail agus eagraithe imeachta nua.

CÚRSÁI AIRGEADAIS

- AIRGEADAS
- MÓTARCHÁNACHAS
- AN RANNÓG
SAINCHEADÚNAIS

AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle, idir loncam agus Caipiteal. Tá sí freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle.

I measc an réimse leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Airgeadais tá:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid agus Bainistíocht Stáitchiste
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- An Córas Bainistíochta Airgeadais – Agresso a Riar agus a Chothonbháil
- Gach íocaíocht lena n-áirítear aisíocaíochtaí iasachta agus préimheanna árachais
- Aisíocaíocht deontais agus fóirdheontais rialtais
- Treoir faoi sholáthar do gach rannóg
- Taifid airgeadais a choimeád agus tuarascálacha agus tuairisceáin éagsúla a thabhairt
- Le linn a cuid oibre, bíonn idirchaidreamh rialta ag an Rannóg Airgeadais le gach rannóg san Údarás Áitiúil.

NA PRÍOMHRANNÁIN LAISTIGH DEN RANNÓG AIRGEADAIS:

Cuntasaíocht Airgeadais agus Bhainistíochta

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RABanna) a ullmhú chomh maith le tuairisceáin reachtúla eile, tuairisc a thabhairt do ghníomhaireachtaí seachtracha agus déileáil leis an bpróiseas Iniúcháireachta um Rialtas Áitiúil.

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná tuairiscí bainistíochta ráithiúla a ullmhú chun cabhrú le rialú buiséadach agus leis an bpróiseas cinnteoireachta i ngach stiúthóireacht.

Déantar próiseas bliantúil an Bhuiséid a láimhseáil sa rannán seo, i gcomhairle leis na rannáin seirbhíse go léir.

I measc roinnt gníomhaíochtaí eile a dhéantar sa rannóg seo tá bainistíocht ciste, imréiteach bainc, monatóireacht ar an gCuntas Caipitil agus déanamh cinnte go dtarraingítear aníos deontais.

Cuntais Iníochta

Deimhnítear gach sonrasc le haghaidh íocaíochta ag rannáin ábhartha na comhairle agus cuirtear chuig an Rannóg Airgeadais iad.

Cuimsíonn siad íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí arna gcur ar fáil don Chomhairle le haghaidh chuspóirí ioncaim agus caipitil araon. Ansin próiseálann an Rannóg Airgeadais na híocaíochtaí agus déanann siad iad. Déantar seiceálacha le haghaidh Dheimhnithe Imréitigh Cánach nó Deimhnithe Fochonraitheora de réir mar is cuí. Déantar Cáin Siarchoinneála a dhéaduchtú ag an ráta forordaithe ó íocaíochtaí i dtaobh "seirbhísí gairmiúla" agus íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1998, agus é mar cheangal ar údarás áitiúla ús a íoc i dtaobh íocaíochtaí nach ndéantar laistigh den tréimhse fhorordaithe.

Iniúcháireacht Inmheánach

Is é ról na hiniúcháireachta inmheánaí ná dearbhú neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil próisis bainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe idirmheánaigh na heagraíochta ag oibriú go héifeachtach.

Déanann Iniúcháireacht Inmheánach measúnú agus tuairiscí oibiachtúil ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha maidir lena ról in úsáid cheart, bharrainneach, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní.

I rith 2016, thug an rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí faoi roinnt iniúchtaí agus tugadh tuairisc don bhainistíocht agus don Choiste Iniúcháireachta faoi na fionnachtana agus na moltaí ó gach iniúchadh. Freisin thug Iniúcháireacht Inmheánach faoin iniúchtaí leantacha chun cur i bhfeidhm na moltaí ó iniúchtaí roimhe sin a mheas.



Soláthar

Ghlac an fhoireann bhainistíochta le Plean Soláthair Chorpáidigh Chomhairle Contae Thiobraid Árann 2016-2018 i Márta 2016 agus cuireadh i bhfeidhm é i ngach rannóg ina dhiaidh sin.

Sa Phlean Soláthair Chorpáidigh leagtar amach cuspóirí soláthair Chomhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh na tréimhse 2016 - 2018. Léirítear beartais agus tosaíochtaí náisiúnta agus áitiúla sna cuspóirí. Ullmháidh an plean i gcomhthéacs an chláir oibre náisiúnta um sholáthar a ullmhú agus cumasc deireanach deich n-údarás ar leithligh chun Comhairle Contae Thiobraid Árann a bhunú.

Is é cuspóir an phróiseas soláthair ná luach ar airgead a fháil, agus deis chóir um thairiscint a thabhairt do gach soláthraí féideartha. Seo a leanas na prionsabail ghinearálta a gcloítear leo i ngach gné de sholáthar: déileáil chomhionann, trédhearacht, aitheantas frithpháirteach agus comhréire.

Ioncam

Pléann an rannán seo go príomha le Rátaí Tráchtála, Cíosanna Tithíochta, Iasachtaí Tithíochta agus muirir eile a bhailiú i.e. bailiú agus fáil an airgid go léir atá dlite don Chomhairle.

Achoimre ar Mhórbhailiúcháin Ioncaim le haghaidh 2016										
A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Cineál féichiúnaí	Riaráistí isteach @ 1/1/2016	Fabhráithe - dochar na bliana reatha (OIL-mhéid)	Coigeartuithe ar Aonaid Réadmhaoine Fhoilmhe	Nithe Díscríofa	Tarscaoil-eadh	Iomlán um bailiú = (B+C-D-E-F)	Méid bailithe	Iarmhéid deiridh na riaráistí @ 31/12/2016 = (G-H)	Riaráistí sonracha amhrasacha*	% Bailithe = (H)/(G-J)
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Rátaí	8,639,032	30,795,848	4,946,062	399,366	-	34,089,452	26,395,322	7,694,130	1,411,859	81%
Cíosanna & Bli-anachtaí	639,242	13,494,783	-	24,278	-	14,109,747	13,747,114	362,633	-	97%
Iasachtaí Tithíochta	489,867	1,523,244	-	676	-	2,012,434	1,598,700	413,735	-	79%

*Riaráistí Amhrasacha Sonracha = (i) Iarratais ar aonaid fhoilmhe ar feitheamh/critéir nár comhlíonadh & (ii) Cuntais faoi scrúdaitheoireacht/ghlacadóireacht/leachtú agus gan chumarsáid ina leith

Tacaíocht AGRESSO

Déanann Foireann Tacaíochta Agresso cothabháil ar Chóras Airgeadais na comhairle, agus iad ag cabhrú le déanamh cinnte go rialaithe i gceart sócmhainní agus dliteanais go léir na heagraíochta.

Mótarcháin:

Is é príomhchúram na hOifige Mótarchánach ná iarratais ar mhótarchánachas a phróiseáil.

Déanann an Oifig próiseáil freisin ar na nithe seo a leanas:

- Iarratais ar Phlátaí Tráid
- Ceadúnais Leantóra
- Athruithe ar Úinéireacht (feithiclí roimh 1993)
- Aisíocaíochtaí Mótarchánachais
- Ceisteanna ginearálta faoi Mhótarcháin

NA PRÍOMHTHUARASCÁLACHA A DHÉANANN AN ROINN AIRGEADAIS:

An Buiséad Bliantúil

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad Ioncaim foriomlán i gcomhairle leis an mBainisteoir Contae agus ón bhFoireann Bhainistíochta.

Cuirtear an buiséad i láthair don Ghrúpa Beartais Chorpáidigh agus do na Comhaltaí Tofa le glacadh ag an gCruinniú Buiséid Bliantúil.

An Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB)

Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) a ullmhú faoi dheireadh mhí an Mhárta an bhliain dar gcionn agus é a fhoilsiú faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Déanann an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil iniúchadh neamhspleách ar na ráitis airgeadais sin.

Tugtar sonraí sa RAB faoi ioncam agus chaiteachas don bhliain dar gcionn agus caiteachais ioncaim is caiteachas caipitil araon san áireamh. Taispeántar sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na bliana.

Cuirtear an RAB i láthair comhaltaí ag Cruinniú Comhairle agus is é an t-Iniúchóir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh air.

Tuarascálacha Ráithiúla Bainistíochta

Sa tuarascáil bhainistíochta bhliantúil tugtar sonraí faoin ioncam agus faoin gcaiteachas le haghaidh na seirbhísí éagsúla a chuireann an chomhairle ar fáil, agus cuirtear i gcomparáid leis an mBuiséad é chun críocha rialú ceart agus leanúnach buiséid a chinntiú.

Tuairisciú Bliantúil Rannóige/IMF

Tugann gach Údarás Áitiúil tuairisc ráithiúil ar fheidhmíocht airgeadais don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá na tuarascálacha sin déanta suas de Thuarascáil Ráithiúil Ioncaim agus Caiteachais, Tuarascáil Iarmhéid Ginearálta Rialtais (IGR) a chuimsíonn go bunúsach Clár Comhardaithe giorraithe, tuarascáil Cuntais Chaipitil agus tuarascáil Féichiúnaíthe.

Ina theannta sin déantar tuarascálacha éagsúla le haghaidh shealbhóirí buiséid i gComhairle Contae Thiobraid Árann a bhaineann le gach gné de ghníomhaíochtaí na comhairle.

Cód Caiteachais Phoiblí

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí Éireannach déileáil go cúramach le cistí poiblí, agus déanamh cinnte go mbaintear an luach is fearr ar airgead agus is féidir agus airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

Is é atá sa Chód Caiteachais Phoiblí ná an tsraith rialacha agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gcloítear leis na caighdeáin ar fud sheirbhís poiblí na hÉireann.

Foilsíodh an Cód Caiteachais Phoiblí do Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) é ar an 31 Bealtaine 2016.



RÁITEAS AIRGEADAIS

Sa Chuntais Ioncaim, tugtar sonraí faoi airgead a fhaightear agus a chaitear gach lá ar mhíreanna laethúla mar phárolla, aisíocaíochtaí, ceannach ábhar agus cothabháil bóithre, tithíochta, láithreáin líonta talún, reiligi agus mar sin de.

Tá ceithre príomhfhoinsé ioncaim ag gach údarás áitiúil:

- Rátaí Tráchtála;
- soláthar Earraí agus Seirbhísí e.g. Pleanáil, Táillí, Cíosanna;
- an Cáin Mhaoine Áitiúil agus
- Deontais Eile e.g. Deontais Bhóthair.

Ar an taobh eile den scéal baineann Cuntas Caipitil, na Comhairle le gníomhaíochtaí na Comhairle ó thaobh sócmhainní a chruthú. Ina measc siúd tá tithíochtaí agus tógáil bóithre. Nuair a chríochnaítear scéimeanna den sórt sin, tugtar cuntas sa Chuntas Ioncaim i leith fáiltas agus caiteachais laethúil a thabhaítear agus iad á gcothabháil. Déantar an t-airgead a chaitheann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar thionscadail chaipitil a fhorchúiteamh trí mheán Dheontais Stáit. Uaireanta, tógann an Chomhairle airgead ar iasacht le haghaidh tionscadal den sórt sin. Cuirtear Fuascailtí Iasachtaí Tithíochta agus Ranníocaíochtaí Pleanála chun sochar an Chuntais Chaipitil freisin.

An Cuntas Ioncaim

	Caiteachas €	Ioncam €	Barrachas / (Easnamh) Foriomlán Iarbhir €
Tithíocht & Tógáil	28,070,701	28,632,423	561,722
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	41,662,802	27,754,003	(13,908,799)
Seirbhísí Uisce	13,177,943	12,973,549	(204,394)
Bainistíocht Forbartha	10,726,255	4,368,395	(6,357,860)
Seirbhísí Comhshaoil	18,819,473	3,734,589	(15,084,883)
Caitheamh Aimsire & Áiseanna	10,311,771	2,480,798	(7,830,974)
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine	1,498,436	864,553	(633,884)
Seirbhísí Ilghnéitheacha	12,312,751	6,519,556	(5,793,195)
Cáin Mhaoine Áitiúil / GPG		23,320,110	23,320,110
Tobhach Pinsin		1,672,120	1,672,120
Rátaí		30,795,846	30,795,846
	136,580,132	143,115,942	6,535,810
Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí			(6,530,866)
Barrachas don Bhliain			4,944
Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir 2016			5,542,326
Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig 2016			5,547,270

Cuntas Caipitil


Clár	Iarmhéid 2015 €	Caiteachas €	Ioncam €	Glanaistríthe €	Iarmhéid 2016 €
Tithíocht & Tógáil	(2,335,214)	15,780,439	15,559,124	141,151	(2,415,379)
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	6,097,247	7,753,533	4,235,491	5,679,886	8,259,091
Seirbhísí Uisce	5,825,699	3,585,806	3,147,685	(131,130)	5,256,447
Bainistíocht Forbartha	25,303,536	2,900,035	4,480,343	(3,258,191)	23,625,653
Seirbhísí Comhshaoil	9,290,423	1,862,570	1,713,800	488,134	9,629,787
Caitheamh Aimsire & Áiseanna	4,461,491	1,270,958	297,956	765,503	4,253,992
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine	45,105	-	-	-	45,105
Seirbhísí Ilghnéitheacha	31,069,310	5,158,658	201,967	1,620,118	27,732,737
Iomlán	79,757,596	38,311,999	29,636,365	5,305,473	76,387,435




MÓTARCHÁNACHAS



LÍON NA NDIOSCAÍ CÁNACH EISITHE



FÁLTAIS - OIFIGÍ CHLUAIN MEALA & AN AONAIGH



MÓTARCHÁNACHAS AR LÍNE

Tá úsáid an áis mótarachánach ar líne www.motortax.ie fós ag dul i méid go hincriminteach ar fud gach údaráis áitiúil agus leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur chun cinn na háise seo.

Ba é méid iomlán na nDioscaí Cánach a eisíodh go dtí an 31 Nollaig 2016 ná 206,776. Ó thaobh céatadán ba é méid na ndioscaí a eisíodh ar líne amhail an dáta sin ná 65.36% de sin.

Léiríodh céatadán de 61.01% don tréimhse choibhéseach i 2015.

Ina theannta sin, tá áiseanna ar fáil ag an gComhairle in Oifigí Ceantair Bhardasaigh Charraig na Siúire, Thiobraid Árann agus Dhurlas. Déantar freastal sna háiteanna sin ar dhaoine nach bhfuil cárta Léasair ná Dochair acu. Glactar le hiocaíochtaí trí hAirgead Tirim nó Ordú Poist/Airgid agus déanann ball foirne an ghné idirlín den idirbheart.

Rinne na trí Cheantar Bardasach 3,991 idirbheart san iomlán ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016.

